Comhairle Contae Laoise
Laois County Council

Tuarascáil Bhliantúil 2015
Annual Report 2015

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá	1
Ráiteas Misin	2
Comhaltaí Chomhairle Contae Laoise	3
Gnóthaí Corparáideacha, Pleanáil Chorparáideach, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	4
Tithíocht	11
An Pobal, Cúrsaí Sóisialta, Cultúr agus Oidhreacht	14
Iompar, an Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála	32
Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Pleanáil	49
Bainistíocht Airgeadais	56
Gníomhaíochtaí Eile	60
Aguisíní	61
Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn	67

COMHAITHEASC ÓN GCATHAOIRLEACH AGUS AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Is deas linn baint a bheith againn le cur i láthair Thuarascáil Bhliantúil 2015. Leanann Comhairle Contae Laoise lena ról a chomhlíonadh chun ionadaíocht a dhéanamh, ceannas a ghlacadh agus freastal a dhéanamh ar phobail áitiúla agus tá sí tiomanta d'oibriú i gcomhpháirtíocht le muintir Chontae Laoise laistigh de na hacmhainní airgeadais atá ar fáil.

Leanann an Chomhairle ag tacú le grúpaí pobail a chaitheann go leor ama le háit mhealltach a dhéanamh den chontae. B'ábhar spreagtha dúinn gur bhain Mainistir Laoise stádas bonn óir amach i gComórtas na mBailte Slachtmhara 2015 agus bhain Baile Cholla, Baile an Chaisleáin agus Port Laois stádas bonn airgid agus bhain Cluain na Slí stádas bonn cré-umha amach. Cuirtear buíochas in iúl dóibh siúd go léir a d'oibrigh chomh dian sin chun na dámhachtainí seo a bhaint amach agus chun feabhas a chur ar chuma fhisiciúil a gceantair áitiúil.

I gcaitheamh 2015, lean Comhairle Contae Laoise le forbairt gheilleagrach ár gContae a chur chun cinn.
Tá na gníomhartha faoinar tugadh chun tacú le forbairt gheilleagrach ar aon dul le cuspóirí Phlean Forbartha Contae 2011-2017. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le gnó i measc an gheilleagair áitiúil agus an gá chun tacaíocht leanúnach a sholáthar do ghnó agus d'fhiontraíocht. Thug an Chomhairle an Scéim Deontais Éadain Siopaí isteach mar thionscadal píolótach in 2015, lean sí ag tacú le hIonaid Fiontar Phort Laoise agus Chúil an tSúdaire agus cuireadh plean feabhsúcháin le haghaidh Pháirc Gnó Chluain Mhaighneáin chun cinn chomh maith. Bhí bliain an-táirgiúil ag Oifig Fiontar Áitiúil Laoise chomh maith tar éis gur faomhadh cúnamh deontais €251,825 agus é ina fhéidearthacht tríocha a trí post lánaimseartha a chruthú i gcaitheamh na bliana agus chun fiche post breise a chothabháil.

Lean an Chomhairle le tús áite a thabhairt do thurasóireacht agus d'fháilteachas a fhorbairt agus a chur chun cinn i gContae Laoise. Cruthaíonn an réimse féilte a bhíonn ar siúl sa Chontae eispéireas uathúil don chuairteoir. Mheall féilte ar nós "an Phicnic Leictreach" ("Electric Picnic") sa Sráidbhaile "Nocht sa Choill" ("Bare in the Woods") na mílte cuairteoir in 2015.

Tugadh faoi roinnt feabhsúcháin bhóithre i rith na bliana, ina measc timpealláin a thógáil ag ceithre acomhal i bPort Laoise. Méadóidh na hoibreacha seo an acmhainn tráchta, laghdóidh siad moilleanna agus soláthróidh siad timpeallacht níos sábháilte le haghaidh coisithe agus rothaithe i bPort Laoise. Chomh maith leis sin, críochnaíodh clár fairsing feabhsúcháin sráidbhaile le haghaidh Dharú in 2015 agus b'ábhar tábhachta é gur cuireadh tús le tógáil shíneadh Bhóthar Faoisimh Thuaidh Cheatharlach ag Crois Naíon.

Lena chois sin, cuireadh tús le hobair ar Leabharlann Chúil an tSúdaire in 2015. Freastalaíonn an leabharlann ar dhaonra méadaitheach Chúil an tSúdaire agus ar an gceantar máguaird. Cuirfidh sí saoráid ealaíne den chéad scoth ar fáil don phobal. Síníodh conarthaí chun seanáitreabh Shaws a éadáil ar an bPríomhshráid agus beidh an leabharlann nua i bPort Laoise lonnaithe anseo. Soláthraíonn an tseirbhís leabharlainne ról ríthábhachtach inár bpobal trí rochtain a éascú ar eolas, foghlaim ar feadh an tsaoil agus ar léitheoireacht fóillíochta. Cuirfidh an tsaoráid seo, anuas ar leabharlanna eile, nuair a bheidh sí críochnaithe, le saol laethúil na ndaoine a bhfreastalaímid orthu.

Tá todhchaí ghléineach i ndán do Chontae Laoise i ngeall ar na pobail bheoga atá ann agus ar an mbéim athnuaite atá á leagan ar fhorbairt gheilleagrach, fiontraíocht agus turasóireacht. Táimid ag tnúth leis na dúshláin atá amach romhainn agus cuirimid fáilte roimh dhaoine chun páirt a ghlacadh agus chun oibriú linn chun borradh sóisialta agus geilleagrach an Chontae a chur chun cinn.

Ní fhéadfaí na héachtaí a dtugtar cuntas orthu sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhaint amach mura tiomantas agus obair dhian na gComhaltaí Tofa, na foirne, na gcoistí agus na daoine aonair a oibríonn lenár nÚdarás Áitiúil chun forbairt Chontae Laoise a chur chun cinn

John Mulholland
Príomhfheidhmeananch

An Comh. Catherine Fitzgerald
Cathaoirleach

"Treoróidh an Chomhairle forbairt inbhuanaithe an Chontae ó thaobh cúrsaí geilleagracha, culúrtha agus pobail de agus soláthróidh sí seirbhísí poiblí ar ardchaighdeáin do na pobail a bhfreastalaímid orthu"

Sainordú

Is é Comhairle Contae Laoise an Príomh-Údarás atá Tofa go Daonlathach i gContae Laoise. Cuireann Comhairle Contae Laoise raon éagsúil fairsing seirbhísí ar fáil, nithe a théann i bhfeidhm ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagair, tionsclaíocha, turasóireachta agus cultúrtha sa chontae. Áirítear leis na seirbhísí sin cur ar fáil agus cothabháil a dhéanamh ar na nithe seo: tithe, bóithre, soláthairtí uisce agus scéimeanna séarachais (laistigh den Chomhaontú Seirbhíse faoi Uisce Éireann), seirbhísí pleanála agus forbartha geilleagraí, bainistíocht dramhaíola, cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, leabharlanna, forbairt cultúir agus pobail, caitheamh aimsire agus spórt san áireamh. Freastalaíonn fórsa saothair mór ar an gComhairle, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach agus fostaithe gairmiúla, teicniúla, dlí, riaracháin, airgeadais agus amuigh.

Ballraíocht na Comhairle

Cuimsíonn Comhairle Contae Laoise 19 gComhalta Thofa - seisear comhaltaí as Ceantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí-Mhóinteach Mílic agus na Gráige-Chúil an tSúdaire agus seachtar comhaltaí as Ceantar Bardasach Phort Laoise.

Comhaltaí Tofa leis an mBainisteoir Contae ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Chomhairle Contae Laoise i Meitheamh 2014

Cruinnithe na Comhairle

De ghnáth, cuireadh Cruinnithe na Comhairle in 2015 ar siúl ar an Luan deireanach de gach mí i Seomra na Comhairle in Áras an Chontae. Cuireadh ocht gcruinniú dhéag ar bun in 2015 agus níor cuireadh aon chruinniú ar siúl i mí Lúnasa..

An Grúpa Beartais Chorparáidigh (an GBC)

Is é aidhm an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh sainordú daonlathach agus ról déanta beartais na gcomhaltaí tofa a bhreisiú. Faigheann an Coiste Beartais Chorparáidigh tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach na Comhairle agus den cheathrar Cathaoirleach ar na Coistí Beartais Straitéisigh (CBSanna). Is é príomhfheidhm an GBC obair na CBSanna éagsúla a chomhordú agus fóram a chur ar fáil ina gcomhaontaítear cinntí beartais a théann i bhfeidhm ar an gComhairle iomlán lena gcur faoi bhráid na Comhairle iomláine lena cinneadh. Tháinig an GBC le chéile 11 uair in 2015.

Ceantair Bhardasacha

Seo a leanas sonraí maidir leis an líon Cruinnithe Ceantair Bhardasaigh a cuireadh ar bun le linn 2015:

Ceantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí-Mhóinteach Mílic - 10 gcruinniú
Ceantar Bardasach na Gráige-Chúil an tSúdaire - 12 chruinniú
Ceantar Bardasach Phort Laoise - 13 chruinniú

Rinneadh na Comhaltaí a leanas a thoghadh le Comhairle Contae Laoise ag na Toghcháin Áitiúla a bhí ar siúl an 23 Bealtaine 2014

COMHALTAÍ
CHEANTAR BARDASACH BHUIRÍOS MÓR OSRAÍ-MHÓINTEACH MÍLIC

Patrick Bracken (F.F.)

John King (F.G.)

Brendan Phelan (Neamhpháirtí)

David Goodwin (F.G.)

Seamus McDonald (F.F.)

James Kelly (Neamhpháirtí)

COMHALTAÍ
CHEANTAR BARDASACH PHORT LAOISE

Mary Sweeney (F.G.)

John Joe Fennelly (F.F.)

William Aird (F.G.)

Jeremiah Lodge (F.F.)

Catherine Fitzgerald (F.F.)

Caroline DwaneStanley (S.F.)

Noel Tuohy (Páirtí an Lucht Oibre)

COMHALTAÍ
CHEANTAR BARDASACH CHÚIL AN TSÚDAIRE-NA GRÁIGE

Tom Mulhall (F.G.)

John Robert Moran (F.G.)

Padraig Fleming (F.F.)

Ben Brennan (Neamhpháirtí)

Aidan Mullins (S.F.)

Paschal McEvoy (F.F.)

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Acmhainní Daonna: Carmel McNicholl

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Plean Corparáideach

Ghlac Comhaltaí den Chomhairle le Plean Corparáideach Chomhairle Contae Laoise 2014-2019 i mí na Nollag, 2014.

Cuireadh ar fáil sa Phlean Corparáideach an creat maidir le straitéis chomhtháiteach a chur chun feidhme le haghaidh fhorbairt an chontae don tréimhse ó 2014 go 2019 agus ullmhaíodh é tar éis dul i gcomhairle le fostaithe, le hionadaithe tofa, leis an bpobal, le páirtithe leasmhara deonacha agus comhshaoil, le geallsealbhóirí seachtracha agus le comhlachtaí poiblí eile atá ag oibriú ar leibhéal áitiúil.

Rinne na Comhaltaí Tofa breithniú ar nuashonrú ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh ag a gcruinniú a bhí ar siúl in Eanáir 2015.

Cairt Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí Chomhairle Contae Laoise an dóigh a ndéanann an Chomhairle dianiarracht déileáil lena custaiméirí. Tá an cháipéis ar taispeáint i ngach Oifig Comhairle phoiblí agus ar ár suíomh Gréasáin ag www.laois.ie. Áirítear leis an gCairt seo tiomantas do chomhionannas sa soláthar seirbhíse agus aitheantas do chineál éagsúil an phobail a bhfreastalaímid air. Áirítear leis an gCairt freisin Nós Imeachta maidir le Gearáin ó Chustaiméirí ar féidir le duine ar bith nach bhfuil sásta le caighdeán na seirbhíse a fuair sé/sí leas a bhaint as.

Buaicphointí

- An 5 Márta 2015 – Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Jamie Boyle agus Róisín Dunne, Buaiteoirí Uile-Éireann Mioneolaithe Intel 2015
- An 26 Márta 2015 – Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Chomóradh 25 bliain Fhéile Dhrámaíochta Mhóinteach Mílic
- An 9 Aibreán 2015 - Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Mary Doyle mar aitheantas ar a hÉachtaí Gailf
- An 11 Meitheamh 2015 - Fáiltiú an Chathaoirligh chun ceiliúradh a dhéanamh ar Chomóradh 100 bliain Bhua Chraobhchomórtas Iomaíochta Uile-Éireann 1915 ag Laois
- An 16 Meán Fómhair 2015 – Fáiliú an Chathaoirligh in onóir Michael O'Reilly, Cumann Dornálaíochta Phort Laoise, Buaiteoir an Bhoinn Óir Mheánmheáchain ag Craobhchomórtas Chluichí Oilimpeacha na hEorpa
- An 13 Samhain 2015 – Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Fhoireann Chamógaíochta Shinsearach Laoise, Buaiteoirí Theideal Phríomhshraith Shóisearach Camógaíochta Uile-Éireann 2015
- An 16 Meitheamh 2015 – Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Jimmy Hayes agus Cumannn Leadóige Mhaighean Rátha mar aitheantas dá n-éachtaí sa Leadóg Bhoird

Scéim na Gaeilge

Dheimhnigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Scéim Gaeilge Údaráis Áitiúla Laoise agus tháinig sí in éifeacht an 1 Nollaig 2009. Is féidir súil a chaitheamh ar an Scéim ar ár láithreán Gréasáin, ag www.laois.ie. Tá scéim nua á hullmhú.

Aithníonn Údaráis Áitiúla Laoise go bhfuil an ceart ag ár gcustaiméirí a roghnú go ndéanfaidh siad gnó linn sa teanga a roghnaíonn siad agus éascaítear iad ina ndéileálacha linn a mhéid is féidir, beag beann ar cé acu a roghnaíonn siad Gaeilge nó a roghnaíonn siad Béarla.

Ceann amháin de phríomhchuspóirí na Scéime Teanga sin ba ea a chinntiú go bhfuil caighdeáin níos airde seirbhísí poiblí ar fáil tríd an nGaeilge ós rud é

gurb í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus an chéad teanga oifigiúil sa tír.

Más mian leat dul i dteagmháil leis an gComhairle i nGaeilge, seol ríomhphost chuig gaeilge@laoiscoco.ie.

Deontais Ardoideachais

In 2015, faomhadh 89 iarratas athnuachana san iomlán le haghaidh cúnamh deontais.

Ba é €614,783 an méid iomlán a íocadh in 2015 i leith Deontais Ardoideachais.

Sláinte agus Sábháilteacht

Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta: Jim Bolger

Cuireadh feabhas breise ar ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) ach 'bonn fianaise' a chur ar bun i riocht taifid chigireachta sábháilteachta a d'eascair as cláir chigireachta sábháilteachta tras-stiúrthóireachta. Anuas air sin, cuireadh tús le clár iniúchóireachta sábháilteachta. Leanadh le hamhlaidh a dhéanamh inár Rannóg Seirbhísí Uisce, chomh maith, faoi chóras iniúchóireachta Uisce Éireann um Shláinte, Sábháilteacht, Cáilíocht agus Comhshaol.

Tugadh tús áite dár ndualgais a chomhlíonadh maidir le hoiliúint reachtúil sábháilteachta I measc na samplaí de seo, bhí ár gclár leantach oiliúna láimhsithe a thabhairt isteach agus oiliúint pas shábháilte a sholáthar, faoi mar ba chuí. Chinntigh earcaíocht leanúnach fostaithe leis an rannóg 'Mo Thuarastal' go raibh gá le hoiliúint leanúnach ionduchtúcháin sábháilteachta a sholáthar anuas ar chóhort na Tairsí, ar leagadh tasc breise orthu a bhain go sonrach le hoiliúint sábháilteachta.

Leanamar bheith chun tosaigh ar fhorbairtí reachtúla trí rochtain a fháil ar ár mbunachar sonraí dlíthiúla, atá ar fáil do gach fostaí a bhfuil rochtain inlín acu.

Ar deireadh thiar, rinneadh ár gclár ionaclaithe a chur i bhfeidhm agus rinneadh monatóireacht air, mar ba chuí.

Comhpháirtíocht

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Comhpháirtíochta san Ionad Oibre amhail an 31 Nollaig 2015.

Ainmnithe na Bainistíochta	Ainmnithe Ceardchumainn
Kieran Kehoe (Comhchathaoirleach)	Anne Marie Maher/ Tom O'Carroll (Comhchathaoirleach roinnte)
Michael Rainey	Tom Saunders
Bernie Foran	Bernie Kilbride
Michael O'Hora	Finbarr Dunphy
Geraldine Dunne	

Reáchtáil an Coiste Comhpháirtíochta 6 chruinniú le linn 2015.

Saoráil Faisnéise (SF)

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 an 14 Deireadh Fómhair 2014. Tugadh isteach leis athruithe suntasacha ar an gcóras Saoráil Faisnéise. Leis an Acht, aisghaireadh agus ionadaíodh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, agus méadaíodh raon na Saorála Faisnéise chuig roinnt comhlachtaí breise. Chomh maith leis sin, rinneadh comhdhlúthú, nuachóiriú agus nuashonrú ar an reachtaíocht i gcoitinne leis.

Iarratais a fuarthas/a próiseáladh in 2015

Iarratais ar láimh an 31/12/2014	0
Iarratais a fuarthas i rith 2015	66
Cinntí a rinneadh i rith 2015	59
Iarratais a aistarraingíodh	04
Iarratais a aistarraingíodh agus ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	0
Iarratais ar láimh an 31/12/2015	3

Cineál na Faisnéise a Lorgaíodh

Pearsanta (don iarratasóir)	10
Neamhphearsanta	52

Achomhairc

Ní dhearnadh aon achomhairc leis an gCoimisinéir Faisnéise in 2015.

Foinse na nIarratas

An Pobal i gCoitinne	28
Iriseoirí	23
Aturnaetha	9
Eile	2

Táscairí Feidhmíochta

Leagtar amach in Alt 126c den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014 feidhmeanna an Choimisiúin Náisiúnta Mhaoirseachta agus Iniúchóireachta don Rialtas Áitiúil (an NOAC), lena n-áirítear scrúdú ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil i gcoinne tríocha a cúig táscaire.

D'fhoilsigh an NOAC an tuarascáil maidir le 2014 i Nollaig 2015.

Áirítear feidhmíocht Chomhairle Contae Laoise i ngach limistéar in 2014 sa tuarascáil seo i ngach ceann de na míreanna ábhartha.

Clár na dToghthóirí

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí le haghaidh Chontae Laoise a chur le chéile. Tagann an clár in éifeacht an 15 Feabhra gach bliain. Le bheith incháilithe le haghaidh do chuir san áireamh i gClár na dToghthóirí, ní mór duit bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad ar an lá ar a dtagann an Clár in éifeacht agus ní mór gnáthchónaí a bheith ort i dToghcheantar an 1 Meán Fómhair roimh theacht in éifeacht an Chláir.

Clár na dToghthóirí 2016/2017

Dáilcheantar	Toghthóirí Uachtaráin	Toghthóirí Dála
Laois	57,075	57,861

Toghcheantar Pharlaimint na hEorpa	Toghthóirí Eorpacha	Toghthóirí Féideartha Eorpacha
An Lár Tíre-an tIarthuaisceart	58,583	600

Toghcheantair Áitiúla	Líon na dToghthóirí
Buiríos Mór Osraí-Móinteach Mílic	19,861
An Ghráig-Cúil an tSúdaire	19,672
Port Laoise	20,860
Iomlán	60,393

Vótálaithe Poist agus Speisialta	
Gardaí	2
Na Fórsaí Cosanta	210
Taidhleoirí	2
Daoine faoi Míchumas Fisiciúil	24
Áitíocht	3
Vótálaithe Speisialta	41

ACMHAINNÍ DAONNA

Staitisticí Earcaíochta

Bhí 472 duine, ar an iomlán, fostaithe ag Comhairle Contae Laoise amhail an 31 Nollaig 2015.

Chuir an lárionad nua náisiúnta seirbhísí comhroinnte údaráis áitiúil, Mo Thuarastal ('MyPay'), atá bunaithe in Áras an Chontae, tús le hoibriú i nDeireadh Fómhair 2013. Ón tráth sin i leith, tá próiseas earcaíochta ar bun agus líonadh roinnt post trí ath-imlonnú agus iomaíocht oscailte, ar fuarthas cead dó ó Phearsanra an Rialtais Áitiúil, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Léirítear seo sa mhéadú a tháinig ar na líonta daoine a bhí fostaithe ag Comhairle Contae Laoise don bhliain 2015.

I rith 2015, chuir Comhairle Contae Laoise 27 iomaíocht ar bun, ar baineadh na staitisticí a leanas ina dtaobh:

Iomlán na nlarratas a fuarthas		902
	Fir	Mná
Iarratasóirí	333	569
Iarratasóirí Rathúla	89	121

Ceapacháin Bhuana/Arduithe Céime Buana 2015

	Fir	Mná
Ceapacháin	17	25
Arduithe Céime	3	13

Ní áirítear leis na figiúirí seo poist a líonadh trí ath-imlonnú i gcomhréir leis na Comhaontuithe Earnála Poiblí nó iomaíochtaí a chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar bun.

Tionscnaimh um Chothromaíocht Oibre is Saoil

Lean Comhairle Contae Laoise le tionscnaimh um chothromaíocht oibre is saoil a chur chun feidhme do bhaill foirne le linn 2015. Amhail deireadh na bliana, bhí leas á bhaint ag 4 fhostaí as an Scéim Sos Gairme, bhí leas á bhaint ag 26 fostaí as an scéim comhroinnte poist/oibre, bhain 31 fostaí leas as an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí agus bhain 16 fhostaí leas as an Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra. Bhain 7 bhfostaí leas as an Scéim Saoire Neamhíoctha.

An Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta

Sháraigh an Chomhairle an Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta íosta 3% i dtaobh caiteachais ar oiliúint agus ar fhorbairt mar chéatadán de chostais phárolla iomlána in 2015. Ba é 4.53% an táirgeacht.

Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de chostais phárolla iomlána:

2014	2015
3.59%	4.53%

I dtaca leis an líon laethanta oibre a cailleadh de bharr tinneas deimhnithe agus tinneas neamhdheimhnithe, baineann na staitisticí seo a leanas le hábhar:

	2015
Deimhnithe	3.31%
Neamhdheimhnithe	0.20%

Táscaire Seirbhíse Áitiúil

An Líon Laethanta Oiliúna a cuireadh ar fáil don fhoireann (gan Comhraiceoirí Dóiteáin ar cuireadh Athoiliúint orthu a áireamh) – 2,575

Caidreamh Tionsclaíoch

Cé go raibh sí ina bhliain dhoiligh ar fud na tíre, chothaigh Comhairle Contae Laoise dea-chaidreamh tionsclaíoch le linn 2015 agus níor tháinig aon díospóidí móra chun solais. Leanann an Chomhairle ag oibriú i gcomhréir leis na Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí i gcomhairliúchán leis na Ceardchumainn ábhartha.

Oiliúint agus Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Contae Laoise tiomanta d'oiliúint a chur ar ár bhfostaithe go léir agus iad a fhorbairt maidir le spriocanna agus cuspóirí na Comhairle a bhaint amach agus ar son fhorbairt scileanna na bhfostaithe. Tá dianiarracht á déanamh ag Comhairle Contae Laoise feabhas leanúnach a bhaint amach sa soláthar seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a fostaithe.

Tá an clár oiliúna bliantúil bunaithe go príomha ar na riachtanais oiliúna aonair a sainaithníodh trí Phleananna Forbartha Pearsanta na foirne mar chuid de phróiseas an Chórais Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta. Chomh maith leis sin, cuirtear na nithe seo san áireamh sa Chlár: Riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta, an Clár Náisiúnta FETAC, an Clár Foghlama Oscailte Tríú Leibhéal agus Seimineáir/Ceardlanna éagsúla de réir mar a thagann siad chun cinn.

B'ionann an caiteachas iomlán ar oiliúint agus €379,317 (caiteachas le haghaidh Seirbhísí Dóiteáin san áireamh). Soláthraíodh clár an-chuimsitheach oiliúna i gcaitheamh 2015. Is mar seo a leanas atá sampla de na cláir oiliúna a cuireadh ar fáil:-

- Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil le linn Oibreacha Bóthair
- Pas Sábháilte
- Ardchóiriú Dromchla
- Láimhsiú
- Oiliúint Garchabhrach
- Oibríochtaí Ionad Cóireála Uisce
- Spásanna Teoranta – Bainistíocht Riosca
- Cruinniú Faisnéise maidir le Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
- Excel/TF Oiliúint
- Oiliúint Láimhseála Slodaigh
- Rialacháin um Rialú Tógála
- Oiliúint um Chosaint Sonraí

An Clár Foghlama Oscailte

Déanann Comhairle Contae Laoise dianiarracht, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, cabhrú agus tacú le fostaithe ar mian leo tabhairt faoi Chúrsaí Foghlama Oscailte Tríú Leibhéal a bhaineann le forbairt gnó na Comhairle agus le ról agus freagrachtaí an fhostaí agus a chuireann leo sin. Is mar seo a leanas atá sampla de na cláir Foghlama Oscailte a éascaíodh le linn 2015:

- An Foras Riaracháin – Deimhniú i Rialtas Áitiúil
- IPASS – Deimhniú i dTeicnící Párolla
- Ollscoil Uladh – Innealtóireacht Shibhialta

Beartais Foirne

IAr aon dul leis an dea-chleachtas i mBainistíocht Acmhainní Daonna, tá raon beartais foirne forbartha ag Comhairle Contae Laoise - a ndearnadh na cinn seo a leanas díobh a thabhairt isteach/a athbhreithniú le linn 2015:

- An Scéim um Bliain Oibre Níos Giorra 2015
- Nochtadh Cosanta – Nósanna imeachta agus beartas eatramhach
- An Scéim um Shos Gairme san Earnáil Údaráis Áitiúil
- Saoire Mhéala san Earnáil Údaráis Áitiúil

Comhionannas agus Tacú le hÉagsúlacht

Fostóir comhionannas deiseanna is ea Comhairle Contae Laoise agus tá sí tiomanta do thabhairt isteach a dhéanamh ar raon leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta arb é is aidhm dóibh an méid a chuireann daoine aonair leis agus feidhmíocht daoine aonair a aithint, cumas gach duine aonair a fhorbairt agus comhdheiseanna a thabhairt do gach duine úsáid a bhaint as a thallann/tallann féin agus lán a chumais/cumais a bhaint amach.

Tacú le hÉagsúlachtTacaíonn Comhairle Contae Laoise le fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus comhlíonann sí an sprioc atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Lean Comhairle Contae Laoise ar aghaidh ag éascú roinnt socrúcháin taithí oibre do dhaoine faoi mhíchumas.

Táscairí Feidhmíochta 2014

Líon iomlán na gcoibhéisí lánaimseartha

An líon soláthair foirne coibhéise lánaimseartha	347.57

Laethanta oibre a cailleadh i ngeall ar thinneas

Céatadán na laethanta oibre a cailleadh i ngeall ar asláithreacht tinnis trí shaoire dheimhnithe leighis	3.83%
Céatadán na laethanta oibre a cailleadh i ngeall ar asláithreacht tinnis trí shaoire fhéindeimhnithe	0.35%

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Ceann Gníomhach na gCóras Faisnéise: John Smith

Tá Rannóg Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) Chomhairle Contae Laoise bunaithe ag Ceanncheathrú na Comhairle ag Áras an Chontae, Port Laoise. Déanann an Rannóg, ina bhfuil 7 mball foirne, bainistiú ar bhonneagar TFC iomlán na Comhairle, lena n-áirítear an tIonad Sonraí agus suiteálacha ríomhaire agus cumarsáide in Áras an Chontae, in Oifigí Ceantair, i Leabharlanna agus i maoin éagsúil eile de chuid na Comhairle ar fud an chontae. Cuireann sí tacaíocht theicniúil ar fáil do gach ceann de na Rannóga eile sa Chomhairle agus tá sí freagrach as cur chun feidhme, cothabháil, bainistíocht agus slándáil chórais TFC na Comhairle.Tá rún daingean ag an Rannóg feabhas leanúnach a chur ar a seirbhísí TFC laistigh den Chomhairle féin agus leis an bpobal a úsáideann seirbhísí na Comhairle.

Rinne foireann tacaíochta teicniúla próiseáil ar phas beag níos mó ná 2,600 glao tacaíochta ó na rannóga go léir sa Chomhairle le linn 2015.

Uasghráduithe Crua-Earraí

Lean obair ar siúl i gcaitheamh 2015 ar ríomhairí deisce a uasghrádú i gcaitheamh na Rannóg éagsúil in Áras an Chontae, ina measc Mótarcháin, áit ar suiteáladh crua-earraí nua a sholáthair rochtain ní b'éifeachtúla agus ní b'iontaofa ar an gcóras NVDF. Anuas air sin, rinneadh obair uasghrádaithe ag an Seomra Cumarsáide in Áras 2, ina measc córas nua UPS agus crua-earraí lasctha eile a shuiteáil.

Cosaint Sonraí

Mar chuid de thiomantas na Comhairle do riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí a chur i bhfeidhm, cuireadh breis seisiúin oiliúna foirne ar bun i bhFeasacht ar Chosaint Sonraí sa chuid dheireanach den bhliain 2015. Soláthraíodh a mhacasamhail de chúrsaí oiliúna in 2014 agus déanfar measúnú in 2016 ar aon riachtanais bhreise oiliúna féachaint le hoiliúint bhreise a sholáthar sa chás go sainaithnítear go bhfuil gá leis.

Uasghrádú Chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso

Bhí Comhairle Contae Laoise i measc na gcéad Údarás Áitiúil chun córas Bainistíochta Airgeadais Agresso a chur i bhfeidhm in 2011. Rinneadh roinnt uasghráduithe agus feabhsúchán ar an gcóras ó shin i leith. Cuireadh tús le hobair ar an uasghrádú ba shuntasaí le roinnt blianta anuas go déanach in 2015 agus tá sé le bheith beo ar líne faoi dheireadh an chéad ráithe in 2016. Beidh an Rannóg TFC ag oibriú i gcuideachta Fhoireann Thionscadal Agresso ar ghnéithe éagsúla den Tionscadal, ina measc an timpeallacht riachtanach chrua-earraí agus an tacaíocht theicniúil a sholáthar de réir mar a dhéanann an tionscadal dul chun cinn i dtreo a chríche.

Córas le haghaidh Chruinnithe na Comhairle

Rinneadh cinneadh in 2015 chun córas ríomhairithe a chur i bhfeidhm chun tabhairt faoi chruinnithe na Comhairle Tofa. Éascóidh Córas na gCruinnithe nua laghdú ar an méid láimhseála agus próiseála páipéir a theastaíonn agus laghdóidh sé costais phostais agus costais eile. Beidh cáipéisíocht, tuarascálacha agus comhfhreagras eile a bhaineann le cruinnithe ar fáil do Chomhaltaí gan gá a bheith le méideanna móra páipéarachais.

Na Meáin Shóisialta

Laois.ie

Bhain Laois.ie 532,037 amharc leathanaigh amach in 2015, bhí os cionn 194,872 seisiún ann agus thug 113,374 cuairteoir uathúil cuairt air. Is ionann seo agus 1,457 cuairt, ar an meán, sa lá. Úsáideann an chuid is mó de na cuairteoirí ár n-áiseanna Fiosrúchán Pleanála ar Líne, agus ba é an dara mír ba mhó a úsáideadh ná fiosrúcháin faoi Fholúntais Phoist. Anuas air sin, tá an-tóir ar áiseanna Íocaíochta ar Líne i measc úsáideoirí ar láithreáin Ghréasáin agus is bealach áisiúil iad chun íoc as Seirbhísí éagsúla Rialtais Áitiúil. Ar an gcuma chéanna, baineann líonta méadaitheacha cuairteoirí ar an láithreán Gréasáin leas as an gcóras Mótarchánach ar Líne. Meallann ár bhfoirm teagmhála/fiosrúcháin ar líne líon réidh seasta fiosrúchán ar bhonn seachtainiúil.

Twitter:

Tá 3218 duine de lucht leanta ag príomhleathanach Twitter na Comhairle - @LaoisCouncil.
Tá 1,926 duine de lucht leanta ag Fóram Oidhreachta Laoise - @LaoisHeritage.
Tá 1,148 duine de lucht leanta ag Leabharlanna Laoise - @LaoisLibraries. Tá 254 duine de lucht leanta ag Glúin an Cheoil Laoise - @MusicGenLaois. Tá 232 duine de lucht leanta ag an Teach Ealaíne agus Leabharlann - @ArthouseLibrary.
Tá 95 duine de lucht leanta ag Fuinneamh an Láir Tíre - @MidlandEnergy. Tá 414 duine de lucht leanta ag Turasóireacht Laoise - @LaoisTourism. Tá 186 duine de lucht leanta ag Scoil James Fintan Lalor - @JFLSchool.

Láithreáin Ghréasáin

Tá an Rannóg TFC tiomanta do chostais a laghdú agus níos mó láithreáin Ghréasáin a fhorbairt agus a choinneáil go hinmheánach, sa chás gur féidir. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa limistéar seo in 2015 agus táthar ag súil leis go dtabharfar obair forbartha i roinnt limistéar chun críche go luath in 2016. Déanann an Chomhairle 14 láithreán Gréasáin san iomlán a óstáil agus a chothabháil faoi láthair.

Deisigh do Shráid

Láithreán Gréasáin a chuireann ar chumas úsáideoirí fadhbanna a thuairisciú dá gComhairle áitiúil is ea www.fixyourstreet.ie. Is féidir an láithreán Gréasáin a úsáid chun fadhbanna neamhéigeandála a thuairisciú, mar shampla, graifítí, lochtanna bóithre,

fadhbanna le soilsiú sráide, sceití uisce/fadhbanna draenála agus bruscar nó dumpáil neamhdhleathach. De réir an ghealltanais a tugadh i gClár an Rialtais, is laistigh de 2 lá oibre a dhéileálfar le saincheisteanna a thugtar chun solais ar an láithreán Gréasáin sin.

Leathanaigh Facebook:

Comhairle Contae Laoise - www.facebook.com/Laois-CountyCouncil. Is é seo ár bpríomhleathanach Facebook agus nuashonraítear é le nuacht agus faisnéis ó gach rannóg.
Fóram Oidhreachta Laoise - http://www.facebook.com/laois.heritage.forum tá an leathanach seo á úsáid chun feasacht a mhúscailt ar gach gné den oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha i gContae Laoise. Leabharlanna Laoise - www.facebook.com/LaoisLibraries. Nuashonraítear an leathanach le nuacht agus imeachtaí ó gach ceann de na leabharlanna áitiúla.
Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Laoise - www.face- book.com/laoisfire – úsáidtear an leathanach chun faisnéis a sholáthar ar theagmhais, tarrtháil agus imeachtaí oiliúna áitiúla.

Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Laoise - www.face- book.com/laoisfire – úsáidtear an leathanach chun faisnéis a sholáthar ar theagmhais, tarrtháil agus imeachtaí oiliúna áitiúla.
Comhshaol - www.facebook.com/LaoisEnvironment Coinnigh Laois Glan – baintear úsáid as a leathanach seo chun leantóirí a choinneáil ar an eolas faoi chomórtais, faoi imeachtaípobail, faoi ghlantacháin agus faoi fhaisnéis athchúrsála.
Bailte Slachtmhara Laoise - www.facebook.com/pages/Laois- Tidy-Towns/163631410408752, láithreán Gréasáin eile de chuid na Rannóige Comhshaoil is ea seo, arb é is aidhm dó aird a tharraingt ar an dea-obair atá á déanamh ag grúpaí bailte slachtmhara ar fud Laoise.
Turasóireacht Laoise - www.facebook.com/laoistourism - baintear úsáid as an leathanach seo mar uirlis úsáideach mhargaíochta chun Contae Laoise a chur chun cinn.
An Teach Ealaíne agus Leabharlann - www.facebook.com /thearthouseandlibrary – úsáidtear an leathanach seo chun imeachtaí i nGailearaí an Tí Ealaíne agus Leabharlann ar an Sráidbhaile a fhógairt. Scoil James Fintan Lalor – www.facebook.com /JamesFintanLalor – úsáidtear an leathanach seo ar Facebook chun scoil James Fintan Lalor a chur chun cinn, rud a bhíonn ar siúl gach bliain anseo i Laois.
Ealaíona Laoise - www.facebook.com/LaoisArts - úsáideann an Rannóg Ealaíon an leathanach seo chun imeachtaí a bhíonn ar siúl ar fud Laoise a fhormhuiniú. Scoil Cheoil Laoise - www.facebook.com/LaoisSchoolofMusic - tá an leathanach seo á choimeád ar bun ag ár gComhordaitheoir Ceoil chun aird a tharraingt ar dhea-obair na Scoile agus í a chur chun cinn. Glúin an Cheoil Laoise – https://www.facebook.com/MusicGenerationLaois – úsáidtear an leathanach seo chun an tseirbhís den scoth in oideachas ceoil a fhógairt, rud atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i Laois.

Táscairí Feidhmíochta 2014

Líon na gcuairteanna ar leathanaigh láithreán Gréasáin an údaráis áitiúil

B'ionann an líon carnach amharc ar leathanach agus	483,393

Costas foriomlán an tsoláthair TFC de réir coibhéis lánaimseartha

Costas Foriomlán	€2,975.00

An Coiste Beartais Straitéisigh Tithíochta

Cathaoirleach: Paschal McEvoy, M.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
Willie Aird, M.C.C.	Michael Kelly Jr. (Forbairt/ Tógáil)
Caroline Dwane	Andrew Cremin (Gnó/ Tráchtáil)
Stanley, M.C.C.	Sheelagh Coyle (Cuimsiú Sóisialta)
Catherine Fitzgerald,M.C.C	Barbara Lalor Pobal/Deonach)
Paddy Bracken, M.C.C.	

Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí: Julie Bergin

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach: Michael Rainey

Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach: P J Dempsey

Oibrí Sóisialta Sinsearach: Fionnuala Daly

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

Is é príomhchuspóir na Comhairle an leas is mó a bhaint as an bhfáil ar chóiríocht chun freastal ar chatagóirí éagsúla riachtanais agus an raon iomlán roghanna tithíochta a chur chun cinn.

Buaicphointí i rith 2015

- Tógáil 6 aonad 3 sheomra leapa i mBealach na Clóidí, Cluain na Slí arna gcríochnú.

- Rinneadh 24 aonad sóisialta a éadáil i láithreacha éagsúla ar fud an Chontae.
- D'éirigh linn 132 deontas a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta a bhí ina gcónaí sa Chontae.
- Cuireadh tús le dearadh d'fhorbairt bheartaithe 33 aonad ag Conniberry Way, Seanbhóthar Chnoc Maí, Port Laoise

Tuarascáil ar an CBS

Chas an CBS Tithíochta ar a chéile i Márta, Meán Fómhair agus Nollaig 2015 agus rinne Comhaltaí plé ar shaincheisteanna éagsúla agus iad a chur i gcuntas.

An Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta

Is é an leithdháileadh sealadach faoin gClár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta don tréimhse ó 2015 go 2017 €29,400,000. Áirítear leis seo aonaid shóisialta a thógáil, éadálacha, aonaid Chuid V, Fásáin a Sheoladh ar Ais agus an Scéim Cúnaimh Caipitil.

I dtaobh cúrsaí tógála, críochnaíodh 6 aonad i mBealach na Clóidí, Cluain na Slí ónar eascair cistí €453,690 a tharraingt anuas. I dtaobh éadálacha, ceannaíodh 24 aonad ar chostas €2,672,346 agus tá 10 n-aonad bhreise ag tabhairt faoin bpróiseas tíolactha. Cuireadh an dearadh d'fhorbairt bheartaithe 33 aonad ag Conniberry Way, Seanbhóthar Chnoc Maí, Port Laoise faoi bhráid na Roinne i Nollaig 2015 lena fhaomhadh.

An Scéim Iasachta Caipitil agus Fóirdheontais (CLSS) agus an Scéim Cúnaimh Caipitil

An 31 Nollaig 2015, soláthraíodh 271 aonad faoin Scéim Iasachta Caipitil agus Fóirdheontais agus soláthraíodh 259 aonad faoin Scéim Cúnaimh Caipitil. Faoin ghairm Scéim Cúnaimh Caipitil le haghaidh tograí in Aibreán 2015, bhí an rath ar Laois chun cistiú a bhaint amach ó Chumann Foirgníochta Cluid chun 16 aonad ag láithreacha éagsúla i bPort Laoise, Móinteach Mílic agus Tigh Mochua a éadáil ar mhaithe le daoine gan dídean. Lena chois sin, thóg Cumann Tithíochta Respond 16 aonad do dhaoine breacaosta agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu i bPort Laoise agus thóg Iontaobhas Tógála Oaklee 8 n-aonad do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu i bPort Laoise. Is ionann an deontas iomlán atá ar fáil do na 40 aonad seo agus thart ar €5.4m.

An Scéim um Chóiríocht ar Chíos agus Léasú

Go dtí seo, fuair an Rannóg Tithíochta 241 réadmhaoin san iomlán faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus 91 réadmhaoin faoin Tionscnamh um Thithíocht Shóisialta a Léasú. In 2015, d'éirigh le Comhairle Contae Laoise faomhadh Roinne a bhaint amach do roinnt tionscnaimh léasaithe le Comhlachtaí Faofa Tithíochta, ina measc cóiríocht do 13 theaghlach Shiriacha i bPort Laoise. Ar an iomlán, faomhadh 35 aonad breise faoi léasú sóisialta ag an Roinn in 2015 agus táthar ag súil leis go gcuirfear breis aonad ar fáil faoin scéim in 2016.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Leanann an Rannóg Tithíochta leis an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018 a chur chun feidhme. Chuir an Coiste nua Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil cruinniú ar siúl in 2015.

Cothabháil Tithíochta agus Athléasú

In 2015, lean an Rannóg Tithíochta leis na nósanna imeachta gnó a bhaineann le cothabháil agus athléasú stoc na Comhairle a fheabhsú trí bheartú tosaíochta éifeachtach agus trí na hacmhainní airgeadais agus na hacmhainní daonna ar fáil a úsáid. De bhreis ar chistiú na Comhairle féin, chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil €61,228 sa bhreis ar fáil in 2015 le haghaidh 12 aonad fholmha a athchóiriú.

Uasghrádú Creatlaí agus Oibreacha Feabhsúcháin

Mar gheall ar chistiú a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le haghaidh uasghráduithe fuinnimh agus deontais oiriúnaithe aonuaire, bhí an Rannóg Tithíochta in ann mórfheabhsuithe struchtúrtha a dhéanamh ar líon suntasach dá cuid maoine freisin. Rinneadh oibreacha inslithe áiléir agus balla in 407 maoin. Méadaíodh an leithdháileadh bunaidh €334,679 faoi €221,257 sa bhreis, rud a d'fhág gurbh é €555,936 an leithdháileadh deiridh don bhliain 2015.

Bainistíocht Eastáit

Feidhm thábhachtach don Rannóg Tithíochta atá i mBainistíocht Eastáit go fóill. In 2015, bhí leibhéil mhéadaithe idirghníomhaíochta le tionóntaí agus le grúpaí cónaitheoirí. Chuir an Rannóg Tithíochta raon tacaí, lenar áiríodh deontais nuair ba chuí, ar fáil do ghrúpaí éagsúla cónaitheoirí.

Deontais Phríobháideacha

In 2015, chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leithdháileadh €588,589 ar fáil le haghaidh na nithe seo: Deontais Áiseanna Soghluaisteachta, Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Deontais Chúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta. Tar éis iarratas a dhéanamh ar chistiú breise, chuir an Rannóg Tithíochta cistiú breise ab fhiú €150,000 ar fáil, rud a d'fhág gurbh ionann an leithdháileadh iomlán agus €738,589. Tríd an gcistiú a bhí ar fáil a bhainistiú go héifeachtach, bhí an Rannóg Tithíochta in ann an scéim a choinneáil ar oscailt le haghaidh na bliana 2015 ar fad.

Treo Nua: Ionad Acmhainní Phort Laoise

Leanann Treo Nua: Ionad Acmhainní Phort Laoise ar aghaidh ag imirt ról tábhachtach i mbonneagar sóisialta, eacnamaíoch agus pobail Phort Laoise agus tá sé ag cur seirbhísí riachtanacha oiliúna agus sóisialta ar fáil don phobal. Bíonn an naíolann, na seomraí iarscoile, na seomraí cruinnithe, na seomraí pobail agus na seomraí oiliúna go léir gnóthach ag cur raon seirbhísí, cúrsaí oideachais, ranganna gníomhaíochta coirp agus seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh ar fáil.

Páirc Chnoc Maí

Ag teacht sna sála ar an rath a bhí ar Threo Nua, athnuadh talamh gan rath i lár Chnoc Maí in 2013. Tírdhreachtaíodh an ceantar sin agus athdhearadh na bealaí reatha isteach sa pháirc chun go gcuimseofaí iontu rian siúil atá 2 mhéadar ar leithead agus páirc peile bheag. Suiteáladh soilsiú agus ceamaraí TCI sa pháirc freisin. Tar éis dul i gcomhairle le grúpaí cónaitheoirí áitiúla, rinneadh tuilleadh oibreacha in 2014 chun an pháirc a bhreisiú agus limistéir d'uisce dromchla a bhaint. Leanann an Rannóg Tithíochta ag tacú le grúpaí áitiúla cónaitheoirí chun an ceantar seo a choimeád agus a chothú.

Straitéis Tithíochta maidir le Cuid V

In 2015, lean an Rannóg Tithíochta le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus dul i dteagmháil le forbróirí sa Chontae chun teacht ar chomhaontú le haghaidh chomhlíonadh Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Láithreáin Phríobháideacha

Tá roinnt suíomhanna príobháideacha le díol i mBaile an Chaisleáin agus i mBaile Átha an Róine.

Táscairí Feidhmíochta 2014

Stoc Tithíochta Sóisialta

Líon foriomlán na n-áiteanna cónaithe a sholáthair an t-údarás áitiúil ina bhfuil an méid a leanas	34
Líon na n-áiteanna cónaithe a soláthraíodh, i.e. tógtha	1
Ceannaithe ag an údarás áitiúil	20
Líon na n-aonad a soláthraíodh faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos	0
Líon na n-aonad a soláthraíodh faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta	N/B
Líon na n-aonad a soláthraíodh faoin Tionscnaimh Leasaithe Tithíochta Sóisialta	13
Líon foriomlán na n-áiteanna cónaithe tithíochta sóisialta san údarás áitiúil	2338
Líon iomlán na n-áiteanna cónaithe a soláthraíodh go díreach (a tógadh nó a ceannaíodh)	2019
Líon iomlán na n-aonad a soláthraíodh faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos	160
Líon iomlán na n-aonad a soláthraíodh faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta	N/B
Líon iomlán na n-aonad a soláthraíodh faoin Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta Leasing Initiative	159

Tithíocht Fholamh

Céatadán líon iomlán na n-áiteanna cónaithe ag H1G a bhí folamh	0.74%

An meánam agus meánchostas Athléasaithe

An meánam a ghlac sé ó dháta fhágáil na háite cónaithe go dtí an dáta a thosaigh tionóntacht nua san áit chónaithe, i measc gach aonaid	10.17 seach
An meánchostas a bhí ar na haonaid ationóntachta a ullmhú le haghaidh athléasú, i measc na n-aonad go léir a athleasaíodh	€3,061.11

Costas Cothabhála Tithíochta

Caiteachas ar dheisiú agus cothabháil ar dheisiú agus cothabháil tithíochta a cheannaigh nó a thóg an t-údarás áitiúil	€868.21

Cigireachtaí na hEarnála Príobháidí ar Cíos

Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe i limistéar an údaráis áitiúil area	3589
Líon na gcigireachtaí faoinar tugadh	162

Daoine Fásta Gan Dídean go Fadtéarmach

Líon na ndaoine fásta i gCóiríocht Éigeandála	3
% na ndaoine i gCóiríocht Éigeandála a úsáideann seirbhísí cóiríochta éigeandála de bhreis ar 6 mhí sa bhliain	33.33%

An Coiste Beartais Straitéisigh Pobail, Sóisialta, Cultúrtha agus Oidhreachta

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Cathaoirleach: Brendan Phelan, M.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
Padraig Fleming, M.C.C.	P. J Phelan (Pobal/ Deonach)
Tom Mulhall, M.C.C.	Ricky Whelan (Comhshaol/ Caomhnú)
James Kelly, M.C.C.	Donald Scully (Earnáil Feirmeoireachta)
	Folúntas (Cuimsiú Sóisialta

AN COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL

Foráiltear san Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014 do Choistí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁanna) a bhunú sna 31 limistéar údaráis áitiúil.

Bunaíodh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Laoise (CFPÁ) i Meán Fómhair 2014 ar mhaithe le cur chuige comhtháiteach agus straitéiseach i leith Forbairt Pobail Áitiúil a fhorbairt, a chomhordú agus fheabhsú.

Tá an CFPÁ freagrúil go príomha as forbairt áitiúil agus pobail sa Chontae a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú sa Chontae.

Déanann an CFPÁ maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chláir Chuimsithe Shóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) ag Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise. Chomh maith leis sin, tá an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta sa CFPÁ agus tá air an Straitéis Forbartha Áitiúla a chur i dtoll a chéile agus a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil d'fhonn gné ár gcontae den Chiste Forbartha Tuaithe a chur faoi urrús.

Déanann an CFPÁ maoirseacht ar chur i dtoll agus cur i bhfeidhm ghnéithe pobail agus roinnt gnéithe uileghabhálacha an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail amach anseo. Comhaontóidh an plean sin an creat straitéiseach le haghaidh acmhainní a leithdháileadh ar fhorbairt eacnamaíoch agus pobail agus déanfaidh sé eolas do phróisis phleanála eile. Cuirfidh an Chomhairle an plean sin i láthair lena fhormheas go luath sa bhliain 2016.

Tá na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil bunaithe ar chomhaltas ó na comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla a leanas:

- John Mulholland, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Laoise
- Ian McCormack, Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin
- An Comhairleoir John King
- An Comhairleoir Jerry Lodge
- An Comhairleoir Pascal McEvoy
- Evelyn Reddin, POF, Oifig Fiontar Áitiúil
- Olivia Clarke, an Roinn Coimirce Sóisialaí
- Joe Ruane, Bainisteoir Ceantair, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Linda Tynan, Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí
- Anne Goodwin, POF, Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise
- Joe Thompson, Comhordaitheoir, Obair d'Ógra Éireann (Laois)
- Dave Fingleton, Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Laoise (Colún an Chomhshaoil)
- Michael Bergin, Colún na Feirmeoireachta
- Mary White, LRP Laoise (Colún Cuimsithe Shóisialta)
- PJ Campbell, LRP Laoise (Colún an Phobail/Deonach)
- Paddy Buggy, LRP Laoise (Colún Cuimsithe Shóisialta)
- Robbie Quinn, LRP Laoise (Colún an Phobail/Deonach)

Bhí an Chomhairleoir John King ina chathaoirleach ar an CFPÁ agus tháinig Paddy Buggy i gcomharbacht air.

LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Is éard atá sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) ná creat nua le haghaidh rannpháirteachas agus rannpháirtíocht an phobail i Laois. Beidh an LRP ar an bpríomhnasc trína nascann an tÚdarás Áitiúil leis an earnáil pobail, leis an earnáil cuimsithe shóisialta agus leis an earnáil comhshaoil, gan dochar a dhéanamh do phróisis chomhairliúcháin eile.

Bunaíodh an LRP i Márta 2015 agus leanann sé lena líonra a fhás agus cláraíodh 280 grúpa agus toghadh 22 duine ar fud na tíre chun ionadaíocht a dhéanamh don LRP ar choistí údaráis áitiúil agus coistí eile déanta cinntí i Laois.

Tá sé mar aidhm ag Struchtúr an LRP eagraíochtaí deonacha a éascú agus a chumasú atá ag oibriú laistigh den phobal níos fairsinge chun glór a bhronnadh do raon fairsing éagsúil tuairimí, saincheisteanna agus leasanna laistigh den chóras rialtais áitiúil. Déanann an LRP, le héascaíocht ó Rúnaíocht, an méid a leanas:

- Rannpháirtíocht ag an bpobal agus ionadaíocht pobal a éascú ar bhealach cothrom, cóir agus trédhearcach tríd an earnáil comhshaoil, cuimsithe shóisialta agus pobail/dheonach i gcomhlachtaí déanta cinntí.
- Cumas na ngrúpaí comhshaoil, cuimsithe shóisialta agus pobail/deonacha chun cur go dearfach leis an bpobal ina gcónaíonn siad/ina nglacann siad páirt.
- Faisnéis a sholáthar do na hearnálacha comhshaoil, cuimsithe shóisialta agus pobail/deonacha agus gníomhú mar mhol ar féidir faisnéis a fháil agus a dháileadh timpeall air.

Seo a leanas Comhlachtaí Rúnaíocht an LRP in 2015:

- Brian Maher, Ionadaí Ceantair Phort Laoise
- Robbie Quinn, Ionadaí Pobail agus Deonach Phort Laoise
- Mary White, Ionadaí Cuimsithe Shóisialta Phort Laoise
- Chris Uys, Ionadaí Comhshaoil Phort Laoise
- Michael J. Cobbe, Ionadaí Ceantair na Gráige/Chúil an tSúdaire
- Pat Whelan, Ionadaí Pobail agus Deonach na Gráige/Chúil an tSúdaire
- Margaret Guijt Lawlor, Ionadaí Cuimsithe Shóisialta na Gráige/Chúil an tSúdaire
- Ricky Whelan, Ionadaí Comhshaoil na Gráige/Chúil an tSúdaire
- Michael Dowling, Ionadaí Ceantair Bhuiríos Mór Osraí/Mhóinteach Mílic
- Noreen Byrne, Ionadaí Pobail agus Deonach Bhuiríos Mór Osraí/Mhóinteach Mílic
- Paddy Buggy, Ionadaí Cuimsithe Shóisialta Bhuiríos Mór Osraí/Mhóinteach Mílic
- Anneka Harvey, Ionadaí Comhshaoil Bhuiríos Mór Osraí/Mhóinteach Mílic

Ionadaithe LRP leis an údarás áitiúil agus le coistí eile

An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Pleanáil

- Noel Gavigan – Earnáil an Chomhshaoil

An Coiste Beartais Straitéisigh Iompair, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála

- Kitty Creighton – Earnáil an Chomhshaoil

An Coiste Beartais Straitéisigh Pobail, Sóisialta, Cultúrtha agus Oidhreachta

- PJ. Phelan – an Earnáil Pobail agus Dheonach
- FOLAMH – an Earnáil Cuimsithe Shóisialta
- Ricky Whelan – Earnáil an Chomhshaoil

An Coiste Beartais Straitéisigh Beartas Tithíochta

- Barbara Lalor – Pobal agus Deonach
- Sheelagh Coyle - Cuimsiú Sóisialta

An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

- PJ. Campbell – Pobal agus Deonach
- Robbie Quinn – Pobal agus Deonach
- Paddy Buggy – Cuimsiú Sóisialta
- Mary White – Cuimsiú Sóisialta
- Dave Fingleton – Comhshaol

Comhchoiste Póilíneachta Chontae Laoise

- Noel Dooley
- Tom Jones
- Michael Cobbe
- Pat Fitzpatrick

Fóram Oidhreachta Laoise

- Mary Lawlor – Pobal agus Deonach
- Mary White - Cuimsiú Sóisialta
- Joe Murphy – Comhshaol

Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Láir Tíre

- Pat Fitzpatrick

Turasóireacht Laoise

- Michael Dowling

Comhpháirtíocht Spóirt Laoise

- Eibhlin Smith
- Marian Condren

I measc na chéad chéimeanna eile i bhforbairt an LRP, tá líonrú agus foghlaim chomhroinnte do ghrúpaí, nascghrúpa a bhunú agus meicníocht aiseolais a fhorbairt le haghaidh sreabhadh faisnéise idir na comhlachtaí cinnteoireachta agus pobail áitiúla.

COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA CHONTAE LAOISE (CCP)

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta nua in 2015, i ndiaidh go ndearnadh athbhreithniú náisiúnta ar CCPanna agus ar threoirlínte gaolmhara náisiúnta a eisíodh in 2014. Chas an CCP ar a chéile 3 huaire go poiblí agus mar choiste 4 huaire in 2015.

I gcomhréir leis na treoirlínte, tá Straitéis CCP 5 bliana á hullmhú faoi láthair i gcomhoibriú leis an nGarda Síochána, an tÚdarás Áitiúil agus le pobail agus glacfar léi in 2016. Cuireadh cruinniú poiblí ar bun i Samhain 2015 inar chuir muintir an phobail ceisteanna ar an gCoiste agus inar thug an Garda Síochána agus Comhairle Contae Laoise freagraí orthu.

GRÚPA IDIRGHNÍOMHAIREACHTA LAOISE DON LUCHT SIÚIL

Cuimsíonn an Grúpa seo roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a n-áirítear lena gcuid oibre feabhsú saoil le haghaidh an lucht siúil sa chontae.

D'óstáil an Roinn Dlí agus Cirt an chéad chomhdháil náisiúnta do Ghrúpaí Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil i mBealtaine 2015. Ba é téama na Comhdhála "Próiseas Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil: an Bealach chun Cinn" agus bhí sí dírithe ar ghrúpaí níos éifeachtaí go háitiúil a dhéanamh de Ghrúpaí Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil. Roghnaíodh toscairí ó údaráis áitiúla agus roghnaíodh ionadaithe áitiúla den Lucht Siúil. Sainaithníodh deacrachtaí atá leis an bpróiseas agus soláthraíodh moltaí féachaint le feabhas a chur ar éifeachtacht an Phróisis Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil agus a chinntiú go léirítear leasanna phobail an Lucht Siúil agus na Romach sna Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail atá á bhforbairt go náisiúnta.

CLÁR CONTAE LAOISE A THACAÍONN LE DAOINE BREACAOSTA

D'óstáil Comhairle Contae Laoise, i gcomhar le hAoisbhá Éireann, breis agus 200 toscaire a d'fhreastail ar Thaispeántas Comhairliúcháin do dhaoine 55 bliain d'aois agus níos sine in Óstán Manor Abbeyleix, Mainistir Laoise i mBealtaine 2015. D'óstáil an t-aoi speisialta, an Teachta Dála ar scor agus an t-údar a bhuaigh gradam, Mary O'Rourke, an t-imeacht aon lá. Chuir sí lúchair ar na toscairí agus labhair sí faoina heispéireas féin agus í ag dul in aois.

Bhí seastáin faisnéise ag an imeacht ó 18 soláthraí seirbhíse, idir soláthraithe áitiúla agus náisiúnta, agus rinne Seirbhísí Dóiteáin Laoise, an Garda Síochána, Scéim 'Margadh Cóir' FSS agus Oifigeach Oidhreachta féin na Comhairle, Catherine Casey, cur i láthair, a thug cuntas ar shonraí faoi chláir bheartaithe náisiúnta agus áitiúla do chomóradh 1916. Chomh maith leis sin, taispeánadh clár "Sit Fit", a bhuíochas leis an bhfoireann i gComhpháirtíocht Spóirt Laoise.

Ba é an rud ba thábhachtaí i gcaitheamh an lae ná gur lorgaíodh tuairimí daoine breacaosta trí phróiseas comhairliúcháin faoinar thug Aoisbhá Éireann agus Comhairle Contae Laoise, maidir leis na tuairimí a bhíonn ag daoine breacaosta faoina gcáilíocht beatha i gContae Laoise faoi láthair i dtaobh iompair, spásanna faoin spéir, meas agus cuimsiú daoine breacaosta go sóisialta, rannpháirtíocht chathartha, rochtain ar fhaisnéis agus seirbhísí sláinte, i measc rudaí eile.

Ba é aidhm an imeachta chun dul i gcomhairle le daoine breacaosta d'fhonn gur féidir le Comhaontas Aoisbhá Laoise, grúpa idirghníomhaireachta ardleibhéil a oibreoidh as lámh a chéile i gcaitheamh na míonna amach romhainn chun clár feabhsúchán a chur i bhfeidhm don todhchaí, a ndearcthaí a chur i gcuntas.

AN SCÉIM UM ALÁRAIM DHEATAIGH DON PHOBAL 2015

In 2015, Ghlac Rannóg Pobail Chomhairle Contae Laoise, i gcomhar le Rannóg Dóiteáin Contae Laoise páirt sa scéim chun 310 aláram deataigh a cheannach agus iad a dháileadh ar thithe ar fud an chontae.

COMHAIRLE NA NÓG LAOISE 2015

Bhí bliain rathúil eile ag Comhairle na nÓg Laoise in 2015, bliain inar earcaíodh roinnt ionadaithe nua ó gach cearn den chontae chuig an gComhairle.

Déanann Comhairle na nÓg Laoise dianiarracht ionadaíocht a dhéanamh d'ógánaigh Laoise agus is mian léi go n-éistfear le glór na n-ógánach seo i measc an lucht fásta déanta cinntí inár gcontae, ionas fur féidir leis an nglúin amach anseo cabhrú le háit níos fearr le cónaí ann, le oibriú ann agus le cuairt a thabhairt air, a dhéanamh dár gcontae.

D'iontráil Comhairle na nÓg Laoise céim nua in 2015 nuair a shínigh Comhairle Contae Laoise comhaontú leibhéal na seirbhíse le hObair d'Ógra Éireann (Laois) dá oibriú agus dá fhorbairt.

Ag labhairt dó ag síniú oifigiúil an chomhaontaithe, mhol an Cathaoirleach, an Comh. John Joe Fennelly, Obair d'Ógra Éireann (Laois) agus Comhairle na nÓg Laoise ar leithligh, as ucht a n-oibre ar son na n-ógánach i gContae Laoise.

Léirigh an Stiúrthóir Seirbhísí, Anna Marie Delaney an lúcháir a bhí ar Chomhairle Contae Laoise i ndiaidh d'Obair d'Ógra Éireann (Laois) ceangal a dhéanamh le Comhairle na nÓg Laoise ar bhonn oifigiúil. Luaigh sí, anuas air sin, gur bhain ríthábhacht le caidreamh daingean a dhéanamh den chaidreamh idir an t-údarás áitiúil agus OÓÉ Laoise, agus ní hamháin go ndéanfadh saineolas agus tiomantas na seirbhíse don ógra feabhas breise a chur ar shár-obair Chomhairle na nÓg Laoise, ach go gcuirfeadh sé ar chumas an údaráis áitiúil chun na naisc a threisiú atá ag an gComhairle le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta, agus tá seo ar phríomhchuspóir na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le rannpháirtíocht agus comhairliúchán.
Tá sé mar aidhm ag Comhairle Laoise chun dul i gcomhairliúchán le comhlachtaí cinnteoireachta daoine fásta a dhéanann idir bheartais agus phleananna dár gcontae, ar nós cosaint a chinntiú do dhaoine óga agus áiseanna nó faisnéis a sholáthar dóibh. In Iúil 2015, d'óstáil Comhairle Laoise imeacht ceoil agus teaghlaigh chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le feasacht ar mheabhairshláinte, dar teideal "Rachaimis as ár Meabhair" ("Let's Go Mental"). Bhí an t-imeacht seo ina thoradh ar na míonna d'obair a rinne na daoine óga chun feasacht a mhúscailt ar sheirbhísí, agus chun an tsaincheist um chosc ar fhéinmharú agus feasacht ar mheabhairshláinte a thabhairt chun solais i measc déantóirí cinntí i Laois.

Anuas air sin, tá sé de chúram ar an gComhairle aiseolas a thabhairt do na daoine óga ar fud an chontae faoi na saincheisteanna agus na comhairliúcháin seo. Rinne Julian Nagi ionadaíocht do Laois in 2015 ar Choiste Feidhmiúcháin Náisiúnta Chomhairlí na nÓg freisin.

Bhí Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) Chomhairle Laoise ar siúl an 12 Samhain 2015 i gColáiste Phort Laoise agus d'fhreastail breis agus 90 duine óg air. Bhí an CGB bunaithe ar an gcreatlach náisiúnta "Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gléine", ar a ndearnadh plé mionsonraithe agus cruthóidh roinnt saincheisteanna a tugadh chun solais cuid d'obair na Comhairle don bhliain 2016.

SEACHTAIN FEASACHTA AR MHEABHAIRSHLÁINTE LAOIS CONNECTS

Bhí Seachtain Feasachta ar Mheabhairshláinte Dhearfach Laois CONNECTS 2015 ar siúl ón 5 go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2015 agus bhí an rath geal uirthi arís eile. Dhírigh tionscnamh mór a mhair seachtain iomlán agus a bhí ar siúl ar fud an chontae ar chabhrú le daoine i bpobail fud fad Laoise chun dul i ngleic le saincheisteanna meabhairshláinte.

Thit réimse imeachtaí amach i rith na seachtaine ar ar fhreastail go leor daoine, agus leag siad béim, chomh maith, ar na seirbhísí agus na tacaíochtaí gairmiúla atá ar fáil do gach duine, ina measc cainteanna FSS ar “Conas Rochtain a Fháil ar Sheirbhísí Meabhairshláinte”, “Glóir a Chloisteáil” agus “Corp Folláin, Aigne Fholláin”. Labhair an tOllamh Jim Lucey le slua mór in Óstán Abbeyleix Manor faoi “an Mheabhairshláinte agus Folláine”. Cuirtear an t-imeacht ar siúl gach bliain i gcuimhne Kathleen Gorman, a bhásaigh, ar dhuine agus ar laoch pobail í a raibh aithne fhairsing uirthi i Laois. D’óstáil Tionscadal Portaigh Mhainistir Laoise idir shiúlóidí agus chainteanna. I measc na n-imeachtaí eile, bhí rangannaióga, agus Rith Páirce 5 Chiliméadar feadh bhruacha na Canálach i mBaile an Bhiocáire.

D’óstáil roinnt gníomhaireachtaí a bhí ag oibriú as lámh a chéile an tseachtain – Comhairle Contae Laoise, FSS, Comhpháirtíocht Spóirt Laoise, Meabhairshláinte Éireann, Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise agus Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí. Ar a bharr sin, thacaigh líon mór eagraíóchtaí le himeachtaí i rith na seachtaine, ina measc Teach Glosna, Seideanna na bhFear, Ionad Ealaíne Dhún Másc, Caifé Óige Phort Laoise agus Ráth Domhnaigh agus Cumann Rugaí Phort Laoise.

Thit oscailt oifigiúil ag an gCathaoirleach, Catherine Fitzgerald, ar Pháirc an Phobail nua-athchóirithe amach, ina raibh Seisiún Gleacaíochta Glaise sa hall gleacaíochta faoin spéir sa pháirc agus thit seoladh na mBord um Fhaisnéis faoi Fholláine le haghaidh Eagraíochtaí Gnó agus Spóirt amach i gCumann Rugbaí Phort Laoise.

CISTE NA DTIONSCADAL POBAIL (COMHALTAÍ TOFA)

Soláthraíonn an Ciste Tionscadal Pobail cúnamh airgeadais do ghrúpaí/choistí/eagraíochtaí i gContae Laoise trí iarratais a mholann gach Comhalta Tofa de chuid Chomhairle Contae Laoise. Próiseáladh 51 iarratas in 2015.

COMHPHÁIRTÍOCHT GHNÓ SCOILEANNA

In 2015, lean Comhairle Contae Laoise dá comhpháirtíocht le daltaí 5ú bliain i gColáiste Phort Laoise, d'fhonn cur i gcrích scoile a spreagadh trí thosú ar chlár dar teideal "Scileanna ag an Obair" a chur i bhfeidhm. Rinne foireann na Comhairle meantóireacht ar dhaltaí le linn scoilbhliain 2015/2016, rud a chuimsigh cuairt ar Áras an Chontae le bualadh le fostaithe na Comhairle agus beannú dóibh, cuairt ar Stáisiún Dóiteáin Phort Laoise agus seisiún le Rannóg Acmhainní Daonna na Comhairle i leith scileanna agallaimh agus CVanna a ullmhú. Tugadh an clár chun críche le bréagagallaimh faoinar thug fostaithe na Comhairle agus seisiún aiseolais ag na daltaí a ghlac páirt

Cistítear an Chomhpháirtíocht Ghnó Scoileanna (CGS) faoin bPlean Náisiúnta Forbartha agus d'éirigh léi beagnach 200 iar-bhunscoil in Éirinn a mheaitseáil le gnólacht áitiúil. Tá Comhairle Contae Laoise agus Coláiste Phort Laoise meáite ar leanúint leis an gcaidreamh rathúil seo a chothú agus beartaíonn siad chun tabhairt faoin gclár arís eile sa chéad bhliain acadúil eile.Leanadh le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga i Laois in 2015 agus déantar ionadaíocht don Chomhairle ar Chuibhreannas Caifé Óige Ráth Domhnaigh agus i dTionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire.

Tá forbairt Chaifé Óige Ráth Domhnaigh nach mór críochnaithe agus leanfaidh an cuibhreannas ag tacú leis an ngrúpa chun an spás do dhaoine óga a fhorbairt.

Tionscadail Chomhoibritheacha/Cuimsiú Sóisialta

Rinne foireann na Rannóige Pobail agus Fiontair ionadaíocht do Chomhairle Contae Laoise ar roinnt Bord agus Coistí i rith 2015 agus chomhoibrigh siad, chomh maith, leis na gníomhaireachtaí/eagraíochtaí a leanas ar thionscadail agus tionscnaimh éagsúla i rith 2015:

- Sraithchomórtais Sacar Sráide Phort Laoise
- Clár Cóitseála Pobail

- Clár Míchumais Chuimsithe Shóisialta Chomhpháirtíocht Spóirt Laoise
- Caifé Óige Phort Laoise
- Imeachtaí Ghrúpa Tacaíochta Mionlaigh Eitnigh Laoise

- Leabhar comórtha "Sacred Hearts" Scoil an Chroí Ró-Naofa, Port Laoise

- Imeacht "Rothaíocht in Aghaidh Féinmharú" Scoil Chríost an Rí
- Cuideachta Chomhpháirtíochta Laoise
- Laois Trip
- Tionscadail Athstiúrtha BLOCK agus PORT an Gharda Síochána
- Cuibhreannas Caifé Óige Ráth Domhnaigh
- Grúpa Comhoibritheach Meabhairshláinte Laoise
- LABEL (Ionad Tríú Leibhéal Laoise)
- Coiste Coimhlinte agus Idirghabhála Lucht Siúil an Láir Tíre

Táscairí Feidhmíochta 2014

Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg

Céatadán na scoileanna agus na ngrúpaí óige áitiúla a bhfuil baint acu i Scéim Chomhairle na nÓg	51.22%

Líon na rannpháirtithe tairsí a fhostaítear mar % den sprioc

Líon na rannpháirtithe tairsí a chuir tús le socrúchán oibre mar % de na socrúcháin a leithdháileadh ar an údarás áitiúil	34.55%

% na n-ainmnithe le ballraíocht an CFPÁ trí struchtúir an LRP ó na grúpaí is imeallaithe de SICAP

Líon na n-ainmnithe le ballraíocht an CFPÁ trí struchtúir LRN ó na grúpaí SICAP is imeallaithe	0

An líon daoine a leanann ar aghaidh go dtí fostaíocht lánaimseartha, pháirtaimseartha nó féinfhostaíocht laistigh de 6 mhí tar éis tacaíocht fostaíochta Sprioc 3 a fháil

An líon daoine a lean ar aghaidh	40

Turasóireacht

I gcaitheamh 2015, lean an Chomhairle leis an gContae a chur chun cinn agus d'oibrigh sí go gníomhach le Bord Thurasóireacht Laoise, Fáilte Éireann, agus leis an bPobal i gcoitinne chun Laois a chur chun cinn mar cheann scríbe Féile agus Imeachta agus a próifíl a neartú mar cheann scríbe ar a bhfillfidh cuairteoirí gach bliain.

Rinneadh réimse féilte agus imeachtaí a phleanáil agus a eagrú, ina measc:

Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise:

Thit Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise amach ón 18 go dtí an 21 Bealtaine 2015. Tá fás réidh tagtha ar an imeacht seo i gcaitheamh na mblianta agus ghlac 150 galfaire páirt ón mBreatain Bheag, Sasana, Málta, an Spáinn agus Tuaisceart Éireann.

Tá an Dúshlán Gailf ar siúl le 11 bhliain anuas agus cuirtear ar bun é le tacaíocht ó Chomhairle Contae Laoise, Turasóireacht Laoise agus Fáilte Éireann. Cuireadh Dúshlán 2015 ar bun ar ghalfchúrsaí an K Club, Mhaighean Rátha agus Ráth Domhnaigh agus thit an craobhchomórtas amach in Killenard. Thit searmanas bronnta amach do na buaiteoirí Déardaoin, an 21 Bealtaine 2015.

Féile Réigiúnach Rós Thrá Lí

Thit Féile Réigiúnach Rós Thrá Lí amach ó Déardaoin, an 28 Bealtaine go dtí Dé Domhnaigh, an 31 Bealtaine. I measc bhuaicphointí na Féile, bhí oscailt oifigiúil an imeachta ag an bPlás Cathartha Dé hAoine, an 29 Bealtaine, Paráid na Rósanna agus

Bhachlóg na Rósanna i nGluaisteáin Seanré agus Cóisir Shráideanna ina dhiaidh sin, Dé Sathairn, an 30 Bealtaine anuas ar an gcuairt Bhliantúil ar Mhainistir Laoise agus ar Chaisleán Dharú, Dé Domhnaigh, an 31 Bealtaine.

Turas Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett na hÉireann

Bhí Rás Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett na hÉireann ar siúl i gcaitheamh dheireadh seachtaine Lá Saoire Bainc an Mheithimh. Cuireadh fáiltiú Cathaoirligh ar siúl in Áras an Chontae, Dé hAoine, an 29 Bealtaine chun fáilte a chur roimh na cuairteoirí, go háirithe na cuairteoirí ar Laois a tháinig as tíortha thar lear. Cuid thábhachtach is ea Féile Gordon Bennett de chuid Fhéile Réigiúnach Rós Thrá Lí i bPort Laoise.

I measc na bhFéilte agus na nImeachtaí eile lenar thacaigh an Chomhairle, bhí

- Féile Ros Fhionnghlaise ar an Sliabh
- Railí Gluaisteán Mhótarchumann Bhiorra agus Cheantar Bhiorra
- Féile an tSamhraidh (Summerfest) Mhóinteach Mílic
- Féile Cheoil Ráth Domhnaigh
- Raonta Cultúir agus Bóithre Tuaithe na hÉireann
- Aonach Teaghlaigh an tSráidbhaile – Seilg Laoise
- Féile Siúlóidí Laoise 2015
- Féile Francais de Portarlington
- Railí Gaile an tSráidbhaile
- Athchóiriú Theach Margaidh an tSráidbhaile
- Fleadh Contae Laoise

Scéim Deontais Diaspóra Turasóireachta Pobail

Tá an scéim ar bun le dhá bhliain anuas agus soláthraíonn sí ciste náisiúnta €1 milliún chun tacú le himeachtaí agus féilte pobalbhunaithe gach bliain. Anuraidh, tacaíodh le 15 imeacht i Laois, a mheall go leor cuairteoirí ó thíortha thar lear. I measc na bhféilte a cistíodh i mbliana, bhí

- Féile na bhFear Bréige
- Cuairt “Cóir Ardscoil Chaitliceach Santa Margerita” – Teach Mochua
- Féile Cheoil agus Dhamhsa Chumann an Leathdhorais – Baile an Chaisleáin
- Taispeántas Foraoiseachta, Coillearnaí agus Bithfhuinnimh na hÉireann, ‘Timber 2015’
- Teacht Abhaile William Edmundson agus a Chairde – Móinteach Mílic/Ros Fhionnghlaise
- ‘Nocht sa Choill’ (‘Bare in the Woods’) – Garraí Inse

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2015

Bhí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ar siúl i Ráth an Uisce ón 22 go dtí an 24 Meán Fómhair 2015. Seo an tríú bliain i ndiaidh a chéile gur thit an tImeacht Náisiúnta mór seo amach i Laois. D’fhreastail an slua ba mhó 281,000 duine ar an imeacht agus bhí imeacht na bliana seo ar an gceann ba rathúla go dtí seo, dá bharr.

AN RANNÓG EALAÍON

Scoil Cheoil Laoise

Lean 300 dalta a bheith cláraithe le Scoil Cheoil Laoise agus ba dhealraitheach go raibh an-rath ar an áitreabh nua. Bhí bliain an-ghnóthach ag an gCeolfhoireann, agus tugadh cuireadh dóibh bheith i gcuideachta Acadamh Fraserburgh in Obar Dheathain, an Albain, chun ionadaíocht a dhéanamh do Laois Lá Fhéile Pádraig. Thaistil grúpa 20 dalta, 12 thuismitheoir agus 2 theagascóir sall agus bhí cuairt an-rathúil acu agus sheinn siad i hallaí scoile

agus pobail. D'fhill an grúpa ó Albain ar Laois athuair i nDeireadh Fómhair agus chaith siad roinnt ama le ceol a ullmhú lena leathbhádóirí i Laois sular sheinn siad i roinnt scoileanna áitiúla. Comhpháirtíocht leanúnach a bheidh i gceist leis seo idir an dá scoil, agus tá cuairteanna breise beartaithe i gcaitheamh na mblianta amach romhainn. Thit an dara Féile Bhliantúil Cheoil amach i Márta agus tháinig méadú nach mór faoi dhó ar an lucht freastail i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. I gcomhpháirtíocht le Scoil Cheoil Laoise, Glúin an Cheoil Laoise agus Cumann Ceolfhoirne Óige na hÉireann (an IAYO), tugadh an t-óbó isteach mar uirlis arb annamh a sheinntear é agus tá ag éirí go maith leis i measc triúr daltaí go dtí seo.

Glúin an Cheoil Laoise

Tá clár Ghlúin an Cheoil Laoise ag leanúint ar aghaidh ag fás agus fuair breis agus 2,300 leanbh rochtain ar theagasc ceoil tríd an gclár in 2015. De bhreis ar cheachtanna seachtainiúla, ghlac leanaí agus daoine óga páirt i roinnt ceolchoirmeacha, ceardlann agus máistir-ranganna, lenar áiríodh Ceolchoirmeacha Ceiliúrtha Breithlá 3 Bliana Ghlúin an Cheoil Laoise i Meitheamh 2015. In Iúil, ghlac Duke Special páirt i dTionscadal Scríofa Amhráin le rannpháirtithe i Scoil an Rac-Cheoil agus an Phopcheoil. Thit sraith ceardlanna ceoil thraidisiúnta amach i bPort Laoise ina raibh máistir-ranganna le Tríona Marshall (an Chruit) agus Martin Tourish (an Bosca Ceoil) ar siúl ag a ndeireadh. D'fhill Bus John Lennon ar Phort Laoise i Lúnasa 2015, agus tugadh an deis do 17 n-ógánach chun páirt a ghlacadh agus amhráin nua a scríobh agus a thaifeadadh lenar ghabh físeáin cheoil. Áirítear le cláir Ghlúin an Cheoil Laoise Scoil an Rac-Cheoil agus an Phopcheoil, Clár Amhránaíochta, 'an Bosca Ceoil', clár do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, Clár Ceoil Thraidisiúnta, Clár Ceolfhoirne, agus clár 'Táinrith' ('Stampede') (drumadóireacht dhomhanda). In Aibreán 2015, bhunaigh Glúin an Cheoil Laoise ensemble cruite.

Téatar Ógra Laoise

Áiríodh le clár Théatar Ógra Laoise ceardlanna, taibhithe agus malartuithe gach seachtain do suas go dtí 80 leanbh/duine óg, nithe ar éascaigh teagascóirí cáilithe drámaíochta iad. Cuireadh 2 dhráma rathúla ar siúl, "The Mobile Phone Show" agus "Whiplash" i Lárionad Oideachais Óige Phort Laoise i mBealtaine.

Ionad Ealaíon Dhún Másc

Leanann Comhairle Contae Laoise ag tacú le Lárionad Ealaíon Dhún Másc mar cheann de na príomhionaid Ealaíon i Laois.

An Teach Ealaíne, an Sráidbhaile

Áiríodh leis an gclár cónaitheachtaí ealaíontóra, ceardlanna, turais, imeachtaí agus taispeántais stiúideo oscailte. Rinneadh sraith cónaitheachtaí ealaíontóra a óstáil agus leas á bhaint as an Scéim 'Percent for Art', a raibh tionscadal an-rathúil péintéireachta agus taispeántais faoin spéir ina bhuaicphointe dar teideal "Plein Air" leis an Ealaíontóir Jock Nichol i gcaitheamh an tsamhraidh.

An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Bhí an Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna á reáchtáil i naoi scoil in 2015. Tríd an Scéim sin, tá daltaí in ann eispéireas domhain a bheith acu leis an ealaíontóir gairmiúil agus bíonn an deis acu cineálacha difriúla ealaíne a eispéiriú.

Féile Bealtaine – do Dhaoine Breacaosta

Chuir an Oifig Ealaíon clár iomlán imeachtaí i láthair do dhaoine breacaosta atá i suíomhanna pobail agus cúraim i rith mhí na Bealtaine.

Tionscadail Chomhoibritheacha an Láir Tíre

Rinneadh dhá iris Ealaíon agus Chultúir don Lár Tíre a fhoilsiú agus a dháileadh ar fud réigiúin an Láir Tíre in 2015.

An Clár Ealaíona Samhraidh

Reáchtáladh sraith ceardlanna ealaíne 3 lá ar fud an chontae inar cuireadh tionscadail a bhí cuimsitheach i dtaobh cúrsaí sóisialta de i Móinteach Mílic agus i Maighean Rátha san áireamh.

Oíche Náisiúnta an Chultúir

Bhí an t-ollrath ar Oíche an Chultúir, Dé hAoine, an 18 Meán Fómhair agus bhí imeachtaí saor in aisce ar bun ar fud Laoise. I measc na mbuaicphointí, bhí sraith ceardlanna scríofa amhráin le John Spillane agus ceolchoirm finale ina raibh cuid de na daltaí a ghlac páirt. I measc na n-imeachtaí eile, bhí ceardlann faoin spéir ar Charraig Dhún Másc, ceardlann ealaíne agus scíthe agus ceardlanna ceardaíochta don teaghlach in Ionad Ealaíon Dhún Másc anuas ar thaispeántas ealaíne agus ceardaíochta i Mainistir Laoise.

Scoil James Fintan Lalor

Bhí an tríú ceann de Scoil James Fintan Lalor ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Mar chuid de, cuireadh deireadh seachtaine de dhíospóireachtaí agus plé polaitiúil ar bun a bhí spreagtha ar scríbhneoireacht James Fintan Lalor, ceol agus scéalaíocht le Nuala Hayes ó "Folktales of Laois" agus taispeántas de léaráidí bunúla le Rita Duffy ón leabhar.

Féile Litríochta na nDuilleog

Thit Féile Liteartha na nDuilleog bhliantúil amach i Samhain agus áiríodh léi clár líon lán de cheardlanna leanaí, ceardlanna scríofa scripte do dhaoine fásta, lémha agus ceoil.

I measc na ngníomhaíochtaí eile, bhí

- Bronnadh Deontas faoin Acht Ealaíon
- Sparánacht Ionad Tyrone Guthrie
- Taispeántais
- Tionscadail 'Percent for Art' – Cónaitheacht Ealaíontóra
- Tacaíocht d'Fhéilte agus d'imeachtaí ealaíon pobail

AN RANNÓG SPÓIRT AGUS FÓILLÍOCHTA

Lean an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta ar aghaidh ag soláthar sraith imeachtaí agus gníomhaíochtaí rathúla le linn 2015.

Ar na buaicphointí tá:

Áiseanna Fóillíochta agus Súgartha

Lean Ionaid Fóillíochta Phort Laoise agus Chúil an tSúdaire le seirbhís phoiblí den chéad scoth a sholáthar agus tá Boird an dá ionad ag oibriú go héifeachtúil. Bhain an dá ionad Dámhachtain Bhonn Óir – Bratach Bhán Ireland Active 2015/16 amach. D'éirigh le Comhairle Contae Laoise Deontas Caipitil Spóirt €102,000 a bhaint amach a roinnfear idir an dá ionad chun trealamh gleacaíochta a uasghrádú agus tá €80,000 geallta ag Comhairle Contae Laoise chun a chomhionann de chistiú a sholáthar.
Déanann Comhairle Contae Laoise bainistiú faoi láthair ar fhiche Áis Súgartha Pobail óna dteastaíonn Clár suntasach bliantúil Cothabhála agus Deisithe.

In Earrach 2015, rinneadh na háiseanna súgartha ag Páirc an Phobail, Port Laoise a athchóiriú. Rinne an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta maoirsiú ar áiseanna breise a soláthraíodh sa pháirc, ina measc Halla Gleacaíochta faoin Spéir, Cúrsa Treodóireachta, Faiche Súgartha Nádúrtha agus Athdhromchlú Cosán a sholáthraíonn Bealaí iontacha Siúil. Chistigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Comhlachtaí Poiblí Éireannacha, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Bailte Folláine anuas ar Chomhairle Contae Laoise na tionscadail seo.

Seachtain na Rothar 2015

D'éirigh le Comhairle Contae Laoise cistiú a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2015 chun sraith imeachtaí a chomhordú le cúnamh ó ghrúpaí Pobail ar fud an chontae.
Clár atá i Seachtain na Rothar a spreagann na mílte duine fud fad na hÉireann chun triail a bhaint as rothaíocht, cé acu mar bhealach chun dul chuig na siopaí áitiúla, chuig an scoil nó díreach chun cuairt a thabhairt ar chairde.

Chomhordaigh Rannóg Spóirt agus Fóillíochta Chomhairle Contae Laoise 23 imeacht de chuid Sheachtain na Rothar a bhí ar siúl ón 13 go dtí an 21 Meitheamh 2015 ar ar fhreastail os cionn 1,497 rannpháirtí ar fud Chontae Laoise.

Ghlac deich scoil i Laois páirt in Imeachtaí Sheachtain na Rothar; i measc na scoileanna, bhí Scoil Náisiúnta Naomh Fiach, Scoil Náisiúnta Mhaigh Eo agus Scoil Náisiúnta na Rátha. Ar an iomlán, ghlac 943 leanbh páirt i nGníomhaíochtaí Sheachtain na Rothar.

Eagraíodh 13 imeacht éagsúla pobail le haghaidh Sheachtain na Rothar, ina measc Cumann Cónaitheachta Kiln Lane, Maighean Rátha, 6ú Gasóga Mhaighean Rátha Laoise, Cumann Cónaitheachta an Ghleanna, Ionad Forbartha Óige Mhóinteach Mílic (an MYDC).

Reáchtáil Club Óige na hEalla rothaíocht spraoi teaghlaigh 10 gciliméadar. Tugadh olltacaíocht don imeacht a bhí ar siúl um thráthnóna agus ghlac 41 rothaí páirt ann agus bhain 110 duine áitiúil scoth an aoibhnis as tráthnóna iontach pobail de chaint agus comhrá agus cupán sóisialta tae!

Reáchtáil Naíolann Jelly Tots agus cairde maidin rothaíochta spraoi le haghaidh leanaí idir 3 agus 4 bliana d'aois. Reáchtáladh an t-imeacht seo i bPáirc an Athair Breen i Mainistir Laoise, áit a raibh scoth an spraoi ag 95 duine óg, anuas ar roinnt sciorrtha! Bhí an rath geal ar an imeacht rothar seo.

Tháinig 110 rannpháirtí i láthair le haghaidh Dhúshlán na nDeich mBaile (Cumann Rothaíochta Osraí), Darú, Contae Laoise.
Thosaigh an rothaíocht 90 ciliméadar ag 10am (rothaithe taithíocha) agus thosaigh an rothaíocht 20km ag 11am (teaghlaigh agus rothaithe fóillíochta). Bhain cách an-súp as an mbia, na sólaistí agus as an gcomhrá.

Chomh maith leis sin, ghlac foireann Chomhairle Contae Laoise páirt i Seachtain na Rothar agus d'eagraigh siad rothaíocht am lóin don fhoireann.

Clár Gníomhaíochta do Leanaí

Bróisiúr an tSamhraidh 2015

Rinne an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta a treoir bhliantúil a chur i dtoll a chéile maidir le gníomhaíochtaí an tsamhraidh do theaghlaigh. Dáileadh 8,000 cóip i measc scoileanna agus leabharlann i gcontae Laoise. Seoladh Bróisiúr an tSamhraidh i mBaile Cholla i mBealtaine 2015.

Leadóg na bPáirceanna 2015

D'eagraigh agus sholáthair Comhairle Contae Laoise clár an-éagsúil samhraidh in 2015 ar fud an chontae. Soláthraíodh Leadóg na bPáirceanna i Mainistir Laoise, Móinteach Mílic, Port Laoise agus Cúil an tSúdaire agus ghlac 220 leanbh páirt sa chlár seo.

Lá Náisiúnta an Súgartha 2015

Sholáthair Comhairle Contae Laoise clár imeachtaí saor in aisce i bPáirc an Phobail sa chéad seachtain in Iúil 2015, agus tógadh cathair mheánaoiseach chairtchláir agus foirgneamh caisleán gainimh agus cuireadh treodóireacht ar bun agus rinneadh sciatha agus féileacáin chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Náisiúnta an Súgartha Bhí an-tóir ar na himeachtaí seo i measc leanaí agus tuismitheoirí araon.

Seachtain Náisiúnta Áineasa 2015

Comhthionscnamh is ea Seachtain Náisiúnta Áineasa 2015 idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Údaráis Áitiúla. Tá Seachtain Náisiúnta Áineasa dírithe ar dhaoine óga idir 12 bhliain d'aois agus 18 mbliana d'aois. Ba é cuspóir foriomlán an imeachta in 2015 chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le háineas do dhaoine óga agus chun iad a spreagadh chun triail a bhaint as gníomhaíocht faoin spéir.

Sholáthair an RLGÓ cistiú chun clár a sholáthar a mhair seachtain, lenar áiríodh Fánaíocht Eachtraíochta, Curachóireacht, Oiliúint Cleachtadh Cuarda faoin Spéir, Treodóireacht, Póló Spongee agus Sacar Boilgeoige – agus cuireadh ar bun iad go léir i gContae Laoise. Ghlac tríocha a trí rannpháirtí páirt sna himeachtaí agus bhí an t-ollrath orthu.

An Tionscnamh um Chluichí ar an bhFaiche

Lean Comhairle Contae Laoise lena gcomhpháirtíochtaí rathúla le Cumann Peile na hÉireann, le Rugbaí Laighean agus le CLG Laoise chun páirtchistiú a dhéanamh ar Oifigigh Forbartha a fhostú le haghaidh an chláir um spórt sa phobal a sholáthar. Sa chlár um Chluichí ar an bhFaiche, sholáthair Oifigigh Forbartha seisiúin chóitseála do leanaí in eastáit ar fud an chontae. Tá an clár oscailte do bhuachaillí agus do chailíní araon idir 6 bliana d'aois agus 12 bhliain d'aois ar bhonn seachtainiúil ar feadh 12 sheachtain. I measc na láithreacha a cumhdaíodh i gclár 2015, bhí Ionad Fóillíochta Chnoc Maí agus Phort Laoise, Ionad Fóillíochta Kiln Lane agus na Móna Báine (Maighean Rátha), Coill na Cúirte agus Chúil an tSúdaire anuas ar Pháirc Uí Choigligh i Ráth Domhnaigh. San iomlán, ghlac 300 leanbh páirt sa chlár a críochnaíodh le Finale a bhí ar siúl in Ionad Fóillíochta Phort Laoise i mí Iúil 2015 ar ar fhreastail Cathaoirleach Chomhairle Contae Laoise, Catherine Fitzgerald.

PEIL/CLUICHÍ GAELACHA/RUGBAÍ DE SHIÚL

Lean Comhairle Contae Laoise ag tacú leis an gclár nuálach seo in 2015.

Ba thionscadal nua é Peile/Cluichí Gaelacha/Rugaí a tosaíodh ag deireadh na bliana 2014 i gcomhar leis an Roinn Shíciatrach in Ospidéal San Fionntán agus leis an Ionad Trióige. Imríonn na rannpháirtithe leagan oiriúnaithe de na cluichí do dhaoine ag a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe nó theoranta. Baineadh úsáid as an gclár chun cabhrú leis na rannpháirtithe éirí gníomhach i dtimpeallacht shóisialta.

An Clár um Leanaí Óga Sacair

Lean an Clár um Leanaí Óga Sacair le deis a chur ar fáil do bhuachaillí agus do chailíní idir 3 bliana d'aois agus 6 bliana d'aois chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht eagraithe spóirt. Reáchtáiltear an clár i gcaitheamh tréimhse 8 seachtaine i gcaitheamh na bliana i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire. Oibríonn an clár chun na bunscileanna sacair a fhorbairt, ina measc an liathróid a phasáil, a dhruibleáil, an cúl a aimsiú agus bheith i do chúl báire. Níl an ghníomhaíocht iomaíoch agus bíonn liathróid ag gach leanbh le linn cleachtaidh lena chinntiú go mbíonn tréimhse fhada teagmhála acu leis an liathróid agus cruthaíodh go gcabhraíonn seo le himreoirí dul i mbun forbartha. Lean roinnt de na leanaí a ghlac páirt i Leanaí Óga Sacair roimhe seo ar aghaidh le páirt a ghlacadh i gcláir eile pheile, ina measc Cluichí ar an bhFaiche, Scoileanna Samhraidh Sacair agus Deirfiúracha Sacair. A bhuíochas le Leanaí Óga Sacair, tá anois bealach soiléir ann do leanaí ó aois 3 bliana ar aghaidh, cibé acu más mian leo imirt go hiomaíoch (bealach na gcumann) nó ar mhaithe le háineas (seisiúin sacair spraoi).

Sacar na mBan/na gCailíní

An Clár 'Deirfiúracha Sacair'

Cheap Aonad na mBan i gCumann Peile na hÉireann (FAI) an Clár 'Deirfiúracha Sacair' chun deis a thabhairt do chailíní idir 7 mbliana d'aois agus 12 bhliain d'aois páirt a ghlacadh i sacar. Níl clubanna ag freastal ar roinnt mhaith cailíní i gContae Laoise faoi láthair. A bhuí le 'Deirfiúracha Sacair' agus leis an seisiún buailte isteach, tá níos mó cailíní ag fáil deise sacar a imirt. Tá sé ríthábhachtach naisc a chruthú le clubanna agus thug roinnt clubanna foirne isteach ó na cailíní a d'fhreastail ar an gclár. Reáchtáiltear dhá champa i nDarú agus i mBaile Uí Laigheanáin i rith shaoire na Cásca. Ghlac 42 cailín páirt sna campaí i gcaitheamh 4 lá. I rith ráithe dheiridh na bliana, chuir dhá chumann nua, Cumann Naomh Aonghus i Maighean Rátha agus Cumann Lúthchleasa Peile Arlington i gCúil an tSúdaire tús le cláir pheile 'Deirfiúracha Sacair' agus chláraigh 46 cailín. Leanfaidh na grúpaí seo ar aghaidh isteach in 2016.

Peil do Chách

Tá Clár an FAI um Peil do Chách ar cheann de na cláir a sholáthraítear do dhaoine ag a bhfuil riachtanais speisialta. Is iomaí deis do dhaoine páirt a ghlacadh ann, bíodh siad ar an mbunscoil, ina ndaoine fásta nó ag aois ar bith eatarthu sin. I gContae Laoise, oibríonn Oifigeach Forbartha de chuid an FAI le grúpaí éagsúla, lena n-áirítear an Líonra Foghlama Náisiúnta, Scoil Speisialta Naomh Proinsias, Rehab Care agus Teach na Darach. Tá na grúpaí deighilte de réir cumais agus glacann grúpa amháin ar chumas níos ísle páirt i seisiúin gach Déardaoin agus glacann an grúpa ar chumas níos airde páirt i seisiúin gach Aoine Glacann an Líonra Foghlama Náisiúnta páirt i mblitzlá uair sa mhí, a reáchtálann an FAI sa Ghráig i gContae Laoise agus freastalaíonn foirne i láthair ó Laois, Uíbh Fhailí, Ceatharlach, Cill Chainnigh agus Cill Dara. In 2015, tugadh dhá ghrúpa nua isteach chuig clár um Peile do Chách an FAI/LCC. Chuaigh Nua Healthcare, arb aonad cúraim chónaithe agus ionad cúram lae é atá bunaithe i bPort Laoise do dhaoine a bhfuil riachtanais chasta tacaíochta acu, i gcomhpháirt le cúram Rehab agus le Teach na Darach chun tabhairt faoina ngníomhaíocht sheachtainiúil pheile. Cabhraíonn Oifigeach Forbartha an FAI/LCC le Siondróm Down Laoise lena ngrúpa seachtainiúil gleacaíochta uair sa mhí. Cuirtear gníomhaíochtaí peile ar bun go mbainfidh na rannpháirtithe taithneamh astu agus go bhfoghlaimeoidh siad scileanna nua.

Sraithchomórtas Sráide Phort Laoise

Reáchtáladh na Sraithchomórtais Sráide thar 9 seachtaine ó mhí an Mheithimh go mí Lúnasa chun gníomhaíocht sheachtainiúil a sholáthar do dhaoine aonair a bhí ina mic léinn, a bhí dífhostaithe go fadtéarmach, andúiligh a bhí ag teacht as, grúpaí mionlaigh eitnigh, lucht siúil na hÉireann ina measc. D'imir foirne cluichí ar bhonn seachtainiúil sa sraithchomórtas agus reáchtáladh comórtas coirn lae. Lean an rath a bheith ar 2015 agus ghlac 139 rannpháirtí páirt ar bhonn seachtainiúil. Bronnadh duaiseanna ar an bhfoireann a bhuaigh agus ar an bhfoireann a bhí sa dara háit agus déanfaidh na foirne sin ionadaíocht do Chontae Laoise sna Babhtaí Ceannais Shraithchomórtas Sráide Uile-Éireann i mí Aibreáin 2016. Tá Sraithchomórtas Sráide Phort Laoise ar cheann de na cláir is rathúla arna reáchtáil agus tá ionadaíocht déanta d'Éirinn ceathrar peileadóirí in 2015. Nuair a chuirtear iad siúd san áireamh, is ionann an líon iomlán peileadóirí idirnáisiúnta agus 8 bpeileadóir idirnáisiúnta. Bhí an rath geal orainn, fiú nuair a chuirtear san áireamh gur contae beag sinn.

Oideachas Cóitseálaithe

Bhí an líon ba mhó cúrsaí ar siúl agus ghlac an líon ba mhó rannpháirtithe páirt in 2015 ó thús chomhpháirtíocht an FAI/CCL. I rith na bliana, tugadh 8 gcúrsa Kick Start 1 agus ghlac thart ar 200 rannpháirtí páirt iontu agus ghlac 36 rannpháirtí páirt in Kick Start 2.

LEABHARLANNA

Comhlíonann an tSeirbhís Leabharlainne Poiblí ról riachtanach inár bpobail ach rochtain ar fhaisnéis, ar eolas, ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar léamh mar chaitheamh aimsire a chur ar fáil ar bhealach cuimsitheach. Soláthraítear í trí líonra a chuimsíonn 4 bhrainse lánaimseartha agus 6 bhrainse pháirtaimseartha. Leanann Seirbhísí Leabharlainne

sa chontae le spás sármhaith a chur ar fáil do chodanna den phobal áitiúil. Tá i bhfad níos mó i gceist lena tairiscint ná leabhair. Tá raon leathan seirbhísí ag na leabharlanna i ngach brainse. Áirítear leo sin seirbhísí idirlín leathanbhanda ar rátaí an-réasúnta, saoráidí priontála, fótachóipeála agus scanacháin, WIFI saor in aisce dobhaill, closleabhair, DVDanna, ceol, acmhainní ar líne, nuachtáin laethúla agus irisí, imeachtaí saor in aisce agus clubanna. Tairgeann leabharlanna nua-aimseartha timpeallacht shaibhir chultúrtha agus oideachasúil ina gcuirtear spás agus rochtain ar fáil do na daoine sin ar mian leo a saol laethúil a shaibhriú.

Leabharlann Nua Chúil an tSúdaire

Cuireadh tús le hoibreacha ar Leabharlann Chúil an tSúdaire in Eanáir 2015. Bronnadh an conradh tógála ar Dunnes Builders, Cúil an tSúdaire i ndiaidh iomaíocht náisiúnta tairisceana. B'éard a bhí i gceist leis an tionscadal ná na ballaí reatha istigh a scartáil, gnéithe an tí cúirte a bhaint, athruithe nua a dhéanamh, ina measc, fuinneoga nua, bealach isteach, urlárlach, clós, soilsiú agus líonraí TF. Chomh maith leis sin, tá rindreáil sheachtrach inslithe curtha ar na ballaí seachtracha go léir agus na hoibreacha seachtracha tírdhreachaithe go léir. Críochnaíodh oibreacha tógála i Samhain 2015 agus cuireadh tús le feistiú agus socrú na Leabharlainne i Nollaig 2015 agus beartaítear an Leabharlann a oscailt in Eanáir 2016. Tá anois 450 méadar cearnach sa leabharlann, a fhreastalóidh ar dhaonraí méadaitheacha Chúil an tSúdaire agus an cheantair máguaird. Cuirtear saoráid den chéad scoth ar fáil sa Leabharlann nua don phobal iomlán agus tá os cionn 16,000 imleabhar de stoc agus de mheáin, saoráidí uasghrádaithe agus méadaithe priontála/scannacháin TF agus WIFI saor in aisce inti. Beidh an leabharlann oscailte ar uaireanta lánaimseartha, an Satharn san áireamh, agus suiteáladh córais féinseiceála amach inti a chuirfidh ar chumas custaiméirí a n-earraí féin a sheiceáil isteach agus amach.

Leabharlann Nua Phort Laoise – Láithreán Shaws, an Phríomhshráid

Rinne Comhairle Contae Laois foirgneamh Shaws ar an bPríomhshráid Íochtarach i bPort Laoise a éadáil chun roinn nua Leabharlainne Poiblí agus staidéir áitiúil a sholáthar.

Tá an foirgneamh lonnaithe go straitéiseach i gcroílár na Príomhshráide, Port Laoise. Cuirfidh sé feabhas ar inrochtaineacht na leabharlainne do gach cuid den phobal. Síníodh conarthaí don fhoirgneamh/láithreán agus tugadh na heochracha don Chomhairle. Bogfaidh an tionscadal ar aghaidh anois go dtí céim mhionsonraithe phleanála agus dhearaidh. Cuireadh cruinniú ar bun leis an Aire Alan Kelly T.D. i bhFeabhra 2015 chun cistiú don leabharlann a chur chun cinn.

Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí

Chuir Leabharlanna Contae Laoise réimse leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl i ngach Brainse Leabharlainne in 2015. Bhain Leanaí agus Daoine Fásta ar fud an chontae taitneamh as an iomaí imeacht agus gníomhaíocht a d'eagraigh foireann na leabharlainne. Bhí clár na bliana seo líon lán agus thug údair cuairteanna spreagúla, bhí comórtais ealaíne, seoltaí ealaíne agus taispeántais, ceadail cheoil, clubanna leabhar, ranganna ríomhaire agus scéalaíocht ar bun.

I measc bhuaicphointí na bliana, bhí Bealtaine, Seachtain na Gaeilge, Seachtain na hOidhreachta, Oíche an Chultúir agus Féile Leabhair Leanaí.

WIFI

Tá WIFI ar fáil i Leabharlann Phort Laoise, Mhóinteach Mílic, Mhaighean Rátha, Mhainistir Laoise, Chúil an tSúdaire agus Ráth Domhnaigh.

An Ciste Leabhar

B'ionann an Ciste Leabhar do 2015 agus €75,000.

Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh na Sáraitheoirí Curiarrachta

Arís eile, d'éirigh go geal leis an Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh. D'éirigh le breis agus 1,200 leanbh de gach aois ón gcontae an dúshlán a shárú. Léigh gach duine acu 6 leabhar le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa. Sheol Oisín McGann, údar Éireannach, an dúshlán agus reáchtáil sé sraith ceardlann. D'fhill sé i mí Dheireadh Fómhair chun a mbonn a bhronnadh ar na rannpháirtithe rathúla. Tionscnamh iontach a chuireann an litearthacht agus an léitheoireacht chun cinn a thuilleadh i measc leanaí agus a spreagann daoine ar gach aois dul i mbun léitheoireachta is ea an Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh.

Stair/Staidéar Áitiúil

Tá an-leas á bhaint as an Rannóg Staidéir Áitiúil agus Cartlainne fós ag daoine ar fud an domhain trí cheisteanna ríomhphoist agus ag staraithe áitiúla agus ag baill den phobal. Le blianta beaga anuas, d'fheabhsaigh foireann na Leabharlainne an láithreán

Gréasáin staire áitiúla ag www.askaboutireland.ie agus chuir sí leis. Folaíonn sí rogha mhór cártaí poist de Chontae Laoise e.g. sráid-dreacha seana agus críoch-chomharthaí cáiliúla. Tá insint bhreise faoi ghnáthaimh áitiúla agus faoi bhéaloideas áitiúil ann freisin. Is é an nasc ó Leathanach Gréasáin na Leabharlainne:
www.laois.ie/leisureandculture/libraries/localresearch.
Rinneadh roinnt leabhair a bhfuil cur amach maith orthu a dhigitiú agus tá siad ar fáil ar líne anois. Is iad siúd "Sta¬tistical Survey of the Queens County" le Coote, "The History of the Queens County" le O'Byrne agus "The Manor of Glenmore". Tá Nuachtáin Chartlainne ar fáil anois i bhfoirm dhigiteach i leabharlanna Brainse.
Ar mhaithe le Seachtain na hOidhreachta, thug Stair Bheo na hÉireann (Irish History Live) cuairt ar Leabharlanna Mhaighean Rátha, Ráth Domhnaigh, Chúil an tSúdaire, Mhainistir Laoise, Mhóinteach Mílic agus Phort Laoise agus d'éist na leanaí le Michael Moylan fad a d'inis sé scéalta staire agus oidhreachta. Cuireadh ceardlanna ginealais agus bithéagsúlachta ar siúl i leabharlanna ar fud an chontae.

Leabharlann Mhaighean Rátha

Lean Leabharlann Mhaighean Rátha ar aghaidh le himeachtaí agus le gníomhaíochtaí do leanaí, lena n-áirítear cuairteanna míosúla ranga agus taispeántais leabhar mar aon le healaíona agus ceardaíocht do léitheoirí óga. Cuirtear an Club Cniotála ar siúl gach maidin Dé hAoine agus tá an-éileamh air.
Reáchtáiltear clubanna leabhar do dhaoine fásta agus do leanaí gach mí agus tá ag éirí go geal leis an gclub Ceamara a seoladh i mí na Samhna.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Leantar le ranganna ealaíne do leanaí agus imeachtaí míosúla a chur ar bun i Leabharlann Mhainistir Laoise. Tá an Dánlann ina láthair phríomha le haghaidh taispeántais ealaíne. Reáchtáladh 8 dtaispeántas le linn na bliana a raibh saothar Niav Reilly, Trudi Killeen agus Ciaran O'Brien ina ngné díobh. Arís eile, d'éirigh go geal leis an bhFéile Leabhar do Leanaí. Cuireadh cuairteanna ranga agus cuairteanna údair ar siúl, lenaráiríodh Claire Hennessy agus Kieran Mark-Crowley. Tá an club fichille seachtainiúil do leanaí ag leanúint de bheith ag fás agus bhí glacadh mór le sonrú i measc ranganna Spáinnise agus Gearmáinise freisin.

Leabharlann Phort Laoise

Bhí bliain ghnóthach imeachtaí ag Leabharlann Phort Laoise agus áiríodh leis na himeachtaí sin clubanna leabhar do dhaoine fásta agus ranganna cniotála gach mí, cuairteanna ranga a thugann scoileanna sa cheantar áitiúil agus sa cheantar máguaird gach seachtain agus Ciorcal Comhrá agus Ranganna Gaeilge agus comórtais gach seachtain. Cuireadh Tráthnóna Gaelach ar bun i Márta ina raibh damhsa, amhránaíocht agus ceol Gaelach ar bun agus d'fhreastail os cionn 100 duine air. Reáchtáladh sraith rathúil eile cainteanna ar Oidhreacht Ailtireachta Laoise ar fud mhí Iúil agus mhí Lúnasa agus tá an tóir orthu ag leanúint de bheith ag fás. Le linn na Féile Leabhar do Leanaí, cuireadh seisiúin scéalaíochta agus ceardlanna ceardaíochta ar siúl agusáiríodh Anna Carey, Kieran-Mark Crowley agus Claire Hennessy leis na húdair ar cuairt.

Leabharlann Mhóinteach Mílic

Bhí sceideal gnóthach imeachtaí ag Leabharlann Mhóinteach Mílic in 2015. Tá an rath geal ar an leabharlann ó osclaíodh í agus is ní lárnach is díol spéise don phobal i Móinteach Mílic agus sa cheantar máguaird í anois. Reáchtáiltear cuairteanna seachtainiúla ranga, clubanna leabhar do dhaoine fásta agus do leanaí, club cniotála, club scéalaíochta agus clubanna seachtainiúla cluichí inti. Áiríodh le buaicphointí na bliana: ceardlanna Ealaíon agus Ceardaíochta leis an ealaíontóir Caroline Keane i mí na Bealtaine; taibhiú Carnation Theatre i mí Lúnasa.

Bhí an Dánlann curtha in áirithe go hiomlán sa bhliain 2015. Rinne Joe Ryan, Gemma Lalor agus Caroline Conway, mar aon le grúpaí ealaíne áitiúla as Géisill agus as Móinteach Mílic, óstáil ar thaispeántais.

Ionad Faisnéise Dírí an AE i Leabharlann Mhóinteach Mílic

Lean leabharlann Mhóinteach Mílic mar cheann amháin de na hocht nIonad Faisnéise Dírí AE (IFDE) sa Tír seo. Agus é lonnaithe i láthair Phoiblí na leabharlainne, tá an tIonad Faisnéise ina ionad ilfhreastail do dhaoine ar mian leo faisnéis a fháil faoin AE, amhail beartais, faisnéis nó cearta saoránach. Óstálann an t-ionad imeachtaí AE agus gníomhaíochtaí gaolmhara freisin. Sa bhliain 2015, tionóladh breis agus 30 ócáid, idir imeachtaí agus chainteanna, bunaithe ar an AE i leabharlann Mhóinteach Mílic, ócáidí a chuir an t-ionad agus an Eoraip a chur chun cinn.

Táscairí Feidhmíochta 2014

Cuairteanna Leabharlainne

Líon na gcuairteanna ar leabharlanna in aghaidh gach ceantar daonra 1,000 duine de réir dhaonáireamh 2011	3,652.6

An costas a bhí ar sheirbhís leabharlainne a oibriú

An costas de réir gach 1,000 duine den daonra	€23,952.52

OIDHREACHT

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Laoise chun feasacht agus tuiscint a chothú ar oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha Chontae Laoise. Le cúnamh ón gComhairle Oidhreachta, déantar an méid sin trí na tionscadail atá leagtha amach i bPlean Oidhreachta Laoise a sholáthar.

Plean Oidhreachta Laoise 2014-2019

Glacadh an tríú Plean Oidhreachta do Laois i mí Eanáir 2014 agus tosaíodh a chur chun feidhme in 2014. Is ionann an Plean Oidhreachta agus plean comhpháirtíochta arna scríobh agus arna chur chun feidhme ag an bhFóram Oidhreachta, ar grúpa é a dhéanann ionadaíocht do na grúpaí uile a bhfuil spéis acu in oidhreacht Laoise. Tacaíonn Comhairle Contae Laoise agus an Chomhairle Oidhreachta leis an bplean.

Is é atá sa phlean reatha 50 beart a chuirfear chun feidhme thar na blianta atá romhainn, agus iad ag teacht faoi chúig réimse príomhchuspóra:

- Tuiscint a mhéadú ar oidhreacht Laoise
- Oidhreacht Laoise a Thaifeadadh
- Caomhnú gníomhach oidhreacht Laoise a chosaint agus a chur chun cinn
- Rannpháirtíocht an phobail i bpleananna agus i dtionscadail oidhreachta a chur chun cinn
- An taitneamh a bhaintear as oidhreacht agus a inrochtana atá sí a chur chun cinn

Tionscadail faoin bPlean Oidhreachta 2014-2019 a soláthraíodh sa bhliain 2015

Tugadh faoi na tionscadail seo a leanas ó Phlean Oidhreachta Laoise le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, ó Chomhpháirtíocht Laoise agus ó dhaoine eile le linn 2015.

1. Tuiscint a mhéadú ar oidhreacht Laoise

Sa bhliain 2015, d'oibrigh an tOifigeach Oidhreachta le roinnt daoine aonair agus grúpaí pobail éagsúla chun tionscadail oidhreachta a phleanáil agus chun comhairle a chur ar fáil maidir le teacht ar chúnamh deontais agus ar thacaíocht tionscadail. D'fhonn scaipeadh forleathan faisnéise oidhreachta a chinntiú, cuireadh gach tuarascáil agus gach foilseachán a táirgeadh le linn na bliana le rannán staidéir áitiúil Leabharlann Contae Laoise agus cuireadh iad ar fáil lena n-íoslódáil ó láithreán Gréasáin Chomhairle Contae Laoise.

Laois 2016

Mar chuid den chlár chun comóradh a dhéanamh ar chuimhneachán céad bliain Éirí Amach 1916, cuireadh Coiste Comórtha i dtoll a chéile i Laois agus foilsíodh plean le haghaidh Chomóradh Laoise 2016. Oibríodh scéim deontais phobail in 2015 agus reáchtálfar scéim bhreise in 2016, chun imeachtaí agus tionscadail phobail a chur chun cinn agus tacú leo chun comóradh a dhéanamh ar an ré thábhachtach seo i stair na hÉireann. Cuirfear tionscadail ar bun in ábhair éagsúla, ina measc an t-oideachas agus óige, machnamh stairiúil, gníomhaíochtaí cultúrtha etc.

Imeachtaí Feasachta Oidhreachta

Áirítear iad seo a leanas leis na himeachtaí a eagraíodh le linn 2015 chun feasacht a ardú ar shaincheisteanna oidhreachta:

- Tugadh tacaíocht do Lá Éagsúlachta Pobail i Móinteach Mílic le haghaidh Sheachtain na Bithéagsúlachta i mBealtaine;
- Rinneadh clár seachtaine ina raibh níos mó ná 60 imeacht – imeachtaí teaghlaigh, siúlóidí faoi threoir, cainteanna, taispeántais sleamhnán agus laethanta spraoi ina measc – a eagrú le haghaidh Sheachtain náisiúnta na hOidhreachta i mí Lúnasa;
- Chabhraigh an Oifig Oidhreachta leis an Tionscadal Oidhreachta do Scoileanna de chuid Chumann Oidhreachta Laoise a fhorbairt, rud ar chomórtas do

bhunscoileanna agus do mheánscoileanna a eagraíodh i gcomhar le hIonad Oideachais Laoise é;

- Bhí baint ag an Oifigeach Oidhreachta le Marquee Laoise a eagrú don Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus bhí sé i láthair ag an ócáid. Rinneadh ceardlanna saor in aisce ar raon téamaí éagsúla – fiadhúlra, an eolaíocht, an ailtireacht, an tseandálaíocht, ceol agus ealaín ina measc – a chur ar fáil don phobal le linn na trí lá agus d'éirigh go geal leo.
- D'éirigh go han-mhaith le Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna, agus raon imeachtaí agus cainteanna poiblí ar siúl lena linn. Reáchtáladh ceardlanna scoileanna i Leabharlann an tSráidbhaile agus Mhainistir Laoise le cúnamh ón tionscnamh 'Fiosraigh an Eolaíocht agus an Innealtóireacht. Ghlac bunscoileanna ó gach baile páirt i gceardlanna um fheasacht ar fhuinneamh agus réalta eireabaill agus baineadh an-taitneamh as an bhfoghlaim.
- Bhí Scoil James Fintan Lalor ar siúl in Ionad Ealaíon Dhún Másc i bPort Laoise agus d'éirigh go geal léi. Rinne an pobal, na meáin agus na cainteoirí etc. a bhí bainteach freastal maith ar gach gné den imeacht.

An Tionscadal 'Pobail a Cheangal leis an Oidhreacht'

B'éard a bhí i gceist leis an tionscadal seo ná daoine áitiúla a cheangal lena n-oidhreacht áitiúil, i measc ceithre shnáithe:

- Bailte Slachtmhara agus **Bithéagsúlacht**. Cuireadh trí sheisiún oiliúna ar bun ar bhithéagsúlacht áitiúil agus foilsíodh cúig Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla.
- **Ailtireacht** Laoise – reáchtáladh sraith Seimineár sé leacht ar Ailtireacht Laoise i Leabharlann Phort Laoise.
- **Béaloideas** – Reáchtáladh trí cheardlann béaloidis i leabharlanna, agus foilsíodh agus seoladh leabhar ar Scéalta Béaloidis Laoise i rith Sheachtain na hOidhreachta.
- **Comóradh**
- Na Caecair: Cuireadh plaic in airde ag iar-reilig Chaecar i Maighean Rátha
- Oidhreacht eolaíochta: Rinneadh plaic i gcuimhne Thomas Prior (duine de bhunaitheoirí Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, agus fear dúchais Ráth Domhnaigh) a dhéantúsú agus cuirfear i láthair go poiblí í ag Eaglais na hÉireann i Ráth Domhnaigh in Aibreán 2016.
- Biddy Achadh Bhó: Tá plaic dhátheangach chun suntas a thabhairt do thobar Biddy Achadh Bhó déantúsaithe agus cuirfear in airde í ag an láithreán ar Bhóthar Mhaighean Rátha i bPort Laoise.
- An Coirnéal James Fitzmaurice: Cuireadh comhimeacht comórtha ar bun le hAerchór na hÉireann agus le Cumann Sheansaighdiúirí Éireannacha na Náisiún Aontaithe chun onóir a thabhairt don fhear dúchasach seo ó Phort Laoise a bhí ina chomhalta den chéad fhoireann eitilte a d'eitil trasna an Atlantaigh soir siar, ar chothrom lae caoga bliain a bháis.

Leabhar ar Charraig Dhún Masc

Tá leabhar ar oidhreacht Charraig Dhún Másc á scríobh faoi láthair lena fhoilsiú in 2017. Is é sin an dara chéim de thionscadal ceithre bliana. t Déanfar tuilleadh taighde agus glacfar tuilleadh grianghraf sna blianta amach romhainn.

2. Oidhreacht Laoise a Thaifeadadh

Is gá faisnéis faoi oidhreacht Laoise a bhailiú agus a chur i láthair ar dtús sular féidir an oidhreacht sin a chaomhnú agus aird a tharraingt uirthi. Tugadh faoi na tionscadail oidhreachta seo a leanas le linn 2015:

Treoir maidir le hAiltireacht Laighean Láir

I gcás leabhar ar ailtireacht Laoise, Uíbh Fhailí agus Chill Dara atá i sraith ghradamach "Pevsner Guide", arna foilsiú ag Yale University Press, tá gné Laoise den tionscadal thart agus soláthraíodh na grianghraif agus na léarscáileanna uile de réir sceidil agus laistigh den bhuiséad. Tá obair ar siúl faoi láthair chun suirbhé a dhéanamh ar Chill Dara. Foilseofar an t-imleabhar "Foirgnimh Laighean Láir" in 2016.

3. Caomhnú gníomhach oidhreacht Laoise a chosaint agus a chur chun cinn

Teach Cúirte Bhuiríos Mór Osraí

Fuarthas cistiú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun roinnt obair caomhnaithe a dhéanamh ar Theach Cúirte Bhuiríos Mór Osraí. Dhírigh sé sin ar an saothar cloiche a ghlanadh ach teicníc caomhnaithe a úsáid agus ar ráillí agus ar earraí báistí a dheisiú. Cuireadh seo i gcrích in 2015.

Séipéal Chill Abáin

Tugadh faoin tsaoirseacht chloiche a chaomhnú ag Séipéal Chill Abáin i Laois Theas, le cúnamh ón gComhairle Oidhreachta agus d'eagraigh an pobal áitiúil é seo.

4. Rannpháirtíocht an phobail i bpleananna agus i dtionscadail oidhreachta a chur chun cinn

Cloigtheach Theach Mochua

Foilseofar an Plean Caomhnaithe le haghaidh Láithreán Mainistreach Theach Mochua ag an bpobal áitiúil go luath in 2016, agus cuirfear i bhfeidhm é sna blianta amach romhainn.

Caisleán Lé

Foilsíodh an Réamhthuarascáil ar Chaisleán Lé, a chomhordaigh an pobal áitiúil le cúnamh ón Oifigeach Oidhreachta, in 2015. Le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, tugadh faoi thaighde geoifisiciúil timpeall láithreán na lonnaíochta meánaoisí, agus cuirfidh siad faisnéis ar fáil do thaighde agus obair chaomhnaithe faoina dtabharfar ag an láithreán amach anseo.

Dúnfort Phort Laoise

Choimisiúnaigh Cumann Oidhreachta Laoise Céim I de phlean bainistíochta caomhnaithe don láithreán seo in 2015, agus fuarthas cistiú ón gComhairle Oidhreachta. Beartaítear go gcríochnófar agus go gcuirfear an plean i bhfeidhm sna blianta amach romhainn, faoi réir go mbíonn fáil ar chistiú.

5. An taitneamh a bhaintear as oidhreacht agus a inrochtana atá sí a chur chun cinn

Clostreoir maidir le Láithreáin Oidhreachta i Laois

Tá 6 threoir aonair anois i gclostreoir "Scéal Laoise" maidir le gnéithe éagsúla oidhreacht Laoise agus cruthaíodh iad i gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Laoise agus chistigh Comhpháirtíocht Laois iad. I measc na dtreoracha atá ar fáil go dtí seo, tá Carraig Dhún Másc, Mainistreacha Laoise, Cosán Oidhreachta Laoise agus treoracha do bhailte stairiúla Phort Laoise, Chúil an tSúdaire agus Mhainistir Laoise. Is féidir na treoracha a íoslódáil saor in aisce ag www.abartaaudiogu- ides.ie.

Tabharfar faoi thionscadal mór chun na treoracha a aistriú go dtí teangacha éagsúla Eorpacha agus iad a chur le chéile in aip do ghutháin chliste in 2016, le cúnamh ó Fháilte Éireann, tríd an scéim "Oirthear Ársa na hÉireann".

Bithéagsúlacht ag Páirc an Phobail, Port Laoise

Tugadh faoi thionscadal mór athchóirithe ag páirc an bhaile i bPort Laoise i rith 2015 agus mar chuid de seo, suiteáladh painéil faisnéise ar fhiadhúlra agus ar ghnáthóga na páirce anuas ar chosán dátheangach crann. Tá painéil faisnéise ar an gcoilíneacht éin phóraithe in aice na páirce á n-ullmhú, i gcomhar le hIontaobhas Fiadhúlra na hÉireann – Brainse Laoise-Uíbh Fhailí. Eagraíodh roinnt laethanta fiadhúlra do leanaí mar chuid d'athsheoladh na páirce.

An Coiste Beartais Straitéisigh Iompair, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála

Stiúrthóir Seirbhísí: Kieran Kehoe

Cathaoirleach: Jerry Lodge, M.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
Ben Brennan, M.C.C.	Michael Kielty, I.C.T.U. (Ceardchumainn)
John King, M.C.C.	John Fitzpatrick, (Feirmeoireacht)
Noel Tuohy, M.C.C.	Chris Callaghan (Forbairt/ Tógáil)
Seamus McDonald, M.C.C.	Kitty Creighton (Comhshaol/ Caomhnú)
	Ger Mulhall (Gnó/ Tráchtáil)

BÓITHRE

Innealtóir Sinsearach: Henry Ritchie, Bóithre agus an Comhshaol

Leithdháiltí Deontais Bhóthair 2015

Sa bhliain 2015, fuair an Rannóg Bóithre an cistiú €11.6 milliún seo a leanas:-

- €7.1 milliún ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (an RITS),
- €0.6 milliún ó Bhonneagar Iompair Éireann (an ÚBN roimhe seo),
- €1.8 milliún d'Ioncam agus €2.1 milliún i gcistiú Caipitil ó acmhainní féin Chomhairle Contae Laoise.

Scéimeanna Caipitil

Bóthar na Buiríse, Port Laoise

Tugadh Céim 4 den scéim seo chun críche den chuid ba mhó in 2014. In 2015, cuireadh roinnt saincheisteanna maidir le húinéirí talún agus le cóiríocht nár réitíodh go fóill chun cinn agus baineadh conclúid shásúil amach.

Uasghráduithe Acomhail Phort Laoise

I ndiaidh cleachtadh dian comhairliúcháin phoiblí, d'fhaomh na Comhaltaí Tofa Iarratas Pleanála Chuid VIII ag cruinniú Fheabhra chun timpealláin a thógáil ag ceithre acomhal i bPort Laoise ag na láithreacha a leanas:-

- Bóthar an tSráidbhaile / Bóthar an Bhloic,
- Bóthar an tSráidbhaile / an Cuarbhóthar Theas (Cnoc an tSamhraidh),
- Bóthar Bhaile Átha Cliath / Bóthar an Bhloic,
- Bóthar Bhaile Átha Cliath / Fieldbrook.

Méadóidh na huasghráduithe seo acmhainní, laghdóidh siad moilleanna agus soláthróidh siad áiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe.

Cuireadh tús le hoibreacha ar an láithreán ar Bhóthar an tSráidbhaile fad a bhí tús á chur le saoirí na scoile agus cuireadh i gcrích iad ag tús Mheán Fómhair. D'aistrigh na hoibreacha chuig Bóthar Bhaile Átha Cliath agus cuireadh na hacomhail seo i gcrích roimh an Nollaig.

Bóthar Faoisimh Thuaisceart Cheatharlach

I ndiaidh plé tosaigh leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistiú Sócmhainní (an GNBS) in 2014, tugadh idirbheartaíocht um fháil talún chun críche go rathúil in 2015 leis an GNBS agus le Glacadóirí Fruithill Manor sa Ghráig lena chur ar chumas an síneadh a chur ar Bhóthar Faoisimh Thuaisceart Cheatharlach idir Bóthar Chaisleán an Chomair agus Bóthar Numbers a chur chun cinn. Rinne Dearadh Bóithre an scéim a dhearadh agus a sholáthar ar bhonn intí agus bronnadh conradh don síneadh 750m go déanach sa samhradh. Cuireadh tús le tógáil i rith Mheán Fómhair agus thug aimsir fhabhrach an fhómhair cúnamh mór dó seo. I Nollaig, rinneadh comhaontú ar shíneadh a chur leis an gconradh a cheadaigh leathnú agus uasghrádú a dhéanamh ar 200m breise de Bóthar Numbers isteach i gCeatharlach. Tá an scéim sceidealaithe lena críochnú faoi Cháisc 2016.

Cearnóg Dharú

Críochnaíodh oibreacha chun Cearnóg Dharú a fheabhsú agus a athghiniúint in 2015. Cistíodh an tionscadal caipitil seo trí ranníocaíochtaí ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Comhairle Contae Laoise agus Scéim Athghiniúna Chearnóg Dharú.
I measc na n-oibreacha, bhí an méid a leanas: fóntais a chur faoin talamh, colbhaí aolchloiche, soilsiú poiblí ornáideach a shuiteáil, scáthlán bus, troscán nua sráide a sholáthar; agus cosáin phábháilte a thógáil agus atógáil bóthair ar a soláthraítear carrpháirceáil atá máirceáilte go soiléir.

Athailíniú an N80 ó Chúil na nAbhall go dtí na Garráin, an tArdlios

In 2015, chuir Comhairle Contae Laoise agus Oifig Bóithre Náisiúnta Chill Dara gnéithe comhshaoil, dearaidh bóithre, sábháilteachta agus éadála talún chun cinn don athailíniú 2km seo den N80 i ngar don Ardlios. Chomh maith leis sin, ceapadh comhairleoirí dlí go déanach in 2015. Cuireadh tuarascálacha teicniúla agus innealtóireachta faoi bhráid le haghaidh athbhreithniú dlíthiúil sula gcuirfear an scéim faoi bhráid an Bhoird Phleanála go ndéanfar faomhadh pleanála uirthi.

Cuarbhealach Theas Phort Laoise

Rinneadh stráicí den chuarbhealach timpeall ar imeall Phort Laoise a chur chun cinn le himeacht na mblianta. Tar éis gur críochnaíodh stráice deiridh den bhealach idir Bóthar Mhainistir Laoise agus Theach Mochua, beidh Seachbhóthar Éifeachtach N80 ar Lár Bhaile Phort Laoise agus ar Ascaill JFL.

Cuireadh plé chun cinn ní ba luaithe in 2015 leis an ÚBN maidir le cistiú an Údaráis le haghaidh chríochnú an naisc a bhí ar lár mar gheall go gcuirfeadh sin ar chumas breithniú breise a dhéanamh ar athainmniú na gCuarbhealaí Thiar agus Theas mar an N80. Thug samhaltú tosaigh le fios, áfach, nach rachaidh seo ach chun sochair theoranta i dtaobh 'an trácht a thaistealaíonn tríd an gceantar' a chur ar mhalairt slí ón mbealach reatha agus d'iarr an ÚBN go dtabharfaí faoi shamhaltú breise níos doimhne sula bhféadfaí aon bhreithniú breise a dhéanamh ar an mbealach a fhorbairt mar scéim náisiúnta.

Ar leithligh uaidh seo, sainaithníodh críochnú Chuarbhóthar Theas Phort Laoise le haghaidh cistiú faoi Clár Caipitil an Rialtais 2016-2021 tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
Athfhostaíodh sainchomhairleoirí ar an scéim agus cuireadh tús le hoibreacha go déanach in 2015 ar roghnú an bhealaigh leasaithe. Is gá aird a thabhairt ar fhostáisiún 110kV BSL atá suite ina aice agus tá idirchaidreamh mionsonraithe ar bun le Gréasáin BSL agus le BSL Idirnáisiúnta.

Cearnóg Lyster, Port Laoise

In 2015, rinneadh sainchomhairleoirí a éadáil agus rinneadh coincheapa na scéime tosaigh a chur síos ar chlár le haghaidh Cheantar Bardasach Phort Laoise chun uasghrádú a dhéanamh ar Chearnóg Lyster, Port Laoise. Is í aidhm na scéime chun feabhas a chur ar shaintréithe na Cearnóige agus timpeallacht níos fáiltí a dhéanamh di le haghaidh siopadóirí, coisithe agus úsáideoirí leochaileacha eile bóthair.

SCÉIMEANNA COTHABHÁLA

Feabhsú Athchóirithe Bóthair agus Cothabháil Pábhála

Córas Bainistíochta Pábhála MapRoad

In 2015, críochnaíodh obair suirbhé d'fhonn go bhfuil anois ag gach stráice de bhóthar poiblí sa chontae rátáil Innéacs um Bail Suirbhé ar Chosán (PSCI) a chuireann idir rátáil 1 (go dona) agus 10 (sár-mhaith) i gcuntas ar bhunachar sonraí GIS (Córas Faisnéise Geografaí) MapRoad. Cumasaíonn seo taifead ar an mbail atá ar an mbóthar a choimeád agus a nuashonrú má thugtar faoi oibreacha. Chomh maith leis sin, is meicníocht é a chuireann ar chumas an RITS agus Chomhairle Contae Laoise chun tús áite a thabhairt d'oibreacha amach anseo.

Bóithre Náisiúnta

Críochnaíodh scéimeanna athdhromchlaithe Bóithre Náisiúnta den Dara Grád chun feabhas a chur ar

fhriotaíocht i leith sciorrtha ar phábháil an bhóthair ag 13 láithreán ar bhealaí an N80 agus an N78. Sholáthair Bhonneagar Iompair Éireann cistiú agus b'ionann an fad iomlán den bhóthar a rinneadh a athdhromchlú agus 4 chiliméadar.

In 2015, chistigh Bonneagar Iompair Éireann uashgráduithe, chomh maith, ar chosáin i bPort Laoise, Móinteach Mílic agus san Ardlios feadh an N80.

Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Thug foireann an Limistéir Bhóithre, le tacaíocht ó Dhearadh Bóithre, faoi threisiú pábhála agus cóiriú dromchla ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla faoi chlár na mbóithre. Treisíodh 39km dár ngréasán ag 49 láthair agus rinneadh cóiriú dromchla ar 16km de bhóithre ag 20 láithreán. B'ionann seo, ar an iomlán, agus thart ar 2.5% de ghréasán iomlán bhóithre an chontae ar an iomlán.

Tugadh faoi cheann de na scéimeanna treisithe ní ba mhó ar Bóthar Mhic Dháibhéid, an tAcra Gearr, Móinteach Mílic, áit ar cuireadh oibreacha ar 800m d'atógáil débhealach leithid iomláin chun cinn lenar áiríodh oibreacha suntasacha draenála.

I rith an chéad leath in 2015, tugadh faoi dheisiúcháin ag naoi láthair in oirdheisceart an chontae i gceantair ghinearálta Bhaile Mhic Mhaoilir, Chill Uisean, na nGarrán agus an Ardleasa a eascraíonn as díobháil a rinne tuile thobann i Samhain 2014. D'éirigh le Comhairle Contae Laoise iarratas rathúil a dhéanamh ar an RITS ar chistiú éigeandála go déanach in 2014. I measc na n-oibreacha, bhí iad siúd a rinneadh ar phábháil agus struchtúir bhóithre anuas ar bhonneagar nua draenála.

Amhail blianta roimhe seo, thug Comhairle Contae Laoise faoi oibreacha seachtainiúla cothabhála ar gach bóthar poiblí sa chontae. I measc na n-oibreacha seo, bhí oibreacha draenála, bearradh ciumhaise, deisiúcháin chosáin, comharthaí a chur in airde agus a ionadú, athlíneáil, stodaí a sholáthar, bacainní sábháilteachta a ndearnadh díobháil dóibh a ionadú, glanadh sráide agus bailiú bruscair.

Struchtúir

Tugadh faoi Oibreacha Athshlánúcháin Droichid ag trí láthair mar chuid d'Oibreacha Feabhais agus Treisithe Droichid in 2015 ag na láithreacha a leanas:-

- Droichead Bhaile an Chaisleáin, Baile Uí Laigheanáin;
- Droichead an Chlochair, Móinteach Mílic; agus

- Droichead na Foraoise, Maighean Rátha.

Críochnaíodh oibreacha uasghrádaithe ar dhroichead Iarnróid Éireann agus ar an gclaífort a ghabhann a fhad leis os cionn an iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh ar an R433 ag an Lios Dubh, Eiréil.

Scéimeanna Sábháilteachta Ísealchostais

Cuireadh Scéimeanna Sábháilteachta Ísealchostais chun cinn ag láithreacha ar fud an chontae, ina measc:-

- Crosaire Achadh Mhic Airt, an Chúlchoill

- An R422, Móinteach Mílic
- Crosaire Bhranra, Mainistir Laoise
- Ros Coillteáin, Tromráth
- Crosaire Hermitage, Baile Thaidhg Dhuibh
- Bóthar Shléibhte, an Ghráig
- Crosaire Kennels, Ioma
- Coir Chnocán na Mac Tíre, Swan
- Crosaire an tSeanbhaile, Darú

B'éagsúil do na hoibreacha ar fud na láithreán agus áiríodh leo feabhsúcháin acomhail, bearta moillithe tráchta, feabhsúcháin soilsithe phoiblí, cosán a sholáthar, áiseanna trasnaithe do choisithe, comharthaíocht agus feabhsúcháin ar gheoiméadracht bhóthair.

Suiteáladh comharthaí braite luais ar a bhfuil taispeántáin teachtaireachta athraithí ag 15 láthair a thugann luasanna tiománaithe le fios laistigh de na criosanna 60 ciliméadar agus 50 ciliméadar san uair. Is dealraitheach go bhfuil na comharthaí seo an-éifeachtach chun foláireamh a thabhairt do thiománaithe i dtaobh a luais agus iad a spreagadh chun moilliú.

Soilsiú Poiblí

Chomh maith leis sin, chistigh an tÚdarás uasghrádú trasriain do choisithe i bPort Laoise agus rinneadh uasghráduithe ar shoilsiú poiblí a bhaineann leas as teicneolaíocht LED atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de. Bhí na scéimeanna soilsithe seo lonnaithe i Mainistir Laoise agus i nDarú, áit a ndearnadh 4 chiliméadar de shoilse a uasghrádú.

Athbhreithniú ar an Luasteorainn

Sheol an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an tAthbhreithniú Náisiúnta ar an Luasteorainn i dtosach báire siar in 2014. In 2015, críochnaíodh cleachtadh fairsing bailithe sonraí chun na sonraí a uaslódáil faoi gach luasteorainn reatha agus comharthaíocht ghaolmhar isteach ar chomhéadan Chóras Bainistíochta Pábhála MapRoad. Tugadh faoi athbhreithniú ar gach eastát tithíochta sa chontae chun liostáil chuimsitheach a sholáthar le mallchriosanna 30 ciliméadar san uair a chur i bhfeidhm i ngach eastát.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le gníomhaireachtaí reachtúla agus leis an bpobal, cuireadh fógraí sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta a lorg ionchuir.

Cothabháil Geimhridh

Tugadh oibríochtaí Cothabhála Geimhridh 76 uair ar an ngréasán i rith shéasúr geimhridh 2014/2015 a rinneadh cóireáil ar 400 ciliméadar den ghréasán saillte i Laois. Scaipeadh thart ar 2,850 tonna de shalann i rith na tréimhse. Ag tosach shéasúr 2015/2016 i nDeireadh Fómhair 2015, cuireadh 13% nó 50 ciliméadar breise leis an ngréasán cóireáilte, agus mhéadaigh seo na faid ar a scaiptear salann aníos go dtí thart ar 450 ciliméadar. Bhí na trí mhí dheireanacha in 2015 an-bhog agus ní dhearnadh bealaí a chóireáil ach seacht n-uaire a fhad le deireadh na bliana.

Rinneadh leoraí 26 tonna trí acastóir níos mó agus leatóir nua 9m³ a sheachadadh chuig Comhairle Contae Laoise i nDeireadh Fómhair 2015, a chumasaigh grean a leagan ar fhaid mhéadaithe dár ngréasáin.

Oiliúint Sábháilteachta Rothaíochta

Ghlac 600 dalta bunscoile, ó 11 scoil náisiúnta, páirt sa chlár Oiliúint Sábháilteachta Rothaíochta ar fud an chontae, agus ghlac 20 leanbh páirt san Imeacht Bhliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhí ar siúl i rith Sheachtain na Rothar náisiúnta.

An Clár um Thiomáint ar feadh an tSaoil

Lean an clár um fheasacht agus sábháilteacht ar bhóithre le haghaidh daltaí meánscoile ar aghaidh in 2015.

Cainteanna/Cuairteanna maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

Thug an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre cuairt ar bhunscoileanna i rith na bliana chun oideachas ar shábháilteacht arbhóithre a chur chun cinn.

Veisteanna Ard-Infheictheachta

Soláthraíodh veisteanna, bandaí muinchille, greamáin agus oiriúintí mala scoile ard-infheictheachta do leanaí le linn cuairteanna scoile agus ar eagraíochtaí éagsúla, ar iarraidh sin.

Táscairí Feidhmíochta 2014

Céatadán (bunaithe ar fhad) an dá bhóthair réigiúnaigh agus áitiúil ar cuireadh a mbail PSCI i dtaifead amhail an 31/12/2014

	Réigiúnach	Áitiúil
% Foriomlán	87	73

Rátálacha san Innéacs um Bail Dhromchla na Pábhála

Céatadán dhromchlaí bóthair bhóithre réigiúnacha, phríomhbhóithre áitiúla agus Bhóithre den Dara Grád i ngach ceann de na 10 gcatagóir um rátáil PSCI

	Réigiúnach	Príomhbhóthar Áitiúil	Bóthar Áitiúil Tánaisteach Secondary	Bóthar Áitiúil den Dara Grád
Catagóir 1	0	0	0	1
Catagóir 2	0	1	2	3
Catagóir 3	2	3	3	5
Catagóir 4	9	13	13	15
Catagóir 5	13	15	16	17
Catagóir 6	20	29	25	16
Catagóir 7	15	19	21	19
Catagóir 8	18	15	14	9
Catagóir 9	16	4	6	13
Catagóir 10	6	1	0	2

AN COMHSHAOL

Innealtóir Sinsearach: Henry Ritchie, Bóithre agus an Comhshaol

Tionscnaimh Phobail

An tSeachtain 'Glan Suas Laois'

Tá an tionscnamh 'Glan Suas Laois' ar siúl le 12 bhliain anuas agus leanann sé ag dul ó neart go neart. Reáchtáiltear é i gcomhar le Feachtas um Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh de chuid an Taisce. Sholáthair Comhairle Contae Laoise málaí, lámhainní agus maidí pioctha bruscair do thart ar 95 grúpa cláraithe. Bhailigh AES na málaí bruscair a líonadh, anuas ar na Maoir Bhruscair; John Ging, John Rogers agus Emily Doyle. Ar an iomlán, bailíodh 17.4 tonna de dhramhaíl i gcaitheamh na seachtaine. Gabhaimid buíochas mór le cách a bhí bainteach, ní fhéadfaí an t-éacht a dhéanamh murach tiomantas deonach Bhailte Slachtmhara Laoise, na gCumann Cónaitheoirí, na nGnólachtaí Áitiúla agus na ndaoine aonair a bhí bainteach.

Scéimeanna Deontais

Faoi Scéim Deontais Pobail 2015, bronnadh cistiú ar 77 grúpa do thionscadail a rachaidh chun sochair na timpeallachta agus a fheabhsóidh fóntais áitiúla Athraíodh an fhoirm iarratais le haghaidh scéimeanna na mBailte Slachtmhara chun na catagóirí a léiriú sa chomórtas Náisiúnta féachaint le cabhrú le grúpaí chun cistiú a fháil le haghaidh tionscadail shonracha ina gceantair. Rinne 27 coiste iarratas ar chistiú agus tugadh cistiú dóibh ar luach €20,000. I measc na dtionscadal a cistíodh, bhí úllord pobail, gairdín pobail, caomhnú uisce agus bithéagsúlacht.

Fuair 16 fhaighteoir deontais cistiú faoi scéim deontais Clár Gnó Áitiúil 21 ar luach €19,000. Tá seo comhbhunaithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Comhairle Contae Laoise. Cuimsíonn tionscadail ábhar ar nós cláir oideachais agus feasachta maidir le uisce báistí a bhailiú, múiríniú, athúsáid, bithéagsúlacht agus conas cabhrú le grúpaí oibrithe deonacha nua a earcú. Ní mór tionscadail a chríochnú faoi Aibreán 2016.

Bailte Slachtmhara

In 2015, ceapadh Éascaitheoir tiomnaithe de chuid na mBailte Slachtmhara, a bhí bunaithe sa Rannóg Comhshaoil chun cabhrú le Cónaidhm Ghrúpaí Bailte Slachtmhara Laoise. Soláthraíodh ceardlanna agus cainteanna breise éagsúla féachaint le dul chun sochair choistí na mBailte Slachtmhara. Ba bhliain rathúil í agus bhí buaiteoirí náisiúnta boinn ann ó Laois – bhain Mainistir Laoise stádas Bonn Óir amach agus bhain Baile Cholla, Baile an Chaisleáin agus Port Laoise stádas Bonn Airgid amach agus bhain Cluain na Slí stádas Bonn Cré-Umha amach. Anuas air sin, bronnadh dámhachtain dianiarrachta ar Sheanchua. Bhí lúcháir ar an gComhairle leis an toradh seo agus thug sí faoi deara gur tháinig feabhas ar gach grúpaí i gcomparáid le torthaí chomórtas na bliana seo caite. B'iontach an t-éacht é do gach duine a bhí bainteach agus dá bpobail áitiúla.

Chomh maith leis sin, chuir 5 choiste Bailte Slachtmhara eile (Áth Tanaí, Cluain na Slí, Port Laoise agus Seanchua) tús le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla le cúnamh ón Dr Fiona MacGowan, Éiceolaí Comhairleach. Chistigh Rannóg Comhshaoil agus Oidhreachta Chomhairle Contae Laoise agus an Chomhairle Oidhreachta an tionscadal.

Seachtain Náisiúnta na gCrann

Déanann BSL, i gcomhar le Coillte agus Comhairle Crann na hÉireann urraíocht ar chrainn óga a sholáthar do ghrúpaí pobail ar fud na tíre. In 2015, dheonaigh Comhairle Contae Laoise breis agus 100 crann ar ghrúpaí pobail, coistí na mBailte Slachtmhara agus comhlachais chónaitheoirí fud fad Laoise chun tacú le Seachtain na gCrann de chuid

BSL. I measc na speiceas dúchasach a úsáideadh, bhí an Bheith Gheal (Betula pendula) agus Caorthann (Sorbus aucuparia).

Bainistíocht Bruscair

I rith 2015, ghlac Comhaltaí Tofa le Plean nua Bainistíochta Bruscair 3 bliana a dhíríonn ar bhearta um chosc ar bhruscar agus rialaithe bruscair agus a shainaithníonn príomhtháscairí feidhmíochta a chinntíonn go bhfuil na spriocanna siúd á mbaint amach againn. Soláthrófar nuashonruithe bliantúla do na Comhaltaí Tofa (Márta) ar thionscadail a chabhraíonn chun tabhairt faoi na spriocanna a leagtar amach sa Phlean.

Fuarthas agus fiosraíodh 797 gearán i rith 2015 agus chuathas i mbun an ghnímh chuí. Déantar gach iarracht lena chinntiú go ndírítear ar chosc a chur ar bhruscar, trí fheachtais um fheasacht a chur chun cinn, ach, ar an drochuair, is gá úsáid a bhaint as fíneálacha bruscair, chomh maith, nuair a dhéantar an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, arna leasú, a shárú. Tá ár mbeolíne bhruscair íosghlao, 1850 323230, fós i mbun feidhme agus déantar gearáin léi ar bhonn seachtainiúil. Déantar gearáin eile trínár leathanach Facebook, trínár ríomhphoist agus trí chionta bruscair á dtabhairt le fios ag daoine i bpearsan. D'eascair gur eisíodh 171 fíneáil bhruscair as forfheidhmiú na ndlíthe bruscair i ngeall ar chionta éagsúla bruscair agus cuireadh tús le himeacht dlí maidir le 41 cion ónar eascair 16 chiontú rathúla sa chúirt. I gcásanna inar theip ar úinéirí talún príobháideacha a maoin a choimeád saor ó bhruscar, eisíodh 6 Fhógra Alt 9.Lena chois sin, seoladh litreacha rabhaidh iomadúla a bhain le comharthaíocht neamhúdaraithe agus feithiclí tréigthe.

Chomh maith leis sin, glacann ár Maoir Bhruscair páirt sa Chóras Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar (an NLPMS), agus iad ag bailiú faisnéis thábhachtach faoi chomhdhéanamh, faoi scála agus faoi chineál an bhruscair. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun limistéir fhadhbacha a aithint go soiléir ag céim luath.

Bronnadh 'stádas bruscair mheasartha' ar Phort Laoise i gcomórtas IBAL 2015 i ngeall ar dhá láithreán. Chuathas i ngleic leis an dá láithreán seo ó shin i leith. Leantar le tús áite a thabhairt dár rannpháirtíocht sa chomórtas seo.

An Tascfhórsa um Bruscar Guma

Ghlac Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Laoise páirt sa Tascfhórsa um Bruscar Guma arís eile in 2015. Cuimsítear sa tionscnamh seo gné feasachta, forfheidhmithe agus tugtar faoi shuirbhéanna chun críocha monatóireachta leis.

Forfheidhmiú Dramhaíola

Tá an Rannóg um Fhorfheidhmiú Dramhaíola tiomanta do thimpeallacht ar ardchaighdeáin a choinneáil agus a fheabhsú do mhuintir Chontae Laoise tríd an Reachtaíocht Dramhaíola agus trí Rialacháin Dramhaíola a fhorfheidhmiú. D'éirigh go maith leis an Rannóg i mbliana maidir le gearáin dramhaíola a réiteach agus maidir le ceanglais a Plean Cigireachta Comhshaoil a chomhlíonadh.

Tá sé mar thosaíocht ag an Rannóg athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomhanna a bhfuil Cead Saoráid Dramhaíola acu agus ceadanna nua a eisiúint laistigh den tréimhse ama chuí. Ba é a bhí ar Chlár na gCeadanna Saoráide Dramhaíola in 2015 ná 25 láithreán ag a raibh Cead Saoráid Dramhaíola bailí/Deimhniú Clárúcháin bailí acu.

Oibríonn an Rannóg go dlúth lena comhghleacaithe sa Rannóg um Fhorfheidhmiú Pleanála chun cásanna lena mbaineann sárú ar an reachtaíocht a réiteach. Ar aon dul leis an ngrúpa réigiúnach um fhorfheidhmiú dramhaíola neamhúdaraithe, rud a cuireadh ar bun mar chuid den Líonra Forfheidhmithe, is féidir faisnéis faoi oibríochtaí de chuid bailitheoirí dramhaíola neamhdhleathacha agus faisnéis faoi ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha de chuid sealbhóirí ceadanna bailitheora dramhaíola a mhalartú de réir mar is cuí
Tugtar faoi chigireachtaí sceidealta gnáthaimh agus faoi chigireachtaí sceidealta neamhghnáthaimh araon. Mar chuid de Chigireachtaí Neamhghnáthaimh, féachtar ar gach gearán a bhaineann le dramhaíl, lena n-áirítear gearáin faoi ábhar a dhó. Déantar cigireachtaí ar Cheadanna Pleanála de réir mar a thagann siad chun cinn freisin. Fuair an Rannóg 93 gearán faoi dhramhaíl sa bhliain 2015 agus d'éirigh linn déileáil le gach ceann díobh.

Rinneadh cigireacht ar 67 Atreorú Pleanála agus cuireadh na coinníollacha cuí faoi bhráid na Rannóige Pleanála.

Tionscnaimh Feasachta Comhshaoil

Ba bhliain ghnóthach 2015 le haghaidh cláir feasachta comhshaoil, lenar áiríodh na tionscadail/feachtais a leanas:

- Bailiúcháin saor in aisce shoghluaiste dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh (WEEE) i mBaile Briotáis, Baile Uí Laigheanáin, Baile an Chaisleáin, an Chúlchoill, Killenard, Cill Uisean agus Baile an Bhiocáire.
- Ceardlanna oiliúna múinteoirí ar chlár na Scoileanna Glasa
- Ceardlanna saor in aisce do scoileanna ar ábhair éagsúla, ina measc bithéagsúlacht, bainistíocht bruscair agus dramhaíola
- Deontais LA21 a riar ar luach iomlán tionscadail €19,000.
- Dhírigh ár seastán faisnéise, chomh maith leis sin, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta a bhí ar siúl i Ráth an Uisce, Contae Laoise, ar an tábhacht a bhaineann lenár gcomhshaol a chosaint agus a chaomhnú.
  I rith an ama a chaitheamar ag an imeacht seo, thug breis agus 1,500 duine cuairt ar ár seastán chun labhairt linn faoi mhúiríniú, athchúrsáil agus faoinár gclár nuálacha scoileanna.
- Rinneadh 4 ionad a bhunú le haghaidh ceardlanna 'Deireadh a Chur le Cur Amú Bia' agus cuireadh ceithre chruinniú ar bun i ngach ionad, a dhírigh ar conas is féidir le teaghlaigh a mhéid le €700 sa bhliain a shábháil trí leas a bhaint as moltaí simplí, ar nós pleanáil biachláir, méid sciartha agus siopadóireacht chliste a dhéanamh.
- Cuireadh taispeántas cócaireachta um Chosc ar Dhramhaíl Bhia ar bun i bPort Laoise leis an gcócaire mór le rá, Catherine Fulvio agus d'fhreastail breis agus 200 duine air.
- Chabhraigh ceamaraí teilifís chiorcaid iata (CCTV) ag 4 láithreán ionad fág anseo timpeall an chontae leis an gComhairle chun an tAcht um Thruailliú ó Bhruscair, arna leasú, a chur i bhfeidhm.

Páirc an Phobail, Port Laoise

I nDeireadh Fómhair 2015, i ndiaidh 9 mí a chaitheamh ag tabhairt faoi obair dhian, d'athoscail an Cathaoirleach, Catherine Fitzgerald agus an tAire Charlie Flanagan, T.D., an pháirc ceithre heicteár atá lonnaithe ar Bhóthar Theach Mochua.

Spreag an bhaint ag bhí ag Port Laoise i dtionscnamh na mBailte Folláin 2014, go páirteach, an pháirc a athchóirú, a chosain €150,000. Tá anois sa pháirc ionad gleacaíochta faoin spéir, seomra ranga faoin spéir, gnéithe nádúrtha súgartha, siúlóid coillearnaí ina bhfuil boscaí éan agus ialtóg agus raon na sióg, raon treodóireachta agus raon dátheangach crann. Sa mhullach air sin, rinneadh cosáin timpeall na páirce a athdhromchlú agus tá fáil ar bhreis agus 1km de chosáin anois le haghaidh daoine a ghabhann ar siúl nó ag bogshodar.

Sholáthair ionadaithe ó Thionscnamh Bhailte Folláin an Irish Times/Pfizer agus Healthy Ireland, ar chuid den Roinn Sláinte iad, cistiú i dtreo an chláir, chomh maith. Sholáthair an Chomhairle Oidhreachta cistiú páirteach do raon na gcrann agus don chomharthaíocht.

Ag an searmanas oifigiúil oscailte, ar ar fhreastail roinnt mhaith scoileanna áitiúla, muintir an phobail, Bailte Slachtmhara, Downtown Phort Laoise agus Seid na bhFear Phort Laoise, labhair triúr daoine faoin tábhacht a bhaineann le páirceanna ina saol. Ina measc seo bhí beirt daltaí ón nGaelscoil i bPort Laoise – Ashlinn Ní Leathlobhair agus Aaron Ó Murchú agus Margaret Dempsey ó ghrúpa scoir ghníomhaigh an bhaile.

Ba é cuspóirí na n-oibreacha, a bhí faoi stiúir coiste intí ar a raibh Denise Rainey i gceannas, a chinntiú go ndéanfaí pointe fócais leasaithe de Pháirc an Phobail don bhaile, agus ceann scríbe mealltach a dhéanamh de do gach cuairteoir agus béim a leagan, i gcomhthráth, ar an iomaí úsáid a bhaintear aisti, an ghné nua oideachasúil ina measc. Úsáideadh torthaí na hoibre suirbhé faoinar thug scoileanna áitiúla agus brainse Laoise-Uíbh Fhailí Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, don chomharthaíocht, a thug cuntas ar ghnéithe fiadhúlra na páirce.

Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus an Láir Tire 2015-2021

Seoladh an plean i mBealtaine 2015 agus i measc na gcontaetha a áiríodh sa réigiún seo, tá Laois, Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Dún Laoghaire, Baile Átha Cliath Theas, an Longfort, an Iarmhí, Cill Dara, Uíbh Fhailí, Lú, an Mhí agus Cill Mhantáin. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Ceannais Réigiúnach um Fhorfheidhmiú

Dramhaíola. Tá daonra thart ar 2,249,603 duine sa cheantar seo agus soláthraíonn an plean creatlach le haghaidh bainistíocht dramhaíola agus sainaithnítear ann réimse spriocanna agus cuspóirí, lena dtacaíonn beartais agus gníomhartha a theastaíonn chun na spriocanna seo a bhaint amach, ar nós an mhéid a leanas:

- Ullmhú le haghaidh ráta athúsáide agus athchúrsála 50% de dhramhaíl chathrach faoi 2020.
- Diúscairt dhíreach dramhaíl neamhphróiseáilte iarmharach a chuirtear chun líonadh talún a laghdú anuas go dtí 0% (ó 2016 ar aghaidh) i bhfabhar próisis réamhchóireála ar a bhfuil luach níos airde agus cleachtais dhúchasacha aisghabhála.

Ceapadh trí Údarás nua Ceannais Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLAanna) atá freagrach as gníomhartha um fhorfheidhmiú dramhaíola a chomhordú laistigh de réigiúin, a leagann tosaíochtaí agus cuspóirí coiteanna síos le haghaidh forfheidhmiú dramhaíola, a chinntíonn forfheidhmiú comhsheasmhach na reachtaíochta dramhaíola i measc na dtrí réigiún reatha um pleanáil bainistíochta dramhaíola agus dualgas an chéad fhreagróra ar sháruithe sonracha na reachtaíochta dramhaíola á leagan ar fhoireann an údaráis áitiúil go fóill.

Gníomhaireacht Fuinnimh an Láir Tíre

Is iad na príomhúsáideoirí fuinnimh i gComhairle Contae Laoise soilsiú poiblí agus foirgnimh. Baineann fuílleach an ídithe fuinnimh le gás nádúrtha, ola agus breosla le haghaidh feithiclí flít. Tugtar le fios i dTuarascáil Bhliantúil an SEAI 2015 ar thuarascálacha um Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí gur bhain Comhairle Contae Laoise coigilt 10.2% amach faoi dheireadh 2014 i gcoinne a sprice 33% faoi 2020. Thug Gníomhaireacht Fuinnimh an Láir Tíre faoi réimse gníomhartha in 2015 chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn sa réigiún:

- D'eagraigh Gníomhaireacht Fuinnimh an Láir Tíre (an MEA) imeacht Seimineár Fuinnimh Réigiúnach an Láir Tíre a sholáthair faisnéis ar fhoirmeacha d'fhuinneamh inathnuaite i gcomhpháirtíocht leis an SEAI. Thacaigh na hOifigí Fiontair Áitiúil, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Fiontraíocht Éireann agus Cónaidhm Óstán na hÉireann leis an seimineár.

- D'óstáil an MEA oiliúint um Straitéis Fuinnimh Athnuaite Údaráis Áitiúil (LARES) i gcomhar leis an SEAI le haghaidh pleanáil údaráis áitiúil agus foireann ghairmiúil.
- Tugadh oiliúint MAP Fuinnimh isteach le haghaidh Foirne Fuinnimh in údaráis áitiúla lena dtacaíonn an SEAI.
- Ghlac CCL páirt in Oiliúint Fuinnimh um Pobal Cleachtaidh an SEAI le haghaidh Bainisteoirí Ionad Fóillíochta agus thacaigh sé le hiarratais ar chistiú faoi Chlár Linn Snámha an Údaráis Áitiúil.

Anuas air sin, thug Comhairle Contae Laoise faoi réimse tionscnamh chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Roghnaíodh Comhairle Contae Laoise, trína rannpháirtíocht i nGrúpa Oibre Náisiúnta ar Shoilsiú Poiblí, mar cheann de na 5 údarás áitiúla phíolótacha chun Fardal caighdeánaithe Soilsithe Phoiblí a chur i dtoll a chéile in 2015/2016 agus gheobhaidh sí cúnamh deontais €37,500 ón SEAI chun tacú leis an obair seo.
  - Chistigh an ÚBN aisfheistiú 96 solas ag a bhfuil LEDanna atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de i mbaile Mhainistir Laoise.
  - Mar chuid d'Athfhorbairt Chearnóg Dharú, aisfheistíodh 31 solas le LEDanna.
  - Glacadh páirt i gclár 'Cumhacht a Bharrfheabhsú ag an Obair' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí, ag Halla an Chontae, Port Laoise. Suiteáladh méadair gháis agus leictreachais chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus tá clár leanúnach feasachta ar fhuinneamh ar siúl.

- Laghdaíodh an Uasacmhainn Iompórtála (MIC) le haghaidh Theach Oibre Dhomhnach Mór agus sheanfhoirgneamh Shaws chun an taraif a athrú agus chun coigiltí a bhaint amach.

Táscairí Feidhmíochta 2014

Líon na gceadanna nó na ndeimhnithe um shaoráid dramhaíola atá i bhfeidhm

Líon na n-oibreoirí dramhaíola a cheadúnaigh an t-údarás áitiúil chun oibriú ina limistéar	26

Líon/% na dteaghlach ag a bhfuil rochtain ar sheirbhís 3 araid

Líon na dteaghlach, bunaithe ar Dhaonáireamh 2011, atá lonnaithe i gceantar ina bhfeidhmíonn oibreoir ceadúnaithe a sholáthraíonn seirbhís 3 araid	5972
% na dteaghlach laistigh den cheantar (de réir Dhaonáireamh 2011, chomh maith) dá léiríonn an uimhir ag A	21.39%

Líon na ngearán faoi dhramhaíl a rinneadh le hOifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil an GCC

Líon na ngearán ar leith a bhaineann le dramhaíl laistigh den cheantar a cuireadh faoi bhráid an OEE mar gheall nár réitíodh an gearán I i ndiaidh don Údarás Áitiúil an gearán a imscrúdú	1

% na ngearán eile faoi thruailliú comhshaoil (i.e. nach mbaineann le dramhaíl) a réitíodh

Líon iomlán na gcásanna a ndearnadh gearán fúthu ar bhealach ar bith cibé acu má chuir an pobal nó an t-údarás áitiúil féin tús leo agus % na gcásanna siúd a réitíodh

% na gcásanna gearáin faoi bhruscar a réitíodh	95.68%
% na ngearán faoin aer a réitíodh	85.71%
% na gcásanna gearáin faoi thorann a réitíodh	66.67%
% na gcásanna gearáin faoi uisce a réitíodh	82.46%

% de limistéar an údaráis áitiúil laistigh de na 5 leibhéal de thruailliú bruscair

% den limistéar laistigh den údarás áitiúil a bhí saor ó thruailliú nó ó bhruscar

nuair a rinneadh suirbhé	10
beagán truaillithe	87
measartha truaillithe	3
truaillithe go mór	0
truaillithe go dona	0

SEIRBHÍSÍ UISCE

Innealtóir Sinsearach: Michael O'Hora, Seirbhísí Uisce

Cuireadh Uisce Éireann ar bun an 1 Eanáir 2014 faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2013. Ón dáta sin, lean Comhairle Contae Laoise ar aghaidh le seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce a chur ar fáil i gcomhar le hUisce Éireann trí Chomhaontú Seirbhíse agus de réir Plean Seirbhíse Bliantúil comhaontaithe do mhuintir Chontae Laoise. Aistríodh gach conradh uisce agus fuíolluisce poiblí ó Chomhairle Contae Laoise go hUisce Éireann an 1 Eanáir 2014.

Tá seirbhísí uisce cistithe 100% ag Uisce Éireann, arb é an tÚdarás Reachtúil le haghaidh seirbhísí uisce agus faomhfaidh Uisce Éireann gach cinneadh mór maidir le cistiú seirbhísí. Tá an tÚdarás Áitiúil, faoi fhoráil eisiata san Acht, ar an Údarás Seirbhísí Uisce i gceangal le Grúpscéimeanna uisce agus le córais chóireála fuíolluisce tí (umair sheipteacha).

Déanann soláthar Seirbhísí Uisce faoin gComhaontú Leibhéal na Seirbhíse, cé gur dúshlánach é, deis a sholáthar chun leibhéal de ghníomhaíocht seirbhísí uisce a choimeád laistigh den Rialtas Áitiúil agus chun tionchar a imirt ar infheistíocht i seirbhísí agus i mbeartas uisce amach anseo.

Tá obair ar bun faoi láthair chun Creat Oibriúcháin Tionscal Uisce d'Údaráis Áitiúla agus d'Uisce Éireann a dhearadh agus iad ag oibriú i bpáirt. Cuirfidh an Creat Oibriúcháin Tionscal Uisce (an WIOF) struchtúr tionscail i bhfeidhm chun oibriú go héifeachtúil, go héifeachtach, go freagrach agus go comhtháiteach faoin gcomhaontú Leibhéal na Seirbhíse.

Rinne an tSaotharlann Seirbhísí Uisce iarratas ar an INAB le haghaidh creidiúnú i dtaobh chaighdeán ISO17025 i dtaca le paraiméadair sheiceála uisce óil agus níotráite. D'éirigh leis an tsaotharlann i Samhain lena réamhscrúdú a dhéanamh ar Chreidiúnú an INAB agus leanfaidh measúnú iomlán ar siúl ar an tsaotharlann in 2016.

Soláthar seirbhíse Uisce agus Fuíolluisce Poiblí

Oibriú agus Cothabháil Leanúnach

San am i láthair, soláthraíonn Comhairle Contae Laoise thart ar 24,000 méadar ciúbach d'uisce gach lá thar ceann Uisce Éireann do mhuintir Chontae Laoise, agus í ag soláthar agus ag cothabháil soláthairtí uisce leordhóthanacha (92 láithreán uisce) agus saoráidí cóireála agus diúscairtí fuíolluisce (78 láithreán fuíolluisce), a chomhlíonann an Treoir ón AE maidir le hUisce Óil agusan Treoir ón AE maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh araon.

Agus é cothrom le 45%, tá Uisce gan Tásc i gContae Laoise ag teacht le figiúirí náisiúnta. Cé go laghdóidh dul chun cinn conarthaí athshlánaithe príomhphíobáin uisce sceitheadh príomhphíobáin ar roinnt scéimeanna, is é is dóichí go n-imreoidh tabhairt isteach an mhéadraithe uisce an tionchar is mór ar uisce gan tásc.

Cáilíocht an Uisce Óil

Tá feidhmeanna reachtúla ag Uisce Éireann maidir le faireachán a dhéanamh ar sholáthairtí uisce óil poiblí, faoi mar atá leagtha amach i Rialacháin an AE (Uisce Óil), 2014. Léirítear sna torthaí ar anailís a rinneadh ar uisce óil in 2015 go raibh ráta comhlíonta micribhitheolaíochta 100% agus ráta comhlíonta ceimiceáin 99.9% ag Scéimeanna Uisce Poiblí i Laois.

Faoi na Rialacháin, is í Comhairle Contae Laoise an tÚdarás Maoirseachta freisin le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce Príobháideacha agus Scéimeanna Beaga Soláthair Uisce Phríobháidigh. Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do 2015 go raibh rátaí comhlíonta 100% ag Grúpscéimeanna Uisce Príobháideacha ó thaobh critéir mhicribhitheolaíochta agus cheimiceáin de. Bhí ráta comhlíonta ceimiceáin 100% agus ráta comhlíonta micribhitheolaíochta 99.2% ag Mionscéimeanna Soláthairtí Uisce Príobháideacha.

Scairdeadh chuig Séaraigh

Is ann do 111 ceann de Cheadúnais Scairdte Alt 16 arna n-eisiúint faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 agus 1990, do ghnólachtaí lena gceadaítear dóibh eisilteach trádála a scardadh chun

séarach. Déanann an Chomhairle faireachán ar na gnólachtaí sin ar bhonn rialta le linn na bliana.

Ceadúnas Doirte Fuíolluisce ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Déanann Comhairle Contae Laoise Ionaid Chóireála Fuíolluisce a oibriú thar ceann Uisce Éireann de réir Deimhnithe Údarúcháin nó Ceadúnais Doirte ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi na Rialacháin maidir le Doirteadh Fuíolluisce (Údarú) 2007. Leagtar coinníollacha síos sna ceadúnais agus sna deimhnithe sin chun comhlíonadh caighdeán cáilíochta uisce agus comhlíonadh Treoracha Comhshaoil ón AE a chinntiú. Tá ceadúnais doirte deonaithe do cheithre ionad déag go dtí seo. Tá deimhnithe faighte do chúig ionad cóireála bheaga dhéag sa chontae.

Cosaint an Chomhshaoil

Tá baint ag an bhfoireann um Chosaint an Chomhshaoil le reachtaíocht agus beartas maidir le cáilíocht an uisce abhann agus an screamhuisce, cáilíocht an aeir, agus truailliú torainn a chur chun feidhme, de réir mar a bhaineann siad le Contae Laoise.

Cáilíocht an Uisce

Lean Comhairle Contae Laoise ar aghaidh in 2015 ag cur Phlean Bainistíochta Cheantar Abhantraí Thoir Theas agus Phlean Bainistíochta Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne 2009-2015 chun feidhme. Leanfaidh an plean reatha ar aghaidh go 2017 anois. Tiocfaidh plean athbhreithnithe i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Rinneadh ocht bPlean Bainistíochta Cothaitheach is caoga a bhaineann le leathadh Sloda Camrais sa chontae a chur faoi bhráid na Comhairle lena bhfaomhadh in 2015.

Lean an Chomhairle ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar cheadúnais scardaidh chun aibhneacha agus chun screamhuiscí in 2014 faoi Alt 4 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 go 1990. Rinneadh cúig shampla dhéag san iomlán a ghlacadh agus a anailísiú chun a chinntiú go raibh ceadúnais á gcomhlíonadh. Bhí naoi gceadúnas déag i bhfeidhm in 2015, agus táthar ag súil leis go dtosófar dhá cheann in 2016.

D'imscrúdaigh an Chomhairle umair sheipteacha de réir an Phlean Náisiúnta Cigireachta 2015-2017 le haghaidh Córais Intíre Chóireála Fuíolluisce ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cuireadh trí chigireacht is fiche i gcrích, ar an iomlán in 2015, faoi mar a cheanglaítear leis an bPlean.

D'imscrúdaigh Comhairle Contae Laoise na gearáin go léir a fuarthas maidir le truailliú uisce. Eisíodh Fógra amháin faoi Alt 12 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 go 1990.

Cáilíocht an Aeir

Ní raibh aon Cheadúnais Astaíochtaí Aeir ar bith i bhfeidhm sa chontae in 2015. Fuarthas agus imscrúdaíodh daichead ghearán maidir le cáilíocht an aeir in 2015. I measc chineál na ngearán sin, bhí fadhbanna le boladh talmhaíochta agus núis deataigh.

Truailliú Torainn

Fuarthas trí ghearán déag maidir le torann in 2015. Bhí ceann amháin de na gearáin sin de chineál baile agus, sna cásanna sin, molann an Chomhairle do chomharsana an fhadhb a phlé le chéile agus teacht ar réiteach comhaontaithe. Bhain gearáin eile le gníomhaíochtaí tráchtála sa Chontae.

An Clár Infheistíochta Caipitil Seirbhísí Uisce

Is é Uisce Éireann a chistigh gach Tionscadal Caipitil Seirbhísí Uisce ó 2014 i leith. Cuirfear tionscadail atá ar siúl cheana féin i gcrích ach beidh tosú tionscadal nua faoi lánrogha Uisce Éireann.

Is é cuspóir uileghabhálach Thionscadal Caomhnaithe Uisce Contae Laoise ná uisce a chaomhnú trí shainaithint agus athshlánú a dhéanamh ar na limistéir sin de bhonneagar an phríomhlíonra uisce a chruthaíonn na coigiltí uisce inbhuanaithe is mó.

B'éard a bhain le Céim 3 de Thionscadal Caomhnaithe Uisce Contae Laoise – Conradh Uimhir 1 ná 13 km de phríomhlíonra uisce a athsholáthar nárbh fhiú iad a dheisiú ar údar eacnamaíochta. Anuas air sin, bhí ardsceitheadh ón líonra agus bhí sé tugtha do phléascadh go minic. Bronnadh an conradh ar David Walsh Civil Engineering Ltd. agus cuireadh i gcrích na hoibreacha i bhFeabhra 2015. B'ionann an luach a bhí ar an gconradh agus €1, 960,444. Eisíodh tairiscintí le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta chun dearthaí a ullmhú do 8.5km breise d'athsholáthar an phríomhlíonra uisce faoi Chonradh 2 i Meán Fómhair 2015.

Rinneadh 'Scéim Séarachais Bhailte Grúpáilte Laoise (Conradh le haghaidh Dearadh, Tógáil agus Oibriú)', a bhronnadh ar chomhfhiontar Response Engineering Ltd / Ward & Burke Ltd. i mí an Mheithimh 2013. Is éard atá i gceist sa scéim seo ná ionaid chóireála fuíolluisce nua a thógáil i gcúig bhaile (Mainistir Laoise, Darú, an Sráidbhaile, Ráth Domhnaigh, Maighean Rátha). B'ionann luach an chonartha agus €11,439,869. Tháinig gach ionad nua i bhfeidhm in 2015 agus cuireadh tús le seirbhís oibríochtaí 20 bliain.

Bronnadh 'Scéim Séarachais Bhailte Grúpáilte Laoise (Conradh Líonra)' ar Ward & Burke Ltd i mí Dheireadh Fómhair 2013 ar Ward & Burke Ltd. Is éard atá i gceist sa scéim seo ná líonraí nua séarachais a thógáil i 6 bhaile (Mainistir Laoise, Darú, an Sráidbhaile, Ráth Domhnaigh, Maighean Rátha agus Cluain na Slí). B'ionann luach an chonartha agus €7,359,233. Cuireadh oibreacha i gcrích faoi Aibreán 2015.

Cuireadh Scéim Feabhsúcháin Soláthair Uisce Chúil an tSúdaire Ardchonradh ag gort toibreacha La Bergerie chun tairisceana i Lúnasa 2015. I measc na n-oibreacha tá an tríú tollpholl den ghort toibreacha a chur i mbun táirgthe agus foirgneamh a sholáthar ina stóráiltear saoráidí cóireála clóirín, fluairíde agus mangainéise. Tá coinne leis go mbronnfar conradh 12 mhí Dearaidh agus Tógála ag a bhfuil seirbhís oibríochtaí 12 mhí faoi Aibreán 2016.

Cuireadh conradh Uasghrádaithe Ionad Cóireála Fuíolluisce Chúil an tSúdaire chun tairisceana i nDeireadh Fómhair 2015. D'eisigh an GCC Ceadúnas Doirte Fuíolluisce don ionad in Eanáir 2015. I measc na n-oibreacha tá feabhsúcháin agus uasghráduithe ag an ionad chun comhlíonadh caighdeáin eisiltigh agus éifeachtúlachtaí fuinnimh a bhaint amach. Tá coinne leis go mbronnfar conradh 7 mhí Dearaidh agus Tógála ag a bhfuil seirbhís oibríochtaí 12 mhí faoi Bhealtaine 2016.

In 2015, cuireadh tús le roinnt miontionscadail chaipitil, ina measc Díghalrú Ultraivialaite ag Ionad Cóireála Uisce Bhaile an Ruáin, conradh um Athchóiriú Taiscumar, Monatóireacht Sreabhaidh agus Sampláil a shuiteáil ag 6 Ionad Cóireála Fuíolluisce agus sampláil Cripteaspóiridiam a shuiteáil ag roinnt Ionaid Chóireála Fuíolluisce.

Ba ghá córas leordhóthanach cóireála ultravialaite asholáthar ag Ionad Cóireála Uisce (ICU) Bhaile an Ruáin chun díghalrú leanúnach a sholáthar sa dá sholáthar (Fuarán Thulaigh Lobhair agus Crosaire Thobar Tollta an Bhaile Nua) don ICU. Suiteáladh córas cúltaca dualgais a bhfuil ar a chumas díghníomhú Cripteaspóiridiam, baictéir agus víreas a sholáthar. Anuas air sin, suiteáladh trealamh gaolmhar chun bailíochtú leanúnach an chórais chóireála ultraivialaite a bheartaítear a thaispeáint agus chun nasc le teiliméadracht an chontae iomláin a éascú.

Rinneadh aighneachtaí breise, i bhfoirm Sainchúraim um Riachtanais Sócmhainní le hUisce Éireann in 2015 le haghaidh réimse tionscadail chaipitil uisce agus fuíolluisce. Ar feitheamh faofa ag Uisce Éireann, meastar go gcuirfear na tionscadail seo chun cinn in 2016.

An Clár Uisce Tuaithe

Leanann Comhairle Contae Laoise leis na hoibreacha feabhsúcháin nó uasghrádaithe a riar le haghaidh Grúpscéimeanna reatha agus nua Cheadaigh cistiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil oibreacha fairsinge a dhéanamh san Earnáil Ghrúpuisce in 2015.

Déanann foireann na Comhairle bainistiú ar an gClár Táthcheangail. Críochnaíodh oibreacha agus íocadh an cuntas deiridh ar aon scéim déag ar leith. Tá Uisce Éireann in ann ceannas a ghlacadh ar na scéimeanna seo faoi láthair, anuas ar chinn eile, i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana a Bheartaítear agus nuair a thugtar chun críche é.

Leanadh le tionscadal chun dul i ngleic le saincheist grúpscéimeanna dílleachta uisce agus leanadh le ceannas a ghlacadh ar an gcéanna ar deireadh thiar in 2015. Tugadh faoi oibreacha ar sheacht scéim ar leith, ina measc Céim I den tionscadal ionadaithe príomhlíonra ar Ghrúpscéim Uisce

Clonking/Fhormaoileach.

Rinne gach ceann de na hoibreacha seo aidhmeanna na Comhairle a chur chun cinn chun cabhrú leis na grúpscéimeanna sa Chontae chun soláthar uisce ardchaighdeáin a choimeád ar aon dul le caighdeáin uisce óil an AE agus chun costais fuinnimh agus oibriúcháin a laghdú, chomh maith.

Tugann na grúpscéimeanna faoi oibreacha sa chatagóir Caomhnaithe/Líonra Uisce agus cistítear iad trí scéim deontais a bhainistíonn an Chomhairle. Thug roinnt scéimeanna faoi oibreacha in 2015 chun feabhas a chur ar chaighdeán an tsoláthair uisce lena mballraíocht.

Lean Grúpscéim Uisce Bhaile Colla lena clár uasghrádaithe líonra, a rinneadh breis agus 1 chiliméadar de phríomhlíonra ríthábhachtach a ionadú trí dhruileáil threoch a dhéanamh. Anuas air sin, thug an scéim faoi thionscadal chun fad de phríomhlíonra lochtach a ionadú a d'fhreastail ar chúig chustaiméir déag ar cuireadh go leor sceite i gcuntas ina thaobh agus a ndearnadh go leor deisiúcháin éigeandála air le blianta beaga anuas. Bhí dhá thionscadal ag Grúpscéim Eiréil in 2015 – Uasghrádú an Ionaid Díghalraithe Ultraivialaite agus an Chórais Mhonatóireachta agus Aláraim agus rinneadh 1.5 ciliméadar de phríomhlíonra uisce a ionadú. Rinne Grúpscéim Uisce na Cúlchoille 160 méadar agus córas AMR a shuiteáil agus a choimisiúnú agus cuireadh oiliúint orthu ar an gcéanna. Anuas air sin, tá uasghrádú á dhéanamh ag an ngrúpscéim ar a Tuarascáil um Chrios Rannchuidithe i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Lean Grúpscéim Uisce Theach na Bearú lena clár uasghrádaithe in 2015 agus suiteáladh bothanna agus logálaithe agus béil tuile. Tugadh faoi oibreacha sláinteachais ar an teach caidéil.

Thug Grúpscéim Uisce Bhaile Mhadóg faoi oibreacha uasghrádaithe teach caidéil agus rinne siad béil tuile shuiteáil agus rinne Grúpscéim Uisce Chill Rois an córas scagacháin a uasghrádú.

Rinne gach ceann de na hoibreacha seo aidhmeanna na Comhairle a chur chun cinn chun cabhrú leis na grúpscéimeanna sa Chontae chun soláthar uisce ardchaighdeáin a choimeád ar aon dul le caighdeáin uisce óil an AE agus chun costais fuinnimh agus oibriúcháin a laghdú, chomh maith.
Chomh maith leis sin, phróiseáil Clár Uisce Tuaithe na Comhairle fóirdheontais arbh fhiú thart ar €355,855 iad do Ghrúpscéimeanna Uisce in 2015. Íocadh suim €61,975 le hiarratasóirí chun toibreacha nua nó uasghrádú a dhéanamh ar thoibreacha a sholáthar in 2015 agus chun deontas amháin a sholáthar faoi Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí. Tá an Scéim nua seo ar fáil chun cabhrú le húinéirí áitribh atá nasctha le córais chóireála fuíolluisce tí íoc as na costais a bhíonn ar dheisiúcháin ar na córais chóireála siúd agus iad a uasghrádú nó a ionadú. Aisghabhtar gach íocaíocht maidir leis na deontais agus na híocaíochtaí fóirdheontais seo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Athchóiriú na hEarnála Uisce Tuaithe

In 2015, bhunaigh an RCPRÁ grúpa oibre ina raibh baint ag príomhpháirtithe leasmhara san earnáil uisce tuaithe chun dul i ngleic le forbairt fhioriomlán na hearnála uisce tuaithe laistigh den chlár foriomlán athchóirithe earnála uisce. Rinneadh ionadaíocht d'Údaráis Áitiúla agus do Chónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce ar an ngrúpa anuas ar an Roinn, Uisce Éireann agus an Oifig Trasdula Seirbhísí Uicse. Ar cheann de thascanna an ghrúpa is ea cur chuige ilbhliantúil a fhorbairt i leith cistiú chun freastal ar riachtanais tosaíochta na grúpearnála uisce agus chun feabhas a chur ar chinnteacht an chistithe chun tacú le pleanáil cheart agus le forbairt inbhuanaithe i gceantair thuaithe.

Áiseanna Poiblí

Caitheadh €71,755, ar an iomlán, ar leithris phoiblí a chothabháil agus a choimeád i bPort Laoise agus i Maighean Rátha.

Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha

Faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, tugtar de chumhacht d'Údaráis Áitiúla Fógra a sheirbheáil ar úinéirí maoine i gcásanna ina bhfuil an Chomhairle den tuairim gur contúirteach atá réadmhaoin nó áit, agus í ag iarraidh orthu beart feabhais a dhéanamh chun an réadmhaoin a dhéanamh sábháilte. Mura gcloítear leis an bhFógra sin, féadfar an t-ábhar a tharchur chuig na Cúirteanna. I gcásanna éigeandála, tá cumhacht ag an gComhairle maoin den sórt sin a dhéanamh sábháilte agus costais i leith na hoibre sin a aisghabháil.

Coinníonn an t-údarás áitiúil Clár Áiteanna Contúirteacha/Struchtúr Contúirteach ar bun. Tá 44 comhad ar an gclár i gContae Laoise ar oscailt faoi láthair.

Táscairí Feidhmíochta 2014

Uisce gan Tásc mar chéatadán den méid iomlán uisce a soláthraíodh faoi CLS

Uisce gan Tásc (UGT) mar chéatadán den méid iomlán uisce a soláthraíodh (Ean-Mei 2015)	36%

Uisce Óil a chomhlíonann ceanglais reachtúla

Poiblí	99.6%
Príobháideach	97.9%

Táscairí Feidhmíochta 2015

Uisce gan Tásc (UGT) mar chéatadán den uisce iomlán a soláthraíodh faoi na scéimeanna soláthair uisce a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach astu	44.5%

SÁBHÁILTEACHT UISCE LAOISE

An tSeachtain Feasachta ar Shábháilteacht Uisce 2015

I gcomhar le Coiste Sábháilteachta Uisce Limistéar Laoise, sholáthair Comhairle Contae Laoise roinnt imeachtaí tábhachtacha le linn na Seachtaine Feasachta ar Shábháilteacht Uisce i Meitheamh 2015.

I rith na seachtaine seo, tugadh cuairteanna ar 22 scoil agus grúpaí pobail, agus cainteanna bunúsacha ar fheasacht ar shábháilteacht uisce agus taispeáintí baoithe tarrthála á soláthar lena linn.

RANGANNA SÁBHÁILTEACHTA UISCE AGUS SEACHTAIN AN TSNÁMHA 2015

D'éirigh le Sábháilteacht Uisce Laoise Ranganna Sábháilteachta Uisce a chur ar fáil in Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire le linn Earrach agus Fhómhar na bliana 2015. Fuair 130 rannpháirtí, idir dhaoine fásta agus leanaí, Deimhniú Shábháilteacht Uisce na hÉireann le linn na bliana. Rinneadh clár seachtaine Snámha a sholáthar go rathúil agus múineadh scileanna cadhcála chomh maith i Linn Snámha Allamuigh Bhaile na Coille, agus 30 leanbh ag freastal air i mí Meitheamh 2015.

An Clár um Shábháilteacht Uisce do Bhunscoileanna (PAWS)

I gcomhar le Sábháilteacht Uisce Laoise agus le hIonad Fóillíochta Phort Laoise, lean Comhairle Contae Laoise ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don Chlár um Shábháilteacht Uisce do Bhunscoileanna (PAWS). Tugadh cuairt ar 44 bunscoil i gContae Laoise i Meitheamh agus i Nollaig, tráth a bronnadh Deimhnithe PAWS ar os cionn 2,000 dalta i ndiaidh dóibh páirt a ghlacadh sa Chlár.

Baoithe Tarrthála

Le linn na bliana 2015, lean Comhairle Contae Laoise le baoithe tarrthála a chothabháil agus a imscrúdú ag láithreacha uisce oscailte ar fud an chontae. Suiteáladh comharthaíocht bhreise ag an droichead i mBaile an Chaisleáin a chuireann daoine ar an eolas ar an mbaol a chruthaíonn léim anuas ón droichead isteach in Abhainn na Feoire.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

D'oibrigh baill agus teagascóirí de chuid Choiste Ceantair Shábháilteacht Uisce Laoise Seastán Sábháilteachta Uisce Éireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Bhí na seastáin seo lonnaithe i ngabhainn na Roinne Comhshaoil agus an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Bhí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ar bun i gcaitheamh 3 lá, áit ar thug an líon ba mhó daoine riamh ar an seastán agus taispeántais tacaíochta bunúsaí beatha a fheiceáil.

SEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA CONTAE LAOISE

Príomhoifigeach Dóiteáin Gníomhach: Declan Power

Lean an tSeirbhís Dóiteáin ar aghaidh le seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil sna réimsí seo a leanas: Cosc Dóiteáin, Oibríochtaí Briogáid Dóiteáin, Feasacht an Phobail ar Shábháilteacht Dóiteáin agus Pleanáil Móréigeandála.

D'fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae Laoise ar 774 teagmhas éigeandála in raibh 386 dóiteán, 257 teagmhas seirbhíse speisialta agus 101 rabhadh bréagach.

D'fhonn caighdeáin trealaimh a mhéadú, leanadh ar aghaidh leis an gclár um threalamh a athsholáthar agus a uasghrádú in 2015. Rinneadh ár stoc de chúr comhrac dóiteáin a athnuachan. Soláthraíodh na nithe seo a leanas freisin: tacair nua ghaireas análaithe agus sorcóirí nua gaireas análaithe, trealamh bainistíochta tráchta, saintrealamh d'imbhuailtí tráchta ar bhóithre agus saintrealamh tarrthála, ceamara íomhánna teirmeacha, brathadóirí gáis, málaí ardaithe ardbhrú, comharthaí rabhaidh imbhuailte suiteáilte ar fheithiclí agus trealamh cumarsáide talamh dóiteáin.

Cuireadh clár fairsing oiliúna ar fáil do chomhraiceoirí oibríochtúla dóiteáin i seirbhís, agus breis agus 650 daonlá i gceist leo.

Chun feabhas a chur ar Shábháilte, Sláinte agus Leas le haghaidh criúnna dóiteáin, leanadh ar aghaidh leis an gclár Treoirlínte Caighdeánacha Oibríochtúla in 2015. Anuas air sin, d'fhaomh an Bhainistíocht Shinsearach an Clár Bainistíochta Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa agus rinneadh athbhreithniú air 41 am i gcaitheamh na bliana.

Fuarthas 45 iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán agus fuarthas 112 iarratas ar cheadúnas. Tarchuireadh 89 iarratas pleanála chuig an tSeirbhís Dóiteáin le linn na bliana freisin. Rinneadh cigireacht ar 181 áitreabh. Seirbheáladh 1 Fhógra um Shábháilteacht ó Dhóiteán ar áitreabh in 2015 ina bhfuil saincheisteanna tromchúiseacha sábháilteachta ó dhóiteán toisc nár cuireadh oibreacha feabhais i gcrích chun sástacht an Údaráis Dóiteáin go fóill.

Seirbheáladh 1 Fhógra Dúnta ar áitreabh in 2012 ina bhfuil saincheisteanna tromchúiseacha sábháilteachta ó dhóiteán toisc nár cuireadh oibreacha feabhais i gcrích chun sástacht an Údaráis Dóiteáin go fóill.

Ar mhaithe le sábháilteacht gach duine lena mbaineann a áirithiú, chuathas i mbun pleanáil fhairsing agus idirchaidreamh fairsing le heagraithe an dá mhórimeacht allamuigh sa Chontae le linn 2015 – Féile Ceoil na Picnice Leictrí ar an Sráidbhaile (thart ar 47,000 duine i láthair) agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Ráth an Uisce (thart ar 220,000 duine i láthair). Cuireadh clár fairsing cigireachtaí i bhfeidhm don Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Ráth an Uisce – bhí níos mó ná 1300 taispeántóir i láthair agus fuair siad go léir cigireachtaí roimh an imeacht agus lena linn.

Áiríodh ar an gclár don tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán láithreoireachtaí ar shábháilteacht ó dhóiteán a cuireadh ar bun don phobal i stáisiúin dóiteáin agus ar fhreastail daoine agus grúpaí ó na pobail áitiúla orthu, fógraíocht i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin áitiúla raidió, fógraíocht ar shuíomhanna na meán sóisialta, ar nós facebook agus twitter, agus i mbileoga. Soláthraíodh seicliostaí um shábháilteacht ó dhóiteán do thithe freisin.

Rinneadh an Plean Móréigeandála a choimeád agus a nuashonrú i gcaitheamh na bliana. Cuireadh oiliúint ar fhoireann na Comhairle sna limistéir a leanas; Bainistíocht Faisnéise (cúrsa tosaigh agus cúrsa athnuachana), Comhordú Láithreáin, agus idirchaidreamh leis na Meáin.

Táscairí Feidhmíochta 2014

Costas per capita na Seirbhíse Dóiteáin

Costas per Capita	€50.70
Slógadh na Seirbhíse	
An meánam a ghlac sé, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás dóiteáin	N/B

An meánam a ghlac sé, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís choimeádta dóiteáin) i gcás dóiteáin	5.33
An meánam a ghlac sé, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás gach teagmhas éigeandála eile (cásanna neamhdhóiteáin)	N/B
An meánam a ghlac sé, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís choimeádta dóiteáin) i gcás gach teagmhas éigeandála eile (cásanna neamhdhóiteáin)	5.33

Céatadán na bhfreastal ar láithreacha

% na gcásanna i dtaca le dóiteán ina dtagtar i láthair laistigh de na chéad 10 nóiméad	38.14%
% na gcásanna i dtaca le dóiteán ina dtagtar i láthair idir na chéad 10 nóiméad agus 20 nóiméad	51.69%
% na gcásanna i dtaca le dóiteán ina dtagtar i láthair i ndiaidh 20 nóiméad	10.17%
% na gcásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile ina dtagtar i láthair laistigh de 10 nóiméad	30.41%
% na gcásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile ina dtagtar i láthair idir na chéad 10 nóiméad agus 20 nóiméad	56.68%
% na gcásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile ina dtagtar i láthair i ndiaidh na chéad 20 nóiméad	12.9%

Cosaint Shibhialta Laoise

Eagraíocht bunaithe ar oibrithe deonacha iad Cosaint Shibhialta Laoise ina bhfuil bród ar a mbaill seirbheáil mar eagraíocht ardchaighdeáin seirbhíse cúltaca a thacaíonn leis na príomhsheirbhísí éigeandála agus leis an bpobal áitiúil.

Tá roinnt scileanna éagsúla ag na hoibrithe deonacha. Is iad seo a leanas na príomhchláir ghníomhaíochta a dtugann an eagraíocht fúthu:

Garchabhair

Seirbhís garchabhrach agus otharcharranna a sholáthar.

Scileanna Tarrthála

Tarrtháil uirbeach agus cuardach tíre oscailte ar dhaoine atá ar iarraidh. Tá aon mhadra cuardaigh agus tarrthála K9 in Laois le haghaidh brath iarsmaí daonna.

Comhrac Dóiteáin

Uiscí tuile a chaidéalú agus uisce a sholáthar don phobal.

Seirbhís Maorachta agus Monatóireacht ar Radaíocht

Radaíocht a bhrath agus monatóireacht a dhéanamh uirthi.

Cumarsáid Raidió

Ceithre chóras raidió neamhspleácha a oibriú - U.H.F., V.H.F., Raidió Banda Mhuirí agus Tetra. Feidhmítear na córais sin ónár nAonad speisialaithe um Thacaíocht Oibriúcháin.

Freagairt Éigeandála

Tá ionaid oiliúna lonnaithe ar an Sráidbhaile, Darú agus Móinteach Mílic. Más rud é go bhfuil spéis agat ina bhfuil thuas agus go bhfuil tú idir 18 agus 65 bliain d'aois, cuir glao orainn ar (057) 8664106, seol ríomhphost chuig lpreston@laoiscoco.ie nó tabhair cuairt ar ár láithreán Gréasáin ag **www.laoiscivildefence.ie** chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Pleanáil

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Cathaoirleach: John Moran, M.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
John Joe Fennelly, M.C.C	Harry Vanston (Earnáil na Feirmeoireachta
Mary Sweeney, M.C.C	Pat Culleton, (Forbairt/ Tógáil
David Goodwin, M.C.C.	Michael Kielty, I.C.T.U. (Ceardchumann)
Aidan Mullins, M.C.C.	William Telford (Gnó/Tráchtáil)
	Noel Gavigan (an Comhshaol/ Caomhnú)

FORBAIRT GHEILLEAGRACH

Leanann Comhairle Contae Laoise le forbairt gheilleagrach Chontae Laoise a chur chun cinn ar bhonn leanúnach. Tá na gníomhartha faoinar tugadh chun tacú le forbairt gheilleagrach an Chontae ar aon dul le cuspóirí an Phlean Forbartha Contae 2011¬-2017.

Cuireadh tús le hullmhú an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail in 2014. Rinne an CBS agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) comhaontú ar an Ráiteas Socheacnamaíochta i Nollaig 2015 i ndiaidh céim fhadálach chomhairliúcháin inar ghlac thart ar 150 duine páirt sa phróiseas. Ba cheannasaithe pobail nó ionadaithe gníomhaireachta go leor díobh siúd a bhí bainteach i bhforbairt gheilleagrach agus pobail. Dhírigh na ceardlanna ar an Dréacht-Ráiteas Socheacnamaíochta agus ar na Spriocanna Ardleibhéil go háirithe. Fuarthas 19 n-aighneacht scríofa agus cuirfear an Plean i gcrích in 2016.

I measc na ngníomhartha eile a rinne an Chomhairle chun tacú le gnólachtaí, bhí an méid a leanas:

- Íocaíocht le haghaidh ceithre dheontas éadan siopa
- Gearrthóg físe promóisin a chur le chéile ag Connect Ireland i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Laoise
- Tacaíocht a thabhairt do Mhóraonaigh Thrádála a bhí ar siúl sa Chontae
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt d'Ionaid Fiontair Phort Laoise agus Chúil an tSúdaire
- Plean Feabhsúcháin a chur chun cinn le haghaidh Páirc Gnó Chluain Mhaighneáin

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL LAOISE

Gníomhaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil mar "an Chéad Ionad Freastail" do dhuine ar bith a bhfuil faisnéis agus tacaíocht á lorg acu maidir le gnólacht a thosú nó a fhás in Éirinn. Is é ár ról, mar OFÁ Laoise, chun forbairt an fhiontair áitiúil a chur chun cinn, agus micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga a chur i gcroílár cruthú post. Tacaímid le gnólachtaí nuathionscanta agus oibrímid chun cumas poist micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga nua agus reatha a mhéadú le faisnéis, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht roghnaitheach airgeadais.

Ba bhliain an-táirgiúil 2015 le haghaidh OFÁ Laoise. Faomhadh cúnamh deontais arbh fhiú €251,825 é a bhfuil de chumas aige 33 post lánaimseartha a chruthú agus 20 post breise a chothú. Déileáladh le breis agus 600 fiosrúchán agus tugadh méadú faoi deara in 2015 líon na rannpháirtithe ar chúrsaí oiliúna, anuas ar mhéadú ar éileamh ar mheantóireacht. Rinneadh gach ceann de na tacaíochtaí seo a chur chun cinn, a chur ar fáil, agus a shaindearadh go sonrach i dtreo riachtanais mhicreaghnólachtaí agus ghnólachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta i Laois. Dearadh agus reáchtáladh cláir thiomnaithe chun tacú le spriocghrúpaí, ar nós na hearnála bia agus miondíola, mná sa ghnó etc.

ATHBHREITHNIÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ, ASCHUIR AGUS PRÍOMHTHIONSCNAIMH I RITH 2015

Beart 1 – Idirghabháil Roghnaitheach Airgeadais – Cúnamh Deontais

Soláthraíonn an OFÁ tacaíocht dhíreach airgeadais do mhicreaghnólachtaí (10 bhfostaí ar a mhéid) i bhfoirm Deontais Indéantachta/Nuálaíochta, Deontais Tionscnaimh agus Deontais Fairsingithe Gnó.

- Tá Deontas Indéantachta/Nuálaíochta in ainm is cúnamh a thabhairt don tionscnóir le taighde a dhéanamh ar an éileamh atá sa mhargadh ar tháirge nó seirbhís agus scrúdú a dhéanamh ar a inbhuanaitheacht.
- Is éard is Deontas Tionscnaimh ná deontas do ghnólachtaí nuathionscanta atá ar fáil do mhicrifhiontair laistigh den chéad 18 mí i ndiaidh an tionscnaimh.
- Tá Deontas Fairsingithe Gnó in ainm is cúnamh a thabhairt don ghnólacht ina chéim

fáis i ndiaidh na tréimhse tionscnaimh tosaigh 18 mí.

Seo a leanas achoimre ar an tacaíocht airgeadais a faomhadh le haghaidh gnólachtaí i gContae Laoise in 2015:

DEONTAIS DE RÉIR SAGHAIS, LÍN AGUS AN MHÉID A FAOMHADH IN 2015

Saghas Deontais	Líon na nGnólachtaí	Méid €
Deontais Tionscnaimh	6	176,850
Deontais Fairsingithe Gnó	2	59,375
Deontais Indéantachta Nuálaíochta	1	15,600
Iomlán Faofa	9	251,825

Beart 2 – Forbairt Fiontraíochta agus Forbairt Cumais

Tá an beart seo in ainm is na scileanna agus an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do ghnólachtaí beaga chun lámh chúnta a thabhairt dóibh ina bhforbairt agus ina bhfás. Anuas air sin, déanann sé soláthar do ghníomhartha a chabhraíonn i bhforbairt cultúr fiontraíochta sa Chontae. I measc na ngníomhartha, tá cláir oiliúna ar réimse saincheisteanna gnó, cláir mheantóireachta agus forbartha bainistíochta, taispeántas, cláir scoileanna etc. Ba iad seo a leanas na cláir a soláthraíodh in 2015:

Cláir Oiliúna

Bhí 62 cúrsa oiliúna, ar an iomlán, ar tairiscint tríd an OFÁ in 2015 agus ghlac 562 duine, ar an iomlán, páirt. I measc na ndaoine ar cuireadh oiliúint orthu i rith na bliana, arbh ionann iad agus 200 duine, b'fhir 35% díobh agus ba mhná 65% díobh.

- Do Ghnólacht a Thosú
  Reáchtáil an OFÁ 8 gcúrsa Do Ghnólacht Féin a Thosú agus ghlac 80 rannpháirtí páirt iontu in 2015 a sholáthair faisnéis agus oiliúint ríthábhachtach dóibh siúd a bhí ag machnamh ar réimse na fiontraíochta a iontráil.

- Do Ghnólacht a Fhás:
  Lean an OFÁ le hoiliúint a sholáthar chun freastal ar riachtanais ghnólachtaí reatha. Soláthraíodh oiliúint trí cheardlanna leathlae nó lae iomláin agus áiríodh leo an méid a leanas:

- Coimeád Bunúsach Leabhar agus Cánachas do Ghnólachtaí
- Cumas Twitter le haghaidh Gnó
- Cuntais Ríomhairithe SAGE
- Conas Plean Gnó a scríobh
- Margaíocht a dhéanamh ar bheagán Acmhainní
- Conas daoine a spreagadh agus a bhainistiú
- Cumas Facebook a Uasmhéadú le haghaidh Gnó
- Cumas LinkedIn le haghaidh Gnó
- Margaíocht Dhigiteach agus Dearadh Láithreán Gréasáin
- Conas Pitseáil Rathúil a dhéanamh le haghaidh Gnó nua
- Conas íocaíocht a fháil go tráthúil
- Anailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla (HACCP)/Clár Sábháilteachta Bia
- Margaíocht ar Líne agus na Meáin Shóisialta
- Margaíocht le haghaidh Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
- Sláinte agus Sábháilteacht d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide
- Margaíocht Ríomhphoist
- Fiontraíocht do Dhaoine faoi 25 bliain d'aois
- Clár um Fhorbairt Miondíola
- Garchabhair ag an Obair
- Cáin, Sreabhadh Airgid, Praghsáil agus Bailiú Fiachais
- Blagáil Gnó
- Conas sraith Cuntas a choimeád trí Excel a úsáid
- Do Ghnólacht a Bhrandáil agus a Phacáistiú
- Scileanna Bainistíochta Gnó a Fhorbairt do Mhná
- Clár an Acadaimh Bhia
- Feabhas a chur ar do scileanna idirbheartaíochta díolachán
- Sláinte agus Sábháilteacht d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide
- Seimineár Soláthair

Fiontraíocht na mBan

Aithníonn an Oifig Fiontair Áitiúil go mbaineann castacht le gnólachtaí nuathionscanta do dhaoine agus tá a cláir saindeartha go mbeidh siad a sholúbtha agus is féidir. Aithníonn an oifig, áfach, go n-imríonn saincheisteanna ar leith tionchar ar mhná sa ghnó agus téitear i ngleic leo seo trí chláir shonracha do mhná sa ghnó a sholáthar.

- Scileanna Bainistíochta Gnó a Fhorbairt do Mhná

  Cuireadh an clár seo ar tairiscint do mhná atá ag machnamh faoina gnólacht féin a thosú agus orthu siúd atá i mbun gnó cheana féin agus ar mian leo a scileanna bainistíochta a fhorbairt. Ghlac 10 nduine, ar an iomlán, páirt sa chlár seo.

- Líonra Mhná Fiontraíochta Laoise

  Lean an OFÁ le Líonra Mhná Fiontraíochta Laoise a éascú agus cuireadh 6 chruinniú líonra ar bun i rith na bliana.

Dámhachtainí Fiontraíochta na Mac Léinn

Is iad Dámhachtainí Fiontraíochta na Mac Léinn an comórtas fiontraíochta is mó do mhic léinn in Éirinn. Cabhraíonn sé le mic léinn scileanna fíor-shaoil a fhoghlaim a bhaineann le gnólacht a reáchtáil, ina measc oibriú mar chuid d'fhoireann, táirgeadh agus airgeadas a bhainistiú, feachtas díolachán agus margaíochta a eagrú agus idirchaidreamh díreach a dhéanamh le custaiméirí, moltóirí agus leis na meáin. Ghlac an OFÁ páirt ghníomhach sa tionscnamh seo a chur chun cinn agus ghlac 7 scoil páirt i gClár 2015, ina raibh breis agus 290 mac léinn.

Ceardlann um Chur chun Cinn na Fiontraíochta

Ghlac an OFÁ páirt ghníomhach i bhfiontraíocht a chur chun cinn i measc bunscoileanna trí na Ceardlanna um Chur chun Cinn na Fiontraíochta. Is é aidhm na gceardlann a thaispeáint conas is féidir leis na rudaí féin a fhoghlaimíonn tú ar scoil gach lá agus do chumas bunúsach féin fiontraí rathúil a dhéanamh díot. Ghlac 468 dalta ó Rang a Sé ó 20 bunscoil páirt sa chlár seo a thug léargas do dhaltaí ar an méid atá i gceist le bheith fiontraíoch.

Cur chun Cinn

I rith na tréimhse, lean an OFÁ le tabhairt faoi réimse gníomhaíochtaí um chur chun cinn a bhí in ainm is fiontraíocht laistigh den chontae a chur chun cinn. Sholáthair an OFÁ réimse faisnéise ar na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnólachtaí beaga tríd an láithreán gréasáin, na meáin shóisialta, fógraíocht áitiúil agus cor poist.

Meantóireacht

Tá Clár an Mheantóra in ainm is eolas, scileanna, léargais agus cumas fiontraíochta lucht taithíoch gnó a sholáthar d'úinéirí/bhainisteoirí gnólachtaí beaga óna dteastaíonn comhairle agus treoir phraiticiúil agus straitéiseach duine ar dhuine. Rinneadh meantóireacht duine ar dhuine ar 68 cliant in 2015.

Clinicí Gnó

Cuireadh 27 clinic gnó ar bun i limistéir na Meán Sóisialta, na Pleanála Gnó agus na Margaíochta i gcaitheamh na bliana agus cuireadh comhairle gnó duine ar dhuine ar 99 cliant, ar an iomlán.

Micreamhaoiniú Éireann (Microfinance Ireland)

Faoi chomhpháirtíocht idir Micreamhaoiniú Éireann agus na hOifigí Fiontair Áitiúil, tá iasachtaí gnó ar fáil tríd an Oifig Fiontair Áitiúil. Rinne 7 ngnólacht iarratas ar chistiú faoin gclár seo in 2015, agus faomhadh dhá cheann. Sannadh 7 meantóir de chuid Mhicreamhaoiniú Éireann.

An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn

Fuarthas 73 iarratas i Laois faoin tionscnamh seo, arbh é an dara líon b'airde sa tír. Ghabh triúr buaiteoirí sa Chontae – An Smaoineamh is Fearr, Michael Casey (MAC Devleopments); An Gnólacht Nuathionscanta is Fearr, Noel Walsh (Walsh Agri) agus An Gnólacht Bunaithe is Fearr, Stephen Dowling (Dunmasc Ge-netics), ar aghaidh chuig an Craobhchomórtas Réigiúnach i Samhain.

Dearbháin Trádála ar Líne

Chun tacú le gnólachtaí beaga chun feabhas a chur ar a láithreacht trádála ar líne, tá fáil ar Dhearbháin Trádála ar Line ar luach €2,500 (a fhad le 50% den chostas iomlán, ar a mhéid) ag Gnólachtaí i Laois trí chlár faoi Straitéis Náisiúnta Dhigiteach an Rialtais agus soláthraítear iad trí na hOifigí Fiontair Áitiúil. Faoin tionscnamh seo, fuarthas 32 iarratas, ina measc an méid a leanas:

- 7 ndiúltú
- 25 faomhadh ar luach €45,580 ag a bhfuil an cumas chun 35 post lánaimseartha agus 34 post páirtaimseartha a chruthú
- D'fhreastail 43 gnólacht ar Thaispeántais seisiúin faisnéise

Taispeántais

Rinne an OFÁ taispeántas ag na himeachtaí a leanas i rith na bliana:

- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, ón 22 go dtí an 24 Meán Fómhair 2015.Rinne 16 chliant de chuid an OFÁ taispeántas i Láthair 'Oscailte le haghaidh Gnó' Laoise; rinne 2 chliant den OFÁ taispeántas san Aonach Fiontair Áitiúil.

- Móraonach Gnó Mhaighean Rátha i gcomhar le Banc na hÉireann

Deontais Tacaíochta Forbartha Gnó

Féadfaidh an OFÁ cúnamh airgeadais a chur ar fáil do chliaint cháilitheacha i dtreo an mhéid a leanas:

- Oiliúint Theicniúil
- Bogearraí a Cheannach
- Deimhniú um Dhearbhú Cáilíochta
- Aonaigh Thrádála
- Ríomhghnó

Faomhadh 23 Deontas Tacaíochta Forbartha Gnó in 2015, ina measc an méid a leanas:

SAGHAS AN DEONTAIS	LÍON NA NGNÓLACHTAÍ	MÉID €
Deontais Aonach Trádála	12	15,794
Deontais Dearaidh Láithreán Gréasáin	8	9,160
Deontais Mhargaíochta	1	692
Oiliúint Theicniúil	2	737
IOMLÁN	23	26,383

Táscairí Feidhmíochta 2014

Forbairt Gheilleagrach

Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil	33

An Rannóg Pleanála

Is é cuspóir foriomlán na Rannóige Pleanála forálacha na nAchtanna um Pleanáil a chur chun feidhme agus bearta tacaíochta cuí a sholáthar chun folláine fhisiciúil, shóisialta agus gheilleagrach an chontae a chur chun cinn ar mhaithe le caighdeáin mhaireachtála a chosaint agus a ardú agus ar mhaithe le deiseanna oibre a chothú agus a chruthú, ag féachaint do phrionsabail na hinbhuanaitheachta.

Is féidir an Rannóg Pleanála a bhriseadh síos ina 5 limistéar ar leith:

(i) Bainistíocht Forbartha
(ii) Pleanáil Chun Cinn
(iii) Forfheidhmiú Pleanála
(iv) Rialú Foirgníochta
(v) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

(i) Bainistíocht Forbartha

B'ionann líon na n-iarratas pleanála a fuarthas in 2015 agus 563. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go raibh 120 de na hiarratais iomlána a fuarthas neamhbhailí agus ba ghá don iarratasóir iarratas nua a sheoladh ar aghaidh. Ba iad na príomhchúiseanna a bhí le neamhbhailíochtú comhaid phleanála go raibh fógraí poiblí as dáta, nó nár cuireadh in airde iad ar an láithreán, d'éag ceadanna roimhe, fágadh ainm an ghníomhaire ar lár ó léarscáileanna/líníochtaí, níor taispeánadh aon phointe thuaidh ar léarscáileanna agus níor taispeánadh faid ar leagan amach láithreáin.

Tugtar sa tábla a leanas miondealú ar iarratais bhailí phleanála a fuarthas agus cinntí a rinneadh i rith 2015:

- Líon na n-iarratas bailí a fuarthas: 444
- Líon na gcinntí a rinneadh: 391
- Líon na n-iarratas a deonaíodh: 367
- Líon na n-iarratas a diúltaíodh: 24

Feidhmíocht 2015

- Iarratais neamhbhailí a seoladh ar ais chuig an iarratasóir: 21.3%
- Atreoruithe chuig Oifigí Ceantair (Iaethanta oibre): 14
- Rinneadh achomharc i leith 12 iarratas leis an mBord Pleanála in 2015.

Tionscnaimh Sheirbhíse do Chustaiméirí

Sa bhliain 2015, leanadh ar aghaidh le hiarratais phleanála a scanadh de réir mar a fuair an tÚdarás Pleanála iad. Le linn na bliana 2015, bhí an pobal in ann rochtain ar líne a fháil ar gach iarratas pleanála laistigh de dhá sheachtain ó iad a bheith faighte ag an Údarás Pleanála.

Tionóladh 374 cruinniú réamhphleanála in 2015, áit a raibh deis ag daoine den phobal ábhair phleanála a phlé le pleanálaí roimh dóibh iarratas pleanála a chur isteach. D'fhreastail na Pleanálaithe ar an bpobal freisin trí roinnt cruinnithe réamhphleanála a thionól ar an láthair.

D'eisigh Comhairle Contae Laoise 64 cinn de Dheimhnithe Alt 5 sa bhliain 2015.

Leanann an-tóir le bheith ar láithreán Gréasáin na Rannóige Pleanála agus tugadh 20,885 cuairt ann ar an láithreán anuraidh.

(ii) Pleanáil Chun Cinn

Comhlíonann Pleanáil Chun Cinn ról ríthábhachtach maidir le forbairt fhisiciúil, gheilleagrach agus shóisialta Chontae Laoise. Tugtar i bPlean Forbartha Contae Laoise 2011- 2017 an creat straitéiseach agus an comhthéacs beartais trína ndéanann an tÚdarás Áitiúil a chinntí pleanála. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae an 9 Deireadh 2015, agus bhí cruinnithe comhairliúcháin phoiblí ar siúl i bPort Laoise, Cúil an tSúdaire, Ráth Domhnaigh agus Cill Uisean ar ar fhreastail thart ar 120 duine. Próiseas dhá bhliain atá san athbhreithniú seo a chuirfear i gcrích in 2017.

Caomhnú

Sa bhliain 2015, próiseáladh 5 cinn san iomlán de Dhearbhuithe Alt 57 i ndáil le hoibreacha ar Dhéanmhais Chosanta i láithreacha éagsúla ar fud Chontae Laoise.

Cúnamh Deontais do Dhéanmhais Chosanta

Cheadaigh ciste "Struchtúir i mBaol" ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in 2015 cistiú a dhéanamh ar oibreacha práinneacha caomhnaithe ag dhá struchtúr chosanta faoi úinéireacht phríobháideach i Laois. Fógraíodh scéim chistithe don bhliain 2016 agus fógrófar leithdháileadh cistí d'úinéirí ar dhéanmhais chosanta i lár Eanáir. Déanann an Oifig Oidhreachta bainistiú ar na scéimeanna seo.

Forbairt Chuid VIII

Deonaíodh cead Chuid VIII d'uasghrádú a dhéanamh ar acomhail éagsúla i bPort Laoise i rith 2015.

Tréigean

Lean an Chomhairle lena cuid cumhachtaí a fheidhmiú faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 trí dhíriú ar an maoin sin atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe. Trí oibriú le húinéirí na maoine seo, táthar ag déileáil leis na saincheisteanna gan réiteach agus baintear an mhaoin sin nach meastar go bhfuil siad 'tréigthe' a thuilleadh ó Chlár na Láithreán Tréigthe.

An Sainmhíniú ar Láithreán Tréigthe

Tugtar an sainmhíniú a leanas san Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 ar Láithreán Tréigthe;

"Aon talamh a bhaineann, nó ar dóigh dó baint, go feadh méid ábhartha, ó thaitneamhacht, ó shainghné nó ó dhealramh na talún i gceist-

a) mar gheall ar dhéanmhais atá ina bhfothraigh, tréigthe nó contúirteach a bheith ar an talamh i gceist, nó
b) mar gheall ar an talamh nó aon déanmhais ar an talamh i gceist a bheith ligthe i bhfaillí, mímhaiseach nó gráiniúil, nó
c) mar gheall ar aon bhruscar, truflais, smionagar nó dramhaíl a bheith ann nó a bheith caite nó carntha ar an talamh i gceist, ach amháin i gcás an bruscar, an truflais, an smionagar nó an dramhaíl sin a bheith ann, a bheith caite nó carntha de dhroim fheidhmiú cirt a thugtar le reacht nó leis an dlí coiteann

- Líon Iomlán na gComhad a osclaíodh sa bhliain 2015: 26
- Líon Iomlán na gComhad a dúnadh mar gheall gur réitíodh an Tréigean in 2015: 15
- Líon Iomlán na gComhad: 116

(iii) Forfheidhmiú Pleanála

De réir cheanglais reachtúla na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2013 arna leasú, féachann an tÚdarás Pleanála le comhlíonadh ceadanna pleanála a áirithiú agus le forbairt neamhúdaraithe a chosc freisin.

Lean an fhoireann Forfheidhmithe de bheith ag oibriú in 2015 chun a chinntiú go ndéanfaí imscrúdú ar aon sárú ar an dlí pleanála agus go ndéanfaí beart leantach ina leith. D'fhreastail Foireann na Comhairle ar an gCúirt 29 uair in 2015 i dtaca le hionchúisimh forfheidhmithe agus cé go bhfuil roinnt cásanna ar bun go fóill, réitíodh 10 gcás go rathúil i rith 2015.

Sheirbheáil an tÚdarás Pleanála 15 fhógra forfheidhmithe agus 70 litir rabhaidh agus rinne sé imscrúdú ar 101 gearán, rud a léiríonn an dóigh ghníomhach a dtéann an Rannóg Forfheidhmithe i ngleic le neamh-chomhlíonadh agus le forbairt neamhúdaraithe.

Imeachtaí Allamuigh a Cheadúnú

Is é an sainmhíniú a thugtar ar imeacht allamuigh ná taibhiú poiblí atá ar siúl go hiomlán nó go formhór amuigh faoin aer nó i ndéanmhas nach bhfuil díon air nó a bhfuil díon páirteach, sealadach nó inardaithe air, i bpuball nó i ndéanmhas sealadach dá shamhail agus is éard atá ann ceol, rince, taispeántais siamsaíochta poiblí nó aon ghníomhaíocht dá samhail. Ceanglaítear ar eagraithe imeachtaí den sórt sin ceadúnas a fháil ón Údarás Pleanála i gcásanna ina mbeidh 5,000 duine nó níos mó i láthair ag an imeacht.

Imeacht allamuigh den sórt sin is ea "an Phicnic Leictreach", rud atá ar siúl ar an Sráidbhaile gach bliain ó 2004 i leith.

(iv) Rialú Foirgníochta

Déileálann an Rannóg Rialú Foirgníochta le gach fógra tosach feidhme a fhaightear agus tugann sí faoi chigireachtaí ar na foirgnimh chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na Rialacháin éagsúla um Rialú Foirgníochta.

- Líon na bhfógraí tosach feidhme bailí a fuarthas: 100
- Líon na bhfógraí tosach feidhme i leith Athrú Úsáide/Athruithe/Athchóirithe/Sínte: 21
- Líon na bhFógraí Foirgnimh Thalmhaíochta: 14 (Líon na bhfoirgneamh tráchtála atá cumhdaithe = 17)
- Líon na bhfoirgneamh atá cumhdaithe le fógraí tosach feidhme bailí: = 107 (ar áiteanna cónaithe "aonuaire" iad 58 díobh)
- Foirgnimh nua a Imscrúdaíodh: 20
- Líon na bhfoirgneamh ar a ndearnadh cigireacht mar % de na foirgnimh atá cumhdaithe ag fógraí bailí Tosach Feidhme: 13.8%

(v) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Tá freagracht ar Chomhairle Contae Laoise as eastáit a ghlacadh faoina cúram. In 2015, glacadh 10 n-eastát i gcúram atá liostaithe thíos. Tharla seo go traidisiúnta nuair a fuarthas iarratas ó fhorbróir an eastáit agus/nó ó úinéirí na dtithe laistigh den eastát. Le blianta beaga anuas, áfach, tá idirghabháil déanta ag Comhairle Contae Laoise i gcásanna inar theip ar an bhforbróir an t-eastát a chríochnú, agus cistítear an obair seo, sa chás gur féidir, ón mbanna. Leanfaidh an beartas seo ina dtéitear sa tóir ar an bhforbróir agus ar shealbhóir an bhanna in 2016.

Glacadh na heastáit a leanas i gcúram in 2015:

1. Baile Cholla, Móinteach Mílic
2. Ascaill Aughnaharna
3. Siúlán na Mianadóirí, Crochta Ard
4. Halla Clarney, Ráth Domhnaigh
5. Crann Nua, Cúil an tSúdaire
6. Mainéar Rochfort
7. Rockview, Port Laoise

8. Mainéar Ashton
9. Monaclear,
10. Sráidbhaile Haywood

Déanann an Rannóg Pleanála iarracht idirchaidreamh a dhéanamh le cónaitheoirí eastát neamhchríochnaithe chun iad a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoi dhul chun cinn a n-eastát.

Táscairí Feidhmíochta 2014

Foirgnimh Nua a Imscrúdaíodh

Foirgnimh Nua a imscrúdaíodh mar chéatadán d'fhoirgnimh nua ar cuireadh an t-údarás áitiúil ar an eolas orthu	15.79%

Líon/% na gcinntí pleanála a dheimhnigh an Bord Pleanála

Líon na gcinntí pleanála údaráis áitiúil a bhí faoi réir achomhairc leis an mBord Pleanála ar a ndearna an Bord cinneadh orthu ar dháta ar bith le bliain anuas	7
% na gcinntí ag A a rinneadh leis an gcinneadh a rinne an t-údarás áitiúil a dheimhniú cé acu le hathrú nó gan athrú	85.71%

Forfheidhmiú a Chur i bhFeidhm

Líon iomlán na gcásanna pleanála (seachas gearáin) ar thagair an t-údarás áitiúil dóibh nó ar thosaigh sé iad a imscrúdaíodh	101
Líon iomlán na gcásanna pleanála a bhí á n-imscrúdú	218
Líon iomlán na gcásanna a dúnadh	98
% na gcásanna a dúnadh a réitíodh chun sásaimh an údaráis áitiúil trí idirbheartaíochtaí	2.04%
% na gcásanna dúnta a dúnadh i ngeall ar imeachtaí forfheidhmithe	37.76%

Costas per capita na seirbhíse pleanála

Sonraí chlár D sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) roinnte faoi dhaonra cheantar an údaráis áitiúil de réir dhaonáireamh 2011	€21.25

Ceann Airgeadais: Gerry Murphy

Cuntasóir Airgeadais/ Bainistíochta: Julie Bergin

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

Mótarchánachas, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim (Rátaí, Uisce, Táillí Dóiteáin, Ranníocaíochtaí Forbartha), an Muirear i leith Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha, Iniúchadh Inmheánach, Ullmhú Buiséad agus Ráiteas Airgeadais Bliantúil, Bainistíocht Airgeadais agus na gnóthaí coimhdeacha uile.

Rátaí Tráchtála

Ba é €64.63 an Ráta Bliantúil Ginearálta ar Luacháil.

Muirir Uisce agus Fuíolluisce

Sa bhliain 2015, bhí 2,970 úsáideoir tráchtála san iomlán ann, agus méadar ag 2,841 duine díobh sin. Ba é an muirear a gearradh ar uisce méadraithe in 2015 ná €0.96 in aghaidh gach 1,000 lítear. I gcás fuíolluisce, gearradh €1.45 in aghaidh gach 1,000 lítear. Gearradh muirear seasta ar na 129 custaiméir eile. Ina theannta sin, gearradh muirear seasta €60 in aghaidh na bliana i leith chíos an mhéadair.

Foráladh leis an Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 d'Uisce Éireann a bhunú mar fhochuideachta neamhspleách de chuid Ervia. Tá an tÚdarás Áitiúil ina Ghníomhaire d'Uisce Éireann anois maidir le muirir uisce tráchtála.

Íoc Pras Cuntas

Comhlíonann an Chomhairle téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála).

Líon iomlán na n-íocaíochtaí déanacha os cionn €250:
Ceann ar bith

Táscairí Feidhmíochta 2014

Achoimre 5 bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim

2010	€-519,500
2011	€-499,962
2012	€-494,535
2013	€-493,027
2014	€-393,286

Achoimre 5 bliana ar an % de leibhéil bhailithe le haghaidh foinsí móra ioncaim

Na figiúirí % aonair le haghaidh na nithe a leanas: (a) Rátaí, (b) Cíos agus Blianachtaí agus (c) Iasachtaí Tithíochta 2010, 2011, 2012, 2013 agus 2014

	2010,	2011,	2012,	2013,	2014
Rátaí,	81%	77%	74%	70%	69%
Cíos agus Blianachtaí	93%	94%	94%	94%	95%
Iasachtaí Tithíochta	86%	81%	76%	67%	62%

Nuashonrú ar 'Mo Thuarastal' (MyPay)

Seo a leanas na staitisticí ar an tionscadal a fhad le deireadh na Nollag:

The following are the statistics on the project up to the end of December:

Luach na nÍocaíochtaí	€359.6m
Líon na nÍocaíochtaí	448,495
Líon na nGrúpa Pá a Íocadh	1865
Líon na gCúrsaí Párolla	825

Tionóladh cruinniú tosaigh Chéim 5 an 10 Nollaig 2015, agus ionadaithe i láthair ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Shligigh agus Dhún na nGall agus ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Chorcaí. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal i bhfeidhm i Maigh Eo go déanach i mí Feabhra 2016. Tá obair faoi lán seoil chun na láithreáin eile Chéim 5 a chuimsiú faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2016.

Tá tús curtha leis an ngné Aoisliúntais den tionscadal agus tá an mhapáil próisis "don scéal mar atá" críochnaithe anois. Cuireadh ceardlanna ar siúl i roinnt Údaráis Áitiúla ar na riachtanais mhapála próisis agus sonraí "don scéal mar a bheidh". Cuireadh tús le clár píolótach den tseirbhís i gComhairle Contae Laoise i Samhain 2015. Tabharfaidh Comhairle Contae Cheatharlach agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil faoin gclár píolótach go luath in 2016. Ar feitheamh triail rathúil a bhaint as an tseirbhís, tabharfar isteach í i measc na n-údarás áitiúil eile ar bhonn céime, macasamhail an phárolla.

Mótarchánachas

Trí Chóras an Chomhaid Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe, leanann an Rannóg seo ar aghaidh le freastal ar gach idirbheart mótarchánachais sa Chontae, seirbhís a mbaineann an pobal an-leas aisti thar an gcuntar, tríd an bpost agus ar líne. Leanann méadú ag teacht ar líon na n-idirbheart bliain i ndiaidh bliana agus is ionann anois iad agus 47% den ghnó foriomlán faoinar tugadh i Mótarcháin. Rinne Oifig Mótarchánachais Laoise 53,910 idirbheart san iomlán sa bhliain 2015.

Rátaí CO2

Is de réir bandaí CO2 nó de réir thoilleadh ciúbach an innill, cibé acu is ísle, a chinntear Mótarcháin d'fheithiclí arna gclárú tar éis an 1 Iúil 2008. Tá cánacha sa raon idir €120 in aghaidh na bliana do na feithiclí is glaise agus €2,350 in aghaidh na bliana do na feithiclí a bhfuil na rátálacha astaíochta is airde acu. Dá mhéad astaíocht CO2 a thagann as an bhfeithicil, is amhlaidh is airde an ráta mótarchánach a ghearrfar ar an bhfeithicil sin.

Ceadúnais Feithicle

B'ionann na fáltais iomlána a fuarthas sa bhliain 2015 agus €9,425,695, i gcomparáid le €10,456,834 in 2014. B'ionann líon na gceadúnas feithicle (dioscaí) a eisíodh in 2015 agus 43,940, i gcomparáid le 46,749 in 2014.

Ón 1 Deireadh Fómhair 2013 i leith, cuireadh deireadh leis na socruithe reatha, trína bhféadfadh duine a dhearbhú i Stáisiún an Gharda Síochána nach bhfuil feithicil in úsáid ar an mbóthar. Mura bhfuil feithicil le húsáid in áit phoiblí, ní mór dearbhú a dhéanamh sula ndéanfar an fheithicil, agus í fós faoi cháin, a bhaint den bhóthar. Is féidir feithicil a dhearbhú a bheith den bhóthar ar feadh tréimhse nach lú ná 3 mhí agus nach mó ná 12 mhí. In 2015, próiseáladh 1,967 iarratas SORD sa bhliain 2015.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir le Tástáil Feithiclí

Ó mhí Mheán Fómhair 2013 i leith, ghlac na hionaid tástála feithiclí tráchtála leis an bhfeidhm a bhaineann le Deimhnithe ar Ródacmhainneacht a eisiúint i gcomhair feithiclí tráchtála/earraí. Gheobhaidh custaiméirí pasráiteas ag an ngaráiste agus seolfar Deimhniú ar Ródacmhainneacht de stíl nua chucu sa phost. Cuirtear sonraí maidir le Deimhnithe ar Ródacmhainneacht go huathoibríoch le córas NDVF. Cuirtear sonraí maidir le Deimhnithe ar Ródacmhainneacht go huathoibríoch le córas NDVF.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir le Clárú Feithiclí

Tá an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna ceaptha ag na Coimisinéirí Ioncaim chun feidhmeanna clárú feithiclí a chomhlíonadh thar a gceann. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís ar 1890 927 787 nó ar líne ag www.nct.ie/vrt.

An Tástáil Náisiúnta Carranna

Tá feithiclí príobháideacha á dtástáil ó mhí Eanáir 2000 i leith. Tá Ionad Laoise Ionnaithe in Ionad Gnó Lismard, Bóthar Thigh Mochua, Port Laoise. Déantar an chéad tástáil ar fheithicil tar éis 4 bliana agus déantar tástáil uirthi arís gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Is iad carranna seanré an t-aon chineál feithicle atá díolmhaithe ón tástáil seo.

Táscairí Feidhmíochta amhail an 31 Nollaig 2014

An céatadán d'Idirbhearta Mótarchánach a rinneadh ar líne

An céatadán d'idirbhearta mótarchánach ar déileáladh leo ar líne (i.e. próiseáiltear an t-idirbheart agus eisítear an diosca cánach)	42.74%

Táscairí Feidhmíochta amhail an 31 Nollaig 2015

An céatadán Idirbhearta Mótarachánach:

Ar déileáladh leo thar an gcuntar:

49.46% (48,594) d'Idirbhearta OMC Laoise

Ar déileáladh leo sa phost:

3.64% (3,568) d'Idirbhearta OMC Laoise

Ar déileáladh leo ar líne:

46.90% (46,085) Arb ionann sin agus 47% de líon iomlán na n-iarratas cánach.

Meánlíon na n-uaireanta Oscailte Poiblí sa tseachtain 28.7 uair

Líon na nIarratas ar Cheadúnas Feithicle a Fuarthas sa Phost/céatadán de líon iomlán na n-iarratas poist ar déileáladh leo:

a)	ar an lá céanna	98.82% (3,526)
b)	ar an 2ra nó an 3ú lá	0.56% (20)
c)	ar an 4ú nó an 5ú lá	-
d)	tar éis 5 lá	0.62% (22)

Bailiú Ioncaim

Iasachtaí Tithíochta		31.12.2015	31.12.2014
a)	An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid a bhí dlite	64%	62%
b)	Céatadán na riaráistí:		
	(i) Níos lú ná 1 mhí	1%	0.65%
	(ii) 1-2 Mhí	1%	1.58%
	(iii) 2-3 Mhí ó shin	1%	1.68%
	(iv) Os cionn 3 mhí ó shin	97%	96.08%

Cíosanna			
a)	An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán de na méideanna a bhí dlite	96%	95%
b)	Céatadán na riaráistí		
	(i) Níos lú ná ceithre seachtaine	10%	11.5%
	(ii) 4-6 seachtaine	11%	11.0%
	(iii) 6-12 sheachtain	16%	14.9%
	(iv) os cionn 12 sheachtain	63%	62.6%

Rátaí Tráchtála		
An méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid a bhí dlite	75%	69%

Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2015

Cuntas Ioncaim	Ollchaiteachas 2015 €	Ioncam 2015 €	Glanchaiteachas 2015 €
Grúpa Cláir			
Tithíocht agus Foirgníocht	10,752,694	12,394,165	(1,641,471)
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	13,158,809	8,853,445	4,305,364
Uisce agus Séarachas	4,694,592	4,636,089	58,503
Dreasachtaí agus Rialúcháin Forbartha	4,703,682	1,919,565	2,784,117
Cosaint an Chomhshaoil	6,704,704	1,830,717	4,873,987
Áineas agus Taitneamhacht	3,782,086	840,461	2,941,625
Talamhíocht, Oideachas, Sláinte agus Sábháilteacht	1,148,649	656,430	492,219
Ilghnéiteach	8,786,488	4,641,462	4,145,026
Caiteachas/Ioncam Iomlán	53,731,704	35,772,333	

Glanchostas na gclár a chisteofar ó Rátaí agus ón gCiste Rialtais Áitiúil	17,959,371
Rátaí	12,513,139
Tobhach Pinsin	967,698
An Ciste Rialtais Áitiúil – Deontas Ilchuspóireach	7,631,324
Barrachas don bhliain roimh Aistrithe	3,152,791
Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí	(3,057,368)
Barrachas Foriomlán don Bhliain	95,423
Cúlchiste Ginearálta amhail an 1 Eanáir 2014	(393,286)
Cúlchiste Ginearálta amhail an 31 Nollaig 2015	(297,863)

An Cuntas Caipitil

Iarmhéid amhail an 01.01.2015	(3,780,969)
Deontais	8,975,811
Ioncam Eile	3,280,636
Aistriú ó/chuig Ioncam	3,057,368
Caiteachas	(16,238,762)
Iarmhéid amhail an 31.12.2015	(4,705,916)

An Cumann Sóisialta

Bliain an-rathúil eile a bhí in 2015 don Chumann Sóisialta, ina bhfuil 290 ball faoi láthair. Cuireadh roinnt imeachtaí éagsúla ar siúl in 2015.

Crannchur Míosúil

Déantar crannchur do bhaill den Chumann Sóisialta ar an gcéad Aoine de gach mí.

Fulacht Samhraidh

Reáchtáladh Fulacht in Áras an Chontae an 18 Meitheamh, agus 70 duine i láthair ann.

Tráthnóna Sóisialta i mí Dheireadh Fómhair

Cuireadh Cóisir Bhréigéide Oíche Shamhna i mBeár na Cearnóige Dé hAoine, an 30 Deireadh Fómhair.

Aifreann Bliantúil

Cuireadh Aifreann do bhaill agus do bhaill foirne éagtha araon de Chomhairle Contae Laoise ar siúl i Seomra na Comhairle. Tugadh cuireadh do gach iarbhall foirne agus do gach ball foirne reatha den Chomhairle bheith i láthair. Bhí freastal an-mhaith ann ag an Aifreann agus cuireadh sólaistí ar fáil sa cheaintín ina dhiaidh.

Cóisir na Nollag do Leanaí na mBall

Reáchtáladh Cóisir na Nollag do Leanaí na mBall den Chumann Sóisialta in Óstán Heritage Dé Domhnaigh an 6 Nollaig. D'éirigh go han-gheal léi. Is iad Athair na Nollag (an Comhairleoir John King), a Lucharachán, Jecca the Clown, agus Lesley an péintéir aghaidhe a chuir siamsaíocht ar fáil do na leanaí.

Cóisir Bhliantúil na Nollag

Reáchtáladh an chóisir Dé hAoine an 11 Nollag i mbliana in Óstán Heritage. Bhí 120 ball foirne i láthair agus bhain siad an-sult as an oíche.

Baill ar Scor

Cuireadh Fochoiste le chéile ina bhfuil John Daly, Seán Mullins agus Róisín Walsh chun na baill ar scor go léir a spreagadh atá ina mbaill den Chumann Sóisialta chun páirt a ghlacadh in imeachtaí an Chumainn Shóisialta. Tá súil acu, chomh maith, le himeachtaí a eagrú neamhspleách ar an gCumann Sóisialta chun daoine nach baill iad a chur san áireamh agus is mian leo an fhoireann go léir atá ar scor a spreagadh chun teacht le chéile ar bhonn rialta.

Imeachtaí Eile

Ba iad seo a leanas roinnt de na himeachtaí eile a bhí ar siúl: Tarraingt Uibheacha Cásca na Samárach, Tarraingt na Mórfhéile Náisiúnta Rásaíochta Capall, Tarraingt agus Tóraíocht Uibheacha Cásca, Pacáistí Fóirdheonaithe chuig Zú Bhaile Átha Cliath, an Ghraí Náisiúnta/na Gairdíní Seapánacha, Oileán Fhóite agus Páirc Tayto, Ticéid Fhóirdheonaithe don Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus Bloom 2015, ticéid fhóirdheonaithe le haghaidh "Weighing In" agus "Facing the Music" in Amharclann Dhún Másc, Cúrsáil fhóirdheonaithe Moonriver, turas chuig Páirc Siamsaíochta Théama sa Bhreatain Bheag agus turas chuig Rásaíocht Con i nDroichead Nua agus an Tarraingt Deireadh Bliana.

An Cumann Gailf

Bhí Cathal Farrell ina chaptaen ar an gCumann Gailf in 2015 agus cuireadh Ócáid Bronnta Dhuais an Chaptaein ar siúl i gCumann Gailf Phort Laoise. Bhí cuid mhór daoine i láthair ar an lá agus bhuaigh Fint Scully an duais. Imríodh Corn Kennedy i mbliana i gcomhar le Trófaí Pang i gCumann Gailf Pháirc Chúil an tSúdaire. Is é Larry Dunne a bhuaigh é. Is iad Pat Far¬rell, Declan Carroll, Martin Parkinson agus Gerry Maher a bhuaigh Trófaí Pang. Bhuaigh Michael Drennan comórtas ghalfaire na bliana. Beidh Declan Carroll ar an gCaptaen in 2016.

Bímid ar lorg baill nua i gcónaí – téigh i dteagmháil le Declan Carroll, Eddie Kelly, Joan Dowling, Pat Malone nó Larry Gittens.

TEIDEAL, CUSPÓIR AGUS LÍON NA GCOMHALTAÍ DE GACH COISTE AGUS COMHCHOISTE AGUS LÍON NA GCRUINNITHE DE CHUID GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A TIONÓLADH LE LINN 2015

COISTÍ

Ainm an Choiste	Comhaltaí Tofa	Líon na gCruinnithe
An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil	An Comh. Paschal McEvoy An Comh. Jerry Lodge An Comh. John King	9
An Comhchoiste Póilíneachta	An Comh. Padraig Fleming An Comh. Paddy Bracken An Comh. Seamus McDonald An Comh. Paschal McEvoy An Comh. Catherine Fitzgerald An Comh. John Moran An Comh. John King An Comh. Tom Mulhall An Comh. David Goodwin An Comh. William Aird An Comh. James Kelly An Comh. Noel Tuohy An Comh. Caroline Dwane Stanley	4
An Fóram Oidhreachta	An Comh. Padraig Fleming An Comh. William Aird	3
An Coiste Logainmeacha	An Comh. Jerry Lodge An Comh. Catherine Fitzgerald An Comh. William Aird An Comh. Mary Sweeney An Comh. James Kelly	Ceann ar bith
An Coiste Iniúchóireachta	An Comh. John Moran An Comh. Jerry Lodge	5
Scoil Cheoil Laoise	An Comh. Mary Sweeney	1
Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil	An Comh. Catherine Fitzgerald An Comh. Paschal McEvoy An Comh. Mary Sweeney An Comh. Tom Mulhall An Comh. John King An Comh. Jerry Lodge An Comh. Paddy Bracken	1
Coiste Faireacháin Choillte Laoise	An Comh. Paddy Bracken An Comh. Seamus McDonald An Comh. William Aird	3
An Coiste Faireacháin Uisce Tuaithe	An Comh. Paschal McEvoy An Comh. Padraig Fleming An Comh. Tom Mulhall	2

An Coiste Comórtha Deich mBliana	Noel Tuohy An Comh. Aidan Mullins An Comh. John Joe Fennelly An Comh. Catherine Fitzgerald An Comh. Padraig Fleming An Comh. John King An Comh. James Kelly	9

COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA

Ainm an Choiste	**Comhaltaí Tofa**
Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	An Comh. John Joe Fennelly An Comh. Paschal McEvoy An Comh. David Goodwin
Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí	An Comh. Catherine Fitzgerald An Comh. Jerry Lodge An Comh. Paschal McEvoy An Comh. Mary Sweeney An Comh. John King An Comh. Caroline Dwane Stanley
Laois Tourism Company Ltd	An Comh. John Moran
CGB Chuideachta Chomhar-Árachais Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann Teo.	An Comh. Jerry Lodge
Laois Arts Theatre Company Ltd	An Comh. Paschal McEvoy An Comh. Jerry Lodge An Comh. Mary Sweeney
Bord Iontaobhas Oidhreachta Mhainistir Laoise	An Comh. John Joe Fennelly
Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil	An Comh. Seamus McDonald
Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre	An Comh. Catherine Fitzgerald An Comh. Paddy Bracken
Laois Partnership Company Ltd	An Comh. Catherine Fitzgerald An Comh. Aidan Mullins An Comh. William Aird
Clár um Iompar le haghaidh Comhtháthú Tuaithe Laoise	An Comh. Seamus McDonald
Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire	An Comh. Paschal McEvoy An Comh. Padraig Fleming An Comh. Tom Mulhall
Ionad Fóillíochta Phort Laoise	An Comh. Jerry Lodge An Comh. William Aird An Comh. Noel Tuohy
Ionad Fiontair Phort Laoise	An Comh. Jerry Lodge An Comh. William Aird An Comh. Mary Sweeney

Ionad Fiontair Chúil an tSúdaire	An Comh. Paschal McEvoy An Comh. Tom Mulhall
Gníomhaireacht Fuinnimh an Láir Tíre	An Comh. John Joe Fennelly
Bord Treo Nua Ltd.	An Comh. Noel Tuohy
Fóram Réigiúnach Bhaile Átha Cliath-Lár Laighean	An Comh. Padraig Fleming An Comh. William Aird An Comh. John King
Laois Advocacy Against Domestic Abuse Limited	An Comh. Catherine Fitzgerald
Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus an Láir Tíre	An Comh. Paschal McEvoy
LABEL	An Comh. Jerry Lodge

ÍOCAÍOCHTA LE COMHALTAÍ IN 2015

Liúntas Bliantúil (costais mhíosúla)	€ 86,129.48
Comhdhálacha agus Oiliúint (táillí san áireamh)	€ 57,215.20
Aisíocaíochtaí Guthán Póca	€ 968.23
Liúntas Ionadaíochta	€311,780.50
Cathaoirligh Choiste Beartais Straitéisigh	€ 24,000.00
Liúntas an Chathaoirligh (12 mhí)	€ 19,811.92
Liúntas an Leas-Chathaoirligh (12 mhí)	€ 3,962.35
Cathaoirligh Cheantair Bhardasaigh	€ 17,782.77
Tuarastail	€521,650.45

ÍOCAÍOCHTA LE COMHALTAÍ IN 2015

Liúntas Bliantúil (costais mhíosúla)	€ 86,129.48
Comhdhálacha agus Oiliúint (táillí san áireamh)	€ 57,215.20
Aisíocaíochtaí Guthán Póca	€ 968.23
Liúntas Ionadaíochta	€311,780.50
Cathaoirligh Choiste Beartais Straitéisigh	€ 24,000.00
Liúntas an Chathaoirligh (12 mhí)	€ 19,811.92
Liúntas an Leas-Chathaoirligh (12 mhí)	€ 3,962.35
Cathaoirligh Cheantair Bhardasaigh	€ 17,782.77
Tuarastail	€521,650.45

Seo a leanas sonraí faoi na comhdhálacha agus na himeachtaí oiliúna ar ar fhreastail Comhaltaí Chomhairle Contae Laoise in 2015

Comhdháil	Ionad	Dáta	Caiteachas	Toscairí
Iontaobhas Oidhreachta Cholm Cille	Gartán	An 27-28 Feabhra	7	€4,353.70
Clár Tacaíochta an AE do Réigiúin na hÉireann	Cairlinn	Ón 27 Fea go dtí an 1 Már	1	€ 525.19
Uisce, Séarachas agus Dramhaíl	Baile Átha Cliath	An 16 Aibreán	1	€ 122.68
Cúirteanna Comhshaoil, Forfheidhmiú	Corcaigh	An 19 Meitheamh	1	€ 234.45
Pleananna Áitiúla agus Eacnamaíochta Pobail	Cloich na Coillte	An 10-12 Iúil	1	€ 541.34
An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015	Cloich na Coillte	An 7-9 Lúnasa	1	€ 613.62
Athruithe ar Fhorbairt Pobail	Gaillimh	Ón 31 Iúil go dtí an 1 Lúnasa	1	€ 158.66
Treoir Phraiticiúil maidir le Buiséad 2016	Cloich na Coillte	An 23-25 Deireadh Fómhair	1	€ 317.55
James Fintan Lalor 2015	Port Laoise	Ón 31 Ean go dtí an 1 Fea	1	€ 34.82
An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015	Cairlinn	An 20-22 Samhain	3	€1,553.27
An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015	Gaillimh	An 27-28 Samhain	3	€1,130.25
An tAcht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht	Gaillimh	An 20-21 Samhain	2	€ 640.31
Plean Athnuachana an Bhaile	Gaillimh	An 11-12 Nollaig	2	€ 660.43
		Iomlán Foriomlán:		€10,886.27

Oiliúint	Ionad	Dáta	Toscairí	Caiteachas
AILG				
AILG Rialachas	An tInbhear Mór	An 21 Feabhra	10	€2,163.68
AILG 2ra Comhdháil Bhliantúil	Carraig Mhachaire Rois	An 12-13 Márta	10	€4,196.16
AILG – Modúl 2	Cill Droichid	An 14 Aibreán	7	€1,099.20
AILG – Modúl 3	Port Laoise	An 21 Bealtaine	6	€ 525.06
AILG – Modúl 4	An Longfort	An 13 Meitheamh	8	€1,682.71
AILG – Modúl 4	Ros Comáin	An 25 Meitheamh	3	€ 328.49
AILG Fómhar 2015	Cloich na Coillte	An 1-2 Deireadh Fómhair	12	€5,899.26
AILG – Modúl 5	Tulach Mhór	An 6 Deireadh Fómhair	1	€ 90.17
AILG – Modúl 6	Baile Átha Cliath	An 14 Samhain	6	€1,519.83
	Inis	An 10 Samhain	1	
	Gaillimh	An 5 Samhain	1	
LAMA				
Oiliúint Earraigh an LAMA	Tuaim	An 10-11 Aibreán	9	€4,166.32
Oiliúint Fómhair an LAMA	Cill Chainnigh	An 9-10 Deireadh Fómhair	4	€1,240.32

Irish Private & Public Bodies Consulting Ltd.

Tógáil Rialtas 2020	Loch Garman	An 7-8 Feabhra	6	€2,755.43
An Comhairleoir agus Uisce Éireann	Leitir Ceanainn	An 6-8 Márta	7	€5,068.00
Feidhmeanna Forchoimeádta agus Feidhmiúcháin	Loch Garman	An 8-10 Bealtaine	7	€2,778.06
Plean Forbartha na gComhairleoirí	Loch Garman	An 26-28 Meitheamh	5	€2,160.61
An Bille um Pleanáil agus Forbairt, 2014	Leitir Ceanainn	An 7-9 Lúnasa	3	€2,101.74
Athsmaoineamh faoin Rialtas?	Loch Garman	An 11-13 Meán Fómhair	2	€ 965.94
Foirgníocht agus Rialú (Leasú)	Leitir Ceanainn	An 23-25 Deireadh Fómhair	8	€5,007.42
Buiséid Údaráis Áitiúil	Loch Garman	An 20-22 Samhain	7	€2,469.48
CGB an IPBMI	Baile Átha Cliath	An 01 Bealtaine	1	€ 111.05
		Iomlán Foriomlán:		€46,328.93

www.laois.ie

Ríomhphost: corpaffairs@laoiscoco.ie

Áras an Chontae, Port Laoise	Guthán: (057) 8664000
Cuntais Iníoctha, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664117
An Oifig Ealaíon, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664033
Oifig an Airgid, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8674308
Ceanncheathrú Chosanta Sibhialta, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664106
An Comhshaol, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8674318
Deontais Ardoideachais, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664137
Tithíocht, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664110
Acmhainní Daonna, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664219
Láithreán Líonadh Talún, Coillte Laoise, Port Laoise	Guthán: (057) 8620653
Ceanncheathrú na Leabharlainne, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664041
An Oifig Mótarchánach, Bloc 2, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8674385
Pleanáil, Bloc 1, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664032
Clár na dToghthóirí, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664105
Bóithre, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8674352
Spórt agus Fóillíocht, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8674363
Seirbhísí Uisce, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8674355